Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15018/25**

**ENV 1171**
**CLIMA 509**

PUBLIC

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 668 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 668 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 668 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 6.11.2025
COM(2025) 668 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, 2025**

{SWD(2025) 347 final}

## Ábhar

1. Gníomhaíocht ar son na haeráide: dul chun cinn agus dúshláin ............ 4

1.1 Tionchair an athraithe aeráide agus astaíochtaí gás ceaptha teasa: treochtaí a bhí ann le déanaí ............ 4

1.2 I dtreo na gcuspóirí aeráide ............ 9

1.3 Dul chun cinn maidir le beartais agus reachtaíocht aeráide ............ 13

1.4 Dul chun cinn sna Ballstáit ............ 15

1.5 Tuairimí an phobail maidir leis an athrú aeráide ............ 21

2. Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais ............ 22

2.1 Caidhp maidir le hastaíochtaí faoi CTA AE ............ 22

2.2 Treochtaí astaíochtaí ............ 23

2.3 Ioncam ceantála ............ 24

2.4 Eitlíocht ............ 25

2.5 Iompar muirí ............ 26

2.6 Foirgnimh, iompar agus tionscal beag ............ 27

3. Comhroinnt díchill maidir le hastaíochtaí ............ 28

3.1 Spriocanna maidir le comhroinnt díchill ............ 29

3.2 Dul chun cinn i dtreo spriocanna maidir le comhroinnt díchill ............ 30

3.3 Treochtaí astaíochta de réir an chineáil gáis ............ 32

3.4 Iompar de bhóthar ............ 34

4. Earnáil úsáide talún ............ 38

4.1 Sprioc ÚTAÚTF ............ 39

4.2 Measúnú ar an dul chun cinn ............ 40

4.3 Gníomhaíocht chun dlús a chur le faireachán talún ............ 41

4.4 Tionscnaimh ghaolmhara atá ábhartha don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht ............ 42

4.5 Dreasachtaí le haghaidh aistrithe carbóin agus cleachtais inbhuanaithe ............ 42

5. Bainistiú carbóin thionsclaíoch ............ 43

6. Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide ............ 45

6.1 Guaiseacha aeráide agus caillteanais eacnamaíocha ............ 45

6.2 Gníomhaíocht an Aontais chun borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ............ 48

PUBLIC

6.3 Dul chun cinn sna Ballstáit maidir le beartais agus reachtaíocht maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide ...... 49
6.4 Gníomhaíocht réigiúnach agus áitiúil ........................................................ 52
7. Infheistíochtaí sa ghníomhú ar son na haeráide ............................................... 53
7.1 Riachtanais infheistíochta........................................................................ 53
7.2 Infheistíocht ón earnáil phríobháideach a shlógadh ....................................... 56
7.3 Cistiú ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ............................................. 59
7.4 Caiteachas aeráide i mbuiséad an Aontais ................................................... 62
8. Gníomhú idirnáisiúnta ar son na haeráide ..................................................... 68
8.1 Multilateral engagement .......................................................................... 68
8.2 Rannpháirtíocht iltaobhach........................................................................ 71
8.3 Maoiniú don aeráid agus comhar idirnáisiúnta................................................ 73

PUBLIC

PUBLIC

**Cén fáth a bhfuil an tuarascáil seo á foilsiú againn?**

Déanann an Coimisiún Eorpach faireachán agus measúnú ar an dul chun cinn maidir le spriocanna aeráide a bhaint amach, mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais. Faoi Airteagail 29(1) agus 29(5) den Rialachán maidir le Rialachas, ní mór dó measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn go bliantúil faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, ag tosú ó 2021. Is í an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide an measúnú sin.

PUBLIC

# 1. Gníomhaíocht ar son na haeráide: dul chun cinn agus dúshláin

**Príomh-bhuaicphointí**

- In 2024, bhí an Eoraip thíos arís le tionchar tubaisteach an athraithe aeráide, agus teochtaí agus teagmhais adhaimsire nach bhfacthas a leithéid riamh ann, rud a rinne difear do na mílte beatha agus don gheilleagar agus a chuir i dtábhacht an gá atá le gníomhú ar son na haeráide.
- Rinne an tAontas dul chun cinn trí ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 2,5 % ó 2023.
- Ciallaíonn sé sin go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc 2030 maidir le laghdú 55 % a bhaint amach i gcomparáid le leibhéil 1990 ar choinníoll go gcuirfidh an tAontas agus na Ballstáit na bearta beartais atá ann cheana agus na bearta beartais atá beartaithe chun feidhme ina n-iomláine.
- Tá dlús á chur ag an Aontas agus ag na Ballstáit freisin lena n-iarrachtaí maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide.
- Leanann muintir na hEorpa d’ábhair imní faoin athrú aeráide a chur in iúl, le tacaíocht láidir leanúnach do spriocanna agus beartais aeráide an Aontais.
- Lean astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda de bheith ag méadú in 2024, agus shroich siad 53,2 billiún tona de choibhéis CO2.

## 1.1 Tionchair an athraithe aeráide agus astaíochtaí gás ceaptha teasa: treochtaí a bhí ann le déanaí

Ba í 2024 an bhliain ba theo ar fud an domhain agus an chéad bhliain inar sháraigh an mheánteocht 1.5 C os cionn an leibhéil réamhthionsclaíoch [1]. Tá an Eoraip fós ar an mór-roinn is mó téamh agus bhí codarsnacht shoiléir thoir-thiar i bpatrúin aimsire le sonrú in 2024. Bhí Oirthear na hEorpa te den chuid is mó, agus go leor de na teochtaí ab airde riamh ann, agus bhí na teochtaí in iarthar na hEorpa níos athraithí, agus roinnt míonna níos fuaire nó gar don mheán ann.

De réir mar a ghéaraigh an t-athrú aeráide, tháinig borradh faoi theagmhais adhaimsire in 2024 a raibh tionchair thromchúiseacha fhorleathana acu [2]. Bhí oirdheisceart na hEorpa thíos leis an tonn teasa is faide a taifeadadh riamh. Rinne falscaithe difear do bhreis agus 40 000 duine. I mí Iúil, dódh thart ar 110 $km^2$ in oirthear Attica, an Ghréig, agus i mí Meán Fómhair, bhris roinnt falscaithe móra amach sa Phortaingéil laistigh de thréimhse ghearr. Bhí líon tinte os cionn an mheáin sa Bhulgáir agus sa Rómáin le linn

[1] An Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, State of the Global Climate 2024, 2025. https://wmo.int/publication-series/state-of-global-climate-2024

[2] Clár Copernicus: an tseirbhís um an athrú aeráide (C3S) agus an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, 2025: European State of the Climate 2024 [Staid na hAeráide san Eoraip 2024]. https://climate.copernicus.eu/esotc/2024

PUBLIC

an tsamhraidh. Bhí sé ar cheann de na deich mbliana is fliche in iarthar na hEorpa ó 1950. Bhí tionchar ag stoirmeacha agus tuilte ar bhreis agus 400 000 duine, rud a d'fhág go bhfuair 335 duine ar a laghad bás. Bhí roinnt stoirmeacha i mí na Bealtaine ina gcúis le tuilte forleathana in oirthear na Fraince, in iarthar na Gearmáine, sa Bheilg agus san Ísiltír. I mí Mheán Fómhair, scuab stoirm Boris trí lár agus oirthear na hEorpa, agus ba í an bháisteach ba mhó riamh in oirdheisceart na Spáinne ba chúis le tuilte tubaisteacha i mí Dheireadh Fómhair, rud ba chúis le básanna iomadúla agus caillteanais eacnamaíocha thromchúiseacha. Leanann oighearshruthanna ar fud na hEorpa de bheith ag leá, agus iad siúd sna hAlpa i measc na gcinn is mó atá ag laghdú ar domhan.

Léiríonn na himeachtaí agus na réamh-mheastacháin sin an géarghá atá le gníomhaíocht leanúnach, uaillmhianach agus chomhordaithe ar son na haeráide chun rioscaí a laghdú, daoine agus an geilleagar a chosaint, agus athléimneacht a chothú in aghaidh thionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide.

Mura ndéanfar bearta láidre maolaithe agus oiriúnúcháin, meastar go mbeidh níos mó básanna a bhaineann le teocht san Eoraip mar thoradh ar an athrú aeráide, go háirithe sa Mheánmhuir agus in oirthear na hEorpa [3]. Meastar freisin go nochtfar sciartha níos mó den daonra d'aeráid fhoircneach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo le linn a saolré mar gheall ar theochtaí domhanda atá ag ardú [4].

### Treochtaí astaíochtaí san Aontas

Léirítear le sonraí sealadacha le haghaidh 2024 gur **tháinig laghdú 2,5 %** ar ghlanastaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa san Aontas, lena n-áirítear astaíochtaí idirnáisiúnta muirí agus eitlíochta faoi raon feidhme sprice an Aontais, **i gcomparáid le 2023** .Leanann astaíochtaí ar aghaidh ar an gconair anuas a breathnaíodh tar éis an laghdaithe eisceachtúil a baineadh amach in 2023. Bhí astaíochtaí 37,2 % níos ísle ná mar a bhí in 1990 (nó 39 % nuair nach gcuirtear ach glanastaíochtaí intíre san áireamh), agus bhí OTI 71 % níos airde, rud a chiallaíonn go leanann an fás eacnamaíoch de bheith ag díchúpláil ó astaíochtaí [5].

---

[3] Masselot et al., 'Estimating future-related mortality and cold-related mortality under climate change, demographic and adaptation cases in 854 European city' *Nature Medicine*, 2025, https://doi.org/10.1038/s41591-024-03452-2

[4] Grant et al., Global emergence of unprecedented lifetime exposure to climate extremes, *Nature*, 2025, https://doi.org/10.1038/s41586-025-08907-1

[5] Is cosúil go bhfuil an figiúr don athrú foriomlán ar astaíochtaí i gcoibhneas le bunlíne 1990 le haghaidh astaíochtaí 2024 sa tuarascáil seo an-chosúil leis an bhfigiúr i dtuarascáil na bliana seo caite ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide, cé gur tháinig laghdú 2,5 % ar astaíochtaí idir 2023 agus 2024. Is é is cúis leis sin go príomha athbhreithniú 2025 ar shonraí fhardal GCT an Aontais, lenar laghdaíodh bunlíne na nglanastaíochtaí 1990 (faoi thart ar 15 MtCO2-eq) agus an méadú ar ghlanastaíochtaí le blianta beaga anuas (suas le 60 MtCO2-eq) i gcomparáid le fardal GCT 2024 a úsáidtear i dtuarascáil 2024 ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is é is cúis leis sin den chuid is mó coigeartuithe móra ar shonraí stairiúla ÚTAÚTF i bhfardal GCT 2025 (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an bosca maidir le hathbhreithnithe 2025 ar fhardail GCT i gcaibidil 3 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo). Tabhair faoi deara, dá n-úsáidfí fardal GCT 2024 mar bhonn (i.e. maidir le tuarascáil na bliana seo caite ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide), go mbeadh glanlaghdú iomlán ar astaíochtaí mar thoradh ar an laghdú idir 2023 agus 2024 faoi raon feidhme sprice 38,5 % an Aontais i gcoibhneas le 1990.

**Fíor 1: Glanastaíochtaí GCT an Aontais (2018-2024)**




*Tabhair faoi deara: Tá na figiúirí sin bunaithe ar an bhfardal astaíochtaí GCT is déanaí lena n-áirítear neasluachanna le haghaidh 2024, mar a thuairiscigh Ballstáit an Aontais. Déanann an Coimisiún Eorpach meastachán ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta agus muirí idirnáisiúnta, mar a rialaítear i ndlí an Aontais (féach Caibidil 2 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo).*

Baineadh amach an laghdú ba mhó ar astaíochtaí in **earnáil an fhuinnimh**, mar a tharla laghdú 8,6 % ar astaíochtaí (coibhéiseach le 66 MtCO2-eq) i gcomparáid le 2023 (Fíor 2). Príomhfhachtóir sa laghdú sin ba ea **earnáil na cumhachta**, inar tháinig laghdú 10,7 % ar astaíochtaí ó tháirgeadh leictreachais i gcomparáid le leibhéil 2023 [6]. Is é is cúis leis sin den chuid is mó méadú 8 % ar leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite agus méadú 5 % ar an gcumhacht núicléach, mar aon le laghdú 8 % ar ghás agus laghdú 12 % ar ghual. Laistigh d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, tháinig fás as cuimse 19 % ar an ngrianfhuinneamh, agus tháinig méadú 12 % ar hidreachumhacht [7]. Tháinig méadú níos measartha ar an gcumhacht ghaothghinte faoi thart ar 2 %. Ar an iomlán, tháinig méadú 2 % ar tháirgeadh leictreachais in 2024.

Ar an iomlán, d'fhan iomlán na n-**astaíochtaí tionsclaíocha** in 2024 cobhsaí den chuid is mó i gcomparáid le 2023. Tá dhá phríomhfhoinse astaíochtaí ag an earnáil thionsclaíoch: astaíochtaí dóchain breosla le haghaidh teas, gal agus cumhacht ar an láthair; agus astaíochtaí próisis thionsclaíoch nach mbaineann le fuinneamh (e.g.,

[6] Bunaithe ar astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa in CTA AE (sonraí arna mbaint as clárlann an Aontais an 30 Meán Fómhair 2025). Tá údar le 2 % den laghdú sin freisin mar gheall ar neamhréireachtaí sonraí a dhéanann difear don deighilt idir an chumhacht agus na hastaíochtaí tionsclaíocha, seachas mar gheall ar threochtaí sa mhargadh. Féach Tuarascáil 2025 ar an Margadh Carbóin chun mionsonraí a fháil.

[7] Bunaithe ar thacar sonraí Eurostat 'Net electricity generation by type of fuel - monthly data', [nrg_cb_pem] ['Glanghiniúint leictreachais de réir an chineáil breosla - sonraí míosúla',].

cailcíniú clincir stroighne, táirgeadh aoil, agus monarú miotail nó ceimiceán). Cé gur tháinig méadú beag 0,4 % ar astaíochtaí dócháin breosla, tháinig laghdú 0,5 % ar astaíochtaí próisis nach mbaineann le fuinneamh. Léiríonn sé sin an t-idirghníomhú idir treochtaí earnálacha bliantúla, treochtaí aschuir thionsclaíoch (laghdú 2,6 % i gcomparáid le 2023 [8]) agus gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh. Tríd is tríd, bhí na hastaíochtaí ó thionscail dianfhuinnimh seasta, cé go raibh éagsúlachtaí ann idir earnálacha. Mar shampla, tháinig méadú 8,2 % ar astaíochtaí ón bpróiseas tionsclaíoch in earnáil na gceimiceán ach tháinig laghdú 2,5 % ar astaíochtaí in earnáil na mianraí, lena n-áirítear stroighin, rud a léiríonn athruithe ar mhéideanna táirgeachta den chuid is mó.

PUBLIC

Rannchuidigh earnáil **na talmhaíochta** freisin leis an laghdú foriomlán ar astaíochtaí in 2024, rud a léiríonn laghdú 1,2 % (thart ar 4 MtCO2-eq) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus d'fhan astaíochtaí ó **fhoirgníocht** agus ó **dhramhaíl** gan athrú den chuid is mó. I gcodarsnacht leis sin, lean astaíochtaí ón earnáil **iompair** de bheith ag méadú, agus tháinig méadú 0,7 % ar iompar intíre agus méadú 3 % ar iompar muirí agus eitlíochta idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, is é an t-iompar an fhoinse astaíochtaí earnála is mó san Eoraip anois.

**Fíor 2: Athrú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais in 2024 de réir earnála**




*Nótaí: (1) Tagraíonn earnáil an fhuinnimh do tháirgeadh leictreachais agus teasa agus scagadh peitriliam (1.A.1 cód fardail GCT). Áirítear leis freisin astaíochtaí indíreacha $CO_2$, astaíochtaí ó earnálacha eile (1.A.5 cód fardail GCT), agus astaíochtaí éalaitheacha (1.B cód fardail GCT) (2) Áirítear san earnáil tionsclaíochta dóchán breosla sa mhonaraíocht agus san fhoirgníocht (1.A.2) agus astaíochtaí i bpróisis thionsclaíocha agus in úsáid táirgí. (3) Le foirgnimh, áirítear astaíochtaí ó úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe agus threasacha, agus úsáid fuinnimh in earnálacha na talmhaíochta agus an iascaigh (cód fardail GCT 1.A.4).*

[8] Bunaithe ar thacar sonraí Eurostat 'Production in industry - annual data' [sts_inpr_a] [Táirgeacht san earnáil tionsclaíochta - sonraí bliantúla].

In 2024, bhain **Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais** (CTA AE) laghdú breise ar astaíochtaí ó shuiteálacha cumhachta agus tionscail amach, le laghdú 5,8 % i gcomparáid le leibhéil 2023. Fágann sé sin go bhfuil na hastaíochtaí sin thart ar 50 % faoi bhun leibhéil 2005. Tháinig méadú thart ar 15 % ar astaíochtaí **eitlíochta** a chumhdaítear le CTA AE i gcomparáid le 2023, cé gur raon feidhme geografach níos mó ba chúis le thart ar leath den mhéadú sin [9].

In **earnálacha na comhroinnte díchill**, d'fhan astaíochtaí ar leibhéal comhchosúil i gcomparáid le 2023. Léirítear le sonraí sealadacha 2024 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe GCT ón earnáil Úsáide Talún, Athraithe ar Úsáid Talún agus Foraoiseachta (**ÚTAÚTF**) méadú 7 % ar ghlanlinnte carbóin (nó 15 $MtCO_2$-eq) i gcomparáid le 2023, cé go bhfuil neas-sonraí fós faoi réir athbhreithnithe.

PUBLIC

## Treochtaí domhanda

De réir thuarascáil EDGAR 2025 ón gCoimisiún, **lean astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda de bheith ag méadú in 2024**, agus shroich siad 53.2 billiún tona de choibhéis CO2 (Fíor 3). Tá sé sin 1,3 % níos airde ná mar a bhí in 2023 agus 4,7 % níos airde ná mar a bhí in 2019, roimh an bpaindéim.

In 2024, ba í earnáil na cumhachta ba mhó a spreag astaíochtaí domhanda (+ 1,5 %, nó 235 MtCO2-eq), mar gheall ar éileamh níos airde ar fhuarú, méadú ar thomhaltas fuinnimh sa tionscal, an t-aistriú chuig iompar leictreach agus fás lárionad sonraí [10]. Ba é an dara foinse is mó astaíochtaí níos airde ná le haghaidh dóchán breosla sa tionscal (+ 2,1 %, nó 131 MtCO2-eq) agus ansin le haghaidh iompair (+ 1,2 %, nó 99 MtCO2-eq).

[9] Eitiltí nach eitiltí intíre iad chuig aerfoirt sna réigiúin is forimeallaí agus uathu a atháireamh.
[10] IEA (2025), Global Energy Review 2025.

**Fíor 3: Astaíochtaí GCT domhanda (1990-2024)**




PUBLIC

Tá meastacháin GCT **EDGAR éagsúil** leis na hastaíochtaí GCT a tuairiscítear go hoifigiúil (i.e. fardail GCT arna gcur faoi bhráid UNFCC ag na páirtithe) ar chúiseanna éagsúla:

- Foinse na sonraí;
- An mhodheolaíocht mheastacháin.

Tabhair faoi deara nár cheart ach na sonraí a thuairiscítear go hoifigiúil a cuireadh faoi bhráid UNFCCC a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn aeráide an Aontais.

Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil, féach anailís chomparáideach ar fhardail astaíochtaí GCT EDGAR agus UNFCCC.

**Tábla 1: Athrú bliantúil ar astaíochtaí domhanda (%, 2023-2024)**

| Tír | Astaíochtaí GCT athrú % (2023-2024) |
|---|---|
| EU-27 | -1,8 % |
| an tSín | +0,8 % |
| na Stáit Aontaithe | +0,4 % |
| an India | +3,9 % |
| an Rúis | +2,5 % |
| an Indinéis | +5,0 % |
| an Bhrasaíl | +0,2 % |
| an tSeapáin | -2,8 % |
| *An chuid eile den domhan* | *+1,8 %* |
| Iomlán domhanda | +1.3 % |

Is iad seo a leanas na hastaírí is mó, mar atá an tSín le 29 % d'astaíochtaí domhanda, na Stáit Aontaithe (11 %), an India (8 %), an tAontas (6 %), an Rúis (5 %) agus an Indinéis, an Bhrasaíl agus an tSeapáin (2 % ar fad). I dteannta a chéile, tháirg siad 66 % d'astaíochtaí domhanda in 2024.

I measc na n-astaírí sin, níor laghdaigh ach an tAontas agus an tSeapáin a n-astaíochtaí GCT agus tháinig an fás is tapúla ar astaíochtaí san Indinéis agus san India. Tháinig méadú freisin ar na hastaíochtaí a tháirgtear sa tSín agus sna Stáit Aontaithe ach ar luas níos moille ná mar a táirgeadh le blianta beaga anuas (Tábla 1).

## 1.2 I dtreo na gcuspóirí aeráide

Mar a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith **aeráidneodrach faoi 2050**. Ciallaíonn sé sin, faoin am sin, nach gcuirfidh an tAontas aon ghás ceaptha teasa breise san atmaisféar toisc go laghdófar astaíochtaí go nialas nó go ndéanfar iad a chothromú le haistrithe.

Chun an méid sin a bhaint amach, tá sprioc idirmheánach leagtha síos ag an Aontas chun a astaíochtaí a laghdú faoi 2030 agus tá sprioc eile molta ag an gCoimisiún do 2040 a bheidh le cumhdach sa Dlí Aeráide. Ceanglaítear leis an sprioc do 2030 glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána san Aontas a laghdú **55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030** .Mhol an Coimisiún Eorpach sprioc do 2040 arb é is aidhm di glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú **90 % faoi 2040** (féach Fíor 4). Tá an togra seo á mheas ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi láthair (tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta an 5 Samhain 2025).

Trí phríomhbheartas a chinntíonn go mbainfidh an tAontas a sprioc amach maidir le hastaíochtaí a laghdú 55 % faoi 2030:

- Is é is aidhm do **Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA)** astaíochtaí a laghdú **62 %** i gcomparáid le leibhéil 2005 (féach Caibidil 2).
- Leagtar síos sprioc sa **Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)** de laghdú **40 %** i gcomparáid le leibhéil 2005 (féach Caibidil 3).

- **Leis an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (ÚTAÚTF)**, déantar foráil maidir le glanaistriú breise talamhbhunaithe de 42 MtCO2-eq i gcomparáid leis an meán 2016-2018. Mar sin féin, leagtar síos leis an Dlí Aeráide Eorpach rannchuidiú uasta 225 MtCO2-eq le sprioc 2030 uile-gheilleagair an Aontais le haghaidh aistrithe talamhbhunaithe (féach Caibidil 4).

Tacaíonn beartais eile freisin leis an aeráidneodracht agus le spriocanna idirmheánacha:

- Is é is aidhm don **chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair (CTA2)** astaíochtaí a laghdú 42 % i gcomparáid le leibhéil 2005 (féach Caibidil 2), in éineacht le beartais eile.
- Beartais chun astaíochtaí **hidreafluaracarbón (HFCanna)** a laghdú thart ar 95 % i gcomparáid le leibhéil 2015 (féach Caibidil 3).
- **An sprioc maidir le hacmhainneacht insteallta agus stórála CO2** de 50 milliún tona ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2030 (féach Caibidil 5).

**Fíor 4: Príomhspriocanna aeráide an Aontais**




PUBLIC

**Fíor 5: Spriocanna 2030 an Aontais**




PUBLIC

## I dtreo sprioc 2030 an Aontais

Ar an iomlán, **tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030 a bhaint amach**. Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ón mBallstát ó mhí an Mhárta 2025 bearna gar do 1 phointe céatadáin do sprioc an Aontais, i gcomhréir leis an measúnú a rinneadh le déanaí ar phleananna náisiúnta aeráide agus fuinnimh.

**Chun sprioc an Aontais a bhaint amach, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit beartais agus bearta atá ann faoi láthair agus beartais agus bearta breise araon a chur chun feidhme ina n-iomláine.**

Na réamh-mheastacháin atá bunaithe ar bheartais agus ar bhearta atá ann cheana, agus orthu sin amháin, tá siad fós gann thart ar 8 bpointe céatadáin ón sprioc. Léiríonn eachtarshuíomh na treochta le 5 bliana anuas go dtí 2030 bearna 6 phointe céatadáin. Gan ach 5 bliana fágtha go dtí an sprioc eatramhach maidir le haeráidneodracht, cuirtear i dtábhacht sna torthaí sin an ríthábhacht a bhaineann le dlúthfhaireachán, gníomhaíocht mharthanach agus infheistíocht leordhóthanach don Aontas chun sprioc 2030 a bhaint amach (Fíor 6).

**Fíor 6: Laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí idir 1990–2030 agus bearna sa sprioc faoi na príomhbheartais**



PUBLIC

*Nótaí: (1) Tá bearnaí sa sprioc bunaithe ar an méid seo a leanas: i) réamh-mheastacháin GCT 2025 na mBallstát, 'le bearta atá ann cheana' agus cásanna 'le bearta atá ann cheana agus le bearta breise'; agus, ii) eachtarshuíomh líneach na treochta breathnaithe 5 bliana roimhe sin. (2) Áirítear le sprioc-raon feidhme 2030 an Aontais glanaistrithe ÚTAÚTF agus astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta agus muirí idirnáisiúnta a rialaítear faoi Dhlí an Aontais. Áirítear na hastaíochtaí sin in astaíochtaí réamh-mheasta CTA AE. (3) I gcás ÚTAÚTF, tagraíonn an bhearna anseo don rannchuidiú uasta de 225 MtCO2-eq de ghlan-aistrithe dá bhforáiltear sa Dlí Aeráide Eorpach. Taispeánann treocht agus bearta breise linn níos airde ná bearta atá ann cheana. (4) Cuirtear bearnaí sa spriocanna beartais i láthair mar raon luachanna réamh-mheasta bunaithe ar réamh-mheastacháin GCT agus ar threochtaí líneacha araon.*

Tá difríochtaí ann idir earnálacha agus beartais. Ós rud é go bhfuil an rannchuidiú ó linn ÚTAÚTF teoranta do 225 MtCO2-eq leis an Dlí Aeráide Eorpach [11], mínítear an bhearna réamh-mheasta do sprioc 2030 an Aontais go príomha leis na dúshláin agus an easpa uaillmhéine maidir le hastaíochtaí a laghdú sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, e.g. iompar intíre, foirgnimh, talmhaíocht agus dramhaíl. Tá an bhearna réamh-mheasta idir 2 agus 9 bpointe céatadáin, agus tionchar na mbeartas agus na mbeart atá ann cheana agus na mbeartas agus na mbeart breise á gcur san áireamh, faoi seach. Tá cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe ríthábhachtach ós rud é go léireofaí le heachtarshuíomh na treochta breathnaithe le 5 bliana anuas go bhfuil bearna níos airde fós ann i gcás an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (12 phointe céatadáin). Is dúshlán mór eile iad na hastaíochtaí eitlíochta agus muirí idirnáisiúnta a chumhdaítear faoi CTA AE, ós rud é go bhfuil astaíochtaí ó na hearnálacha sin ag méadú agus go bhfuil sé deacair iad a laghdú (féach Caibidil 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre chun tuilleadh sonraí a fháil).

## I dtreo aeráidneodracht agus athléimneacht an Aontais

An 15 Márta 2025, thuairiscigh Ballstáit an Aontais a ndul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA) [12].

[11] Airteagal 4 den Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán (AE) 2021/1119).
[12] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an measúnú ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a ghabhann le Tuarascáil 2025 ar Staid an Aontais Fuinnimh.

PUBLIC

**Tá méadú ag teacht ar líon na dtíortha san Aontas atá tiomanta aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 nó níos luaithe** [13]. Tá spriocanna náisiúnta leagtha síos nó tugtha cothrom le dáta ag na Ballstáit freisin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2050 [14]. Nuair a dhéantar na spriocanna náisiúnta sin a chomhiomlánú le haghaidh an Aontais ina iomláine [15], tá siad 6 phointe céatadáin níos lú ná an sprioc maidir le glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a socraíodh do 2050.

I mí na Nollag 2023, mhol an Coimisiún Eorpach do 10 mBallstát a mbearta a choigeartú chun iad a dhéanamh níos comhsheasmhaí leis an gcuspóir aeráidneodrachta. Eisíonn an Coimisiún moltaí den sórt sin má tá bearta an Bhallstáit ar neamhréir leis an gcuspóir aeráidneodrachta.

Tugadh ugach go príomha sna moltaí do na Ballstáit dlús a chur leis an ngníomhaíocht maidir le maolú ar an athrú aeráide agus a mbeartais a ailíniú leis an gcuspóir aeráidneodrachta. Leagadh béim ar earnálacha sonracha amhail iompar, talmhaíocht agus úsáid talún (ÚTAÚTF) le haghaidh feabhsuithe i dtíortha áirithe. Ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn PNFA ina dhiaidh sin, thug na Ballstáit uile fógra don Choimisiún faoin gcaoi ar bhreithnigh siad na moltaí sin. Thug roinnt Ballstát bearta nua isteach, ag díriú go háirithe ar fhuinneamh in-athnuaite; rinne Ballstáit eile cur síos ar réimse pleananna agus straitéisí. Thug roinnt Ballstát dá n-aire go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh acu ar a straitéisí fadtéarmacha chun ailíniú le cuspóirí an Aontais (tuilleadh sonraí i gCaibidil 3 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo).

Chomh maith leis na moltaí a bhaineann le haeráidneodracht, d'eisigh an Coimisiún moltaí do 26 Bhallstát maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide laistigh den phacáiste céanna. Cuimsíonn siad sin raon iomlán ghnéithe an bheartais oiriúnúcháin, ó reachtaíocht, measúnuithe riosca agus leochaileachta, agus úsáid réiteach dúlrabhunaithe, go comhordú beartais, cistiú agus trédhearcacht.

Ina dhiaidh sin, dheimhnigh formhór na mBallstát go dtabharfaidh siad aghaidh ar na dúshláin sin mar chuid dá n-iarrachtaí leanúnacha chun a n-athléimneacht agus a bpleanáil agus a gcur chun feidhme beartais oiriúnúcháin a uasghrádú. Nuashonraigh go leor acu a measúnuithe riosca in 2023-2025 agus tá measúnuithe téamacha agus earnálacha ullmhaithe ag líon níos mó acu. Mar sin féin, tá gá le creataí faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta níos fearr ar gach leibhéal chun gur féidir measúnú níos cruinne a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na mbeartas

---

[13] Thuairiscigh an Bhulgáir, an Chipir, Málta, an Ísiltír agus an Rómáin go foirmiúil, den chéad uair, spriocbhliain chun aeráidneodracht a bhaint amach. Shocraigh an Rómáin sprioc luath de 2045.

[14] Mar a thuairiscítear faoi Iarscríbhinn I, Tábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 an 15 Samhain 2022. Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an Measúnú ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a ghabhann le Tuarascáil 2025 ar Staid an Aontais Fuinnimh.

[15] I gcás ina raibh siad ar fáil, cuireadh spriocanna náisiúnta GCT a chuir na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin roimhe seo in ionad luachanna thuarascáil PNFA atá ar iarraidh (e.g. le haghaidh thuarascáil PNFA 2023 nó straitéisí fadtéarmacha náisiúnta).

athléimneachta agus oiriúnúcháin agus ar a gcur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát (féach Caibidil 11 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo).

PUBLIC

## 1.3 Dul chun cinn maidir le beartais agus reachtaíocht aeráide

Le glacadh an **Dlí Aeráide Eorpaigh** in 2021, bhí cuspóir an Aontais maidir le glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050 ceangailteach ó thaobh dlí de, mar aon le sprioc 2030 an Aontais chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990. Ceanglaítear leis an dlí freisin ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a dhéanamh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht a neartú, agus leochaileacht a laghdú.

Díríodh in 2024 agus 2025 ar **ghníomhaíocht chun sprioc 2030 a bhaint amach** ar leibhéal na mBallstát, ar **sprioc uile-Aontais a leagan síos do 2040** mar an chéad chéim eile ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta agus ar an dícharbónú a áirithiú mar **spreagadh cumhachtach d'Eoraip níos iomaíche** agus **níos athléimní**.

I mí Iúil 2025, ghlac an Coimisiún togra chun an Rialachán maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach a leasú chun **sprioc 2040** a leagan síos chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an Aontais a laghdú 90 % faoi 2040 ó leibhéil 1990, lena n-áirítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as roinnt creidmheasanna idirnáisiúnta. Tabharfaidh an sprioc sin níos mó intuarthachta do dhaoine, do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí chun pleanáil chun cinn. Tá an togra á phlé anois ag na comhreachtóirí. I mí na Samhna 2025, tháinig na hairí ag an gComhairle Comhshaoil ar chomhaontú maidir le sprioc idirmheánach 2040 atá ceangailteach ó thaobh dlí de 90 %, le sprioc intíre 85 % agus suas le 5 % de chreidmheasanna carbóin idirnáisiúnta.

Cuireadh tús leis an obair ar **chreat comhtháite nua le haghaidh athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide**, agus eisíodh glao poiblí ar fhianaise ag deireadh mhí Iúil 2025. Rinneadh dul chun cinn ar chur chun feidhme Straitéis an Aontais um an oiriúnú, lena léirítear torthaí an chéad Mheasúnaithe Eorpaigh ar Rioscaí Aeráide, agus Teachtaireacht 2024 maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú, le tacaíocht ó shonraí agus uirlisí ón ardán um an oiriúnú aeráide ADAPT agus ón bhfaireachlann Eorpach aeráide agus sláinte.

I mí Eanáir 2025, leag an Coimisiún amach **compás iomaíochais** inar leag sé béim ar an gcaoi a raibh sé beartaithe aige tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar iomaíoch athléimneach dícharbónaithe. Dá réir sin, i mí Feabhra 2025, thíolaic an Coimisiún an **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, treochlár comhpháirteach maidir le hiomaíochas agus dícharbónú agus plean gnó claochlaitheach chun tacú le tionscal an Aontais. Is é is aidhm dó dlús a chur le próiseas an dícharbónaithe, agus todhchaí na monaraíochta san Eoraip á cinntiú ag an am céanna. Díríonn an Comhaontú go príomha ar dhá earnáil a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile: tionscail dianfhuinnimh agus teicneolaíocht ghlan. Ceann de na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích cheana is ea Creat Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a foilsíodh i mí an Mheithimh 2025. Gné thábhachtach den Chomhaontú maidir le

PUBLIC

Tionsclaíocht Ghlan is ea an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, ina bhfuil bearta sonracha chun costais fuinnimh san Aontas a laghdú. Beidh tionchar nach beag ag an tionscnamh seo ar iomaíochas tionsclaíoch agus ar an gcostas maireachtála araon. Ina theannta sin, treisíonn **Aontas na Scileanna** a seoladh i mí an Mhárta spriocanna an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan trí fhorbairt agus infheistíocht i scileanna a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár i gcomhthéacs an aistrithe ghlain.

Lean an Coimisiún den **reachtaíocht cur chun feidhme** a eascraíonn as an athbhreithniú ar reachtaíocht aeráide an Aontais a ullmhú mar chuid den**phacáiste 'Oiriúnach do 55'**.

Áirítear leis sin gníomhartha chun an méid seo a leanas a chur chun feidhme:

- an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill;
- an rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF);
- an rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna;
- CTA AE (lena n-áirítear na rialacha athbhreithnithe don eitlíocht) agus chun an scéim a leathnú chun an earnáil mhuirí a chumhdach, rud a fhágann gurb é an tAontas an chéad dlínse ar fud an domhain chun praghas carbóin sainráite a chur ar astaíochtaí ón earnáil mhuirí;
- CTA 2 le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar; agus
- Ciste Aeráide Sóisialta.

**Tháinig rialacháin nua maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus substaintí ídithe ózóin** i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024. Tá bearta nua curtha i bhfeidhm acu lena gcuirfear deireadh le 500 MtCO2-eq breise d'astaíochtaí faoi 2050 i gcomparáid le bearta a glacadh roimhe seo maidir leis na ceimiceáin sin. In 2025, ghlac an Coimisiún Eorpach reachtaíocht thánaisteach chun rialacha nua maidir leis na substaintí sin a chur chun feidhme, rialacha atá níos uaillmhianaí fós ná na gealltanais a tugadh faoi Phrótacal Montréal.

Mar chuid dá chlár oibre simplithe níos leithne, i mí na Bealtaine 2025 chuir an Coimisiún Eorpach togra síos chun an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe a shimpliú, i measc nithe eile. Leis an togra, laghdófar an t-ualach riaracháin ar allmhaireoirí agus ar onnmhaireoirí trí na ceanglais chlárúcháin a theorannú d'allmhaireoirí táirgí agus trealaimh ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe os cionn tairseacha bliantúla áirithe agus do na honnmhaireoirí sin a onnmhairíonn trealamh do-aistrithe ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe réasúnta ardtéimh [16].

[16] De ghnáth, chumhdófaí an dara ceann le toirmeasc onnmhairiúcháin, a gcuirtear díolúine ón toirmeasc sin i bhfeidhm ina leith.

PUBLIC

An 1 Aibreán 2025, mar chuid de phlean gníomhaíochta tionsclaíoch an Choimisiúin d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa agus tar éis an idirphlé straitéisigh maidir le todhchaí an tionscail mótarfheithiclí, mhol an Coimisiún leasú a dhéanamh ar an rialachán lena leagtar síos **caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna nua.** Leis an leasú sin, tugtar solúbthacht bhreise aonuaire isteach maidir leis na spriocanna CO2 a bhaint amach in 2025-2027, agus leibhéal foriomlán uaillmhéine na spriocanna á choinneáil ag an am céanna. I mí an Mheithimh, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an leasú agus foilsíodh é.

## 1.4 Dul chun cinn sna Ballstáit

### Pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide

Is doiciméid straitéiseacha 10 mbliana iad **pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna)** ina leagann na Ballstáit amach spriocanna, rannchuidithe agus beartais náisiúnta agus na bearta is gá chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. I mí na Bealtaine 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún a mheasúnú uile-Aontais ar PNFAnna, tar éis a nuashonruithe chun spriocanna 2030 a chur san áireamh. Bhí doiciméad inmheánach oibre ag gabháil leis an measúnú ina raibh measúnú aonair ar na chéad 23 phlean a tíolacadh. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an Coimisiún a mheasúnú ar na PNFAnna deiridh ón Eastóin agus ón tSlóvaic i mí Dheireadh Fómhair 2025. Thíolaic an Bheilg a PNFA críochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus is í an Pholainn an Ballstát deireanach nár thíolaic a plean go fóill.

Léirítear sa mheasúnú ar na pleananna go bhfágfadh a gcur chun feidhme iomlán go mbeadh an tAontas gar dá chuspóirí a bhaint amach, rud a léiríonn go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030 a bhaint amach maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990. Ar an iomlán, moltar do na Ballstáit bearta breise a chur chun feidhme in earnáil an iompair agus in earnáil na foirgníochta chun spriocanna an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach, agus leanúint de dhlús a chur le gníomhaíocht maidir le hastaíochtaí ón eitlíocht agus ón earnáil mhuirí a laghdú, agus aistrithe a mhéadú, nó astaíochtaí a laghdú, san earnáil ÚTAÚTF. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun aistriú cóir a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta. Is minic nach mbíonn straitéisí cuimsitheacha sna pleananna chun maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh le haghaidh na n-infheistíochtaí is gá. Maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ní chumhdaítear go leordhóthanach ach le roinnt pleananna ullmhacht agus athléimneacht i leith tionchair aeráide. Áirítear i roinnt pleananna bearta maidir le hathléimneacht uisce (féach Caibidil 6).

### An Seimeastar Eorpach

I mí an Mheithimh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a phacáiste earraigh faoin **Seimeastar Eorpach**, ina bhfuil tuarascálacha tíre agus moltaí do gach Ballstát. D'iarr an Coimisiún ar thíortha tacú le príomh-mhargaí le haghaidh táirgí dícharbónaithe glana agus pleananna a chur i bhfeidhm le haghaidh bonneagar glan-nialasach, go háirithe i

réimsí amhail eangacha fuinnimh, gabháil agus stóráil carbóin, agus hidrigin. Leagtar béim ann freisin ar a phráinní atá sé an earnáil tionsclaíochta agus an iompair a dhícharbónú agus é a dhéanamh níos glaine, agus dlús a chur le gníomhaíochtaí chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise. Tá bainistiú uisce, mar chuid d'oiriúnú don athrú aeráide, fós ina phríomhthosaíocht ag go leor Ballstát. Déantar achoimre i dTábla 2 ar na moltaí do gach tír.

PUBLIC

**Tábla 2: Moltaí tírshonracha ó Sheimeastar Eorpach 2025 de réir Ballstáit**

| Ballstát | Moltaí tírshonracha | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Foinsí in-athnuaite fuinnimh, eangacha fuinnimh | Breoslaí iontaise | Éifeachtúlacht fuinnimh | Iompar | Tionsclaíocht, teicneolaíocht ghlan | Oiriúnú agus uisce | Talmhaíocht | Eile |
| an Bheilg | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| an Bhulgáir | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| an tSeicia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| an Danmhairg | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ | ✓ |
| an Ghearmáin | ✓ | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| an Eastóin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Éire | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| an Ghréig | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| an Spáinn | ✓ | | | | | ✓ | | ✓ |
| an Fhrainc | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| an Chróit | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| an Iodáil | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | ✓ |
| an Chipir | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| an Laitvia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| an Liotuáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Lucsamburg | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| an Ungáir | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | ✓ |
| Málta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| an Ísiltír | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| an Ostair | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| an Pholainn | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ |
| an Phortaingéil | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| an Rómáin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | ✓ |
| an tSlóivéin | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| an tSlóvaic | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| an Fhionlainn | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | |
| an tSualainn | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |

PUBLIC

*Tabhair faoi deara: Cuimsítear i gcatagóir Eile tacaíocht éigeandála, ciorclaíocht agus dramhaíl, tacaíocht do réigiúin ghuail, tacaíocht shóisialta, scileanna glasa, cánachas agus pleanáil straitéiseach.*

## Tacaíocht theicniúil

In 2024, thacaigh an Coimisiún leis na Ballstáit tríd an ionstraim um thacaíocht theicniúil, agus thug sé cúnamh ó shaineolaithe chun athchóirithe a dhearadh agus a chur i gcrích. Dhírigh tionscadail ar réitigh oiriúnaithe agus maolaithe don athrú aeráide, ar fhuinneamh in-athnuaite a cheadú níos tapúla, ar chur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, agus ar athchóiriú foirgneamh. Chuidigh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit Córas Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais a chur chun feidhme agus Pleananna Aeráide Sóisialta náisiúnta a ullmhú faoin gCiste Aeráide Sóisialta.

In 2025, leanann an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don obair ar athléimneacht acmhainní nádúrtha, ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, agus ar chórais fuinnimh a nuachóiriú. Tá an Coimisiún ag cuidiú freisin le riaracháin phoiblí a ghlasú agus a uas-sciliú, feabhas a chur ar thuairisciú inbhuanaitheachta gnó agus gabháil, úsáid agus stóráil carbóin a chur chun cinn. Cumhdaítear leis an tacaíocht freisin cur chun feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta agus Dhlí an Aontais um Athbhunú Dúlra.

Sna bileoga eolais de réir tíre, tugtar achoimre ar thionscadail athchóirithe atá curtha i gcrích agus atá ar siúl i ngach Ballstát.

## Beartais agus bearta

Chun na cuspóirí aeráide a bhaint amach, tá gá le **fócas níos géire, ar fud an Aontais agus i mbeartais agus i mbearta náisiúnta araon**. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn na beartais sin ina n-aonar agus le chéile. In 2025, mar chuid den Tuairisciú Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide ar Dhul Chun Cinn, thuairiscigh Ballstáit an Aontais dul chun cinn ar níos mó ná 3.5 míle beartas agus beart aonair ar fud na gcúig ghné den Aontas Fuinnimh [17]. Is méadú 16 % é sin i gcomparáid le 2023, an bhliain tuairiscithe dheireanach. Tháinig méadú ar líon na mbeart tuairiscithe i bhformhór na dtíortha. Thuairiscigh an Ostair, an Bhulgáir, an Ungáir agus an Liotuáin na méaduithe is airde. I gcásanna áirithe, is é glacadh beart nua idir an dá bhliain tuairiscithe is cúis leis sin, ach d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh freisin ar leasuithe, nó ar athruithe ar dhearadh, ar bhearta atá ann cheana (Fíor 7). Os a choinne sin, thuairiscigh Málta, an Spáinn agus an Danmhairg líon mór níos ísle beart, i gcomparáid le 2023. Mar sin féin, ní gá gur táscaire maith é líon na mbeartas agus na mbeart aonair ar uaillmhian na mBallstát san am a chuaigh thart, san am i láthair agus amach anseo. Is í an Bheilg an t-aon tír nach bhfuil aighneacht déanta aici faoin tráth a dréachtaíodh an tuarascáil seo. I gcás an Bhallstáit sin, úsáidtear faisnéis líonta bearnaí sa tuarascáil ón mbliain tuairiscithe 2023.

Rinneadh thart ar aon trian de na beartais agus de na bearta uile a tuairiscíodh a chur chun feidhme nó a phleanáil as an nua ó 2023 ar aghaidh. D'fhéadfadh an líon ard sin léiriú a thabhairt ar uaillmhianta méadaithe aeráide an Aontais agus ar iarrachtaí na mBallstát a gcuspóirí aeráide agus fuinnimh do 2030 a bhaint amach [18]. Tá cuspóir dícharbónaithe ag formhór na mbeartas agus na mbeart tuairiscithe, rud a chiallaíonn go bhfuil sé d'aidhm acu astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, aistrithe carbóin a fheabhsú, nó úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú.

[17] Áirítear leis an bhfigiúr sin 241 bheartas agus bheart a thíolaic an Bheilg in 2023, an bhliain tuairiscithe roimhe sin.
[18] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an measúnú ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a ghabhann le Tuarascáil 2025 ar Staid an Aontais Fuinnimh.

**Fíor 7: Líon iomlán na mbeartas agus na mbeart aonair (gach gné), blianta tuairiscithe 2025 agus 2023**




PUBLIC

*Tabhair faoi deara: tá sonraí maidir le beartais agus bearta bunaithe ar réamhthacar sonraí de thuarascálacha 2025 ar dhul chun cinn PNFA (Iarscríbhinn IX). Mar gheall ar mhoill ar an aighneacht, tagraíonn na sonraí le haghaidh na Beilge do thuarascálacha ar dhul chun cinn PNFA 2023.*

As na bearta sin a bhaineann le dícharbónú, is in earnálacha an tsoláthair fuinnimh (23 %), an tomhaltais fuinnimh (22 %) agus an iompair (21 %) is mó atá siad, rud a léiríonn gur dúshláin agus tosaíochtaí suntasacha iad na hearnálacha sin le haghaidh gníomhaíochta (Fíor 8). Tá go leor beart ann freisin in earnálacha na talmhaíochta, na talún agus na foraoiseachta (19 %). Tá an staid éagsúil ar fud na mBallstát. Tuairiscíonn an Chipir, an Iodáil, an Bhulgáir, an Phortaingéil agus an Pholainn an sciar is airde de bheartais agus de bhearta a dhéanann difear d'earnáil an tsoláthair fuinnimh. Dírítear go sonrach ar thomhaltas fuinnimh in Éirinn agus sa Ghearmáin, agus sa Spáinn agus sa Fhrainc, dírítear níos mó ar earnáil an iompair. Thuairiscigh Ballstáit eile líon sách ard beartas agus beart d'earnáil na talmhaíochta agus na talún (e.g. an Laitvia, an Liotuáin agus an tSlóvaic).

**Fíor 8: Líon na mbeartas agus na mbeart aonair de réir na hearnála dá ndéantar difear (cuspóir dícharbónaithe)**




*Tabhair faoi deara: tá figiúirí maidir le beartais agus bearta bunaithe ar réamhthacar sonraí de thuarascálacha 2025 ar dhul chun cinn PNFA (Iarscríbhinn IX). Áirítear leo beartais agus bearta a thíolaic an Bheilg i dtuarascálacha 2023 ar dhul chun cinn PNFA.*

I dtéarmaí ionstraimí beartais, is beartais eacnamaíocha iad os cionn 34 % de na beartais agus de na bearta a bhfuil cuspóir dícharbónaithe acu (e.g. fóirdheontais, taraifí ar sholáthar leictreachais, ceantanna, táillí dramhaíola, muirir brú tráchta, etc.), agus is beartais agus bearta rialála iad 27 % díobh (e.g. ceanglais éifeachtúlachta, rialacháin maidir le foirgnimh, caighdeáin éicidhearthóireachta, nósanna imeachta cigireachta, etc.). Tá níos lú beart i gceist le pleanáil (10 %) (e.g. pleanáil uirbeach, etc.), eolasach (9 %) (e.g. lipéadú, ardú feasachta, etc.) nó cineál fioscach (7 %). Mar sin féin, tá difríochtaí móra idir na Ballstáit. Tá líon réasúnta ard beart eacnamaíoch glactha ag na tíortha Baltacha, mar shampla, agus sa Rómáin agus sa Bhulgáir, is bearta rialála iad formhór na mbeart (Fíor 9).

Ar an iomlán, tá feabhas tagtha ar iomláine na faisnéise tuairiscithe maidir le beartais agus bearta náisiúnta i gcomparáid le cleachtaí tuairiscithe roimhe seo. Is é is cúis leis an bhfeabhsú sin idirphlé méadaithe leis na Ballstáit, oiliúint do phríomhthuairisceoirí, agus iarrachtaí chun soiléireacht na dtreoirlínte agus na dtáblaí tuairiscithe araon a fheabhsú, lena n-áirítear seiceálacha rabhaidh agus earráide atá ann cheana a uasghrádú go blocálaithe san uirlis tuairiscithe (seiceálacha cáilíochta uathoibrithe san uirlis lena gceanglaítear an tsaincheist a réiteach sular féidir an sreabhadh sonraí a scaoileadh).

Mar sin féin, is léir go bhfuil gá le feabhas a chur ar chainníochtú thionchar na mbeartas agus na mbeart. Áirítear leis sin na héifeachtaí a baineadh amach agus na héifeachtaí a bhfuil coinne leo ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh maith lena gcostais agus a dtairbhí. Mar shampla, amhail in 2023, ní shonraíonn ach an cúigiú cuid de na beartais agus de na bearta a tuairiscíodh na laghduithe ar astaíochtaí a bhfuil coinne leo faoi 2030. Thairis sin, níl ach i bhfíorbheagán cásanna (an Chróit, Éire, an Pholainn, an Laitvia) comhsheasmhacht leathan idir na laghduithe astaíochtaí a bhfuil coinne leo ó

na bearta tuairiscithe agus na réamh-mheastacháin GCT (cás le bearta breise) a thíolaic na Ballstáit. Fágann an easpa sonraí sin go bhfuil sé dúshlánach measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán na mbeart a chuirtear chun feidhme, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le meastóireacht níos córasaí a dhéanamh ar éifeachtacht beartais roimh an gcur chun feidhme agus ina dhiaidh (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an measúnú ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus an Ghníomhaithe ar son hAeráide a ghabhann le Staid an Aontais Fuinnimh 2025).

**Fíor 9: Líon iomlán na mbeartas agus na mbeart de réir chineál na hionstraime beartais (gné an dícharbónaithe)**




*Tabhair faoi deara: tá sonraí maidir le beartais agus bearta bunaithe ar réamhthacar sonraí de thuarascálacha 2025 ar dhul chun cinn PNFA (Iarscríbhinn IX). Tagraíonn sonraí le haghaidh na Beilge do bheartais agus do bhearta a thuairiscítear i dtuarascálacha 2023 ar dhul chun cinn PNFA. Liostaítear na tíortha in ord sciar na mbeartas agus na mbeart atá bunaithe ar ionstraim eacnamaíoch.*

## 1.5 Tuairimí an phobail maidir leis an athrú aeráide

Chuir daoine ar fud na hEorpa in iúl gur cúis mhór imní dóibh an t-athrú aeráide agus tacaíocht fhorleathan don ghníomhú ar son na haeráide, tar éis an tsuirbhé Eorabharaiméadair is déanaí in 2025. Creideann **tromlach mór (85 %) de shaoránaigh an Aontais gur fadhb thromchúiseach é an t-athrú aeráide**, rud a léiríonn ardleibhéil feasachta agus braistint shoiléir phráinne. Tá an t-ábhar imní sin ríshoiléir i measc na mban agus na ndaoine óga (15-24 bliana d'aois).

Léiríodh sa suirbhé freisin go gcreideann 84 % de mhuintir na hEorpa gurb iad gníomhaíochtaí an duine príomhchúis an athraithe aeráide, rud a léiríonn comhthuiscint ar bhunchúiseanna na saincheiste.

Tá tacaíocht láidir ann i gcónaí do bheartais chinntitheacha aeráide. Ar an iomlán, **thacaigh 81 % de na freagróirí le cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050**. Tá éagsúlacht sa leibhéal tacaíochta ar fud na dtíortha, áfach, agus is í an Eastóin atá ina cuid suntais agus í ar an aon Bhallstát amháin ina bhfuil níos lú ná leath (46 %) de shaoránaigh ag tacú leis an sprioc sin.

Léiríodh sa suirbhé comhaontú ríshoiléir (88 %) gur cheart don Aontas fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn go gníomhach agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus go gcuirfidh ullmhú níos fearr do thionchair aeráide feabhas ar an saol laethúil (83 %).

PUBLIC

## 2. Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais

**Príomh-bhuaicphointí**

- Faoi dheireadh 2024, chuidigh CTA AE le hastaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa agus ó dhéantúsaíocht thionsclaíoch a laghdú 50 % i gcomparáid le leibhéil 2005.
- Lean astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa in 2024 de bheith ag laghdú bliain ar bhliain, mar gheall, den chuid is mó, ar mhéadú nach beag ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite agus an fhuinnimh núicléach sa mheascán leictreachais, mar aon le spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise móra amhail gás nádúrtha agus gual.
- Tá os cionn EUR 245 bhilliún d'ioncam bailithe ag CTA le beagnach EUR 39 mbilliún in 2024 amháin. Leis an ioncam sin, maoiníodh bearta aeráide agus fuinnimh go príomha trí bhuiséid náisiúnta, ach freisin tríd an gCiste don Nuálaíocht, tríd an gCiste don Nuachóiriú agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir leis an bPlean REPowerEU.
- In 2024, áiríodh astaíochtaí iompair muirí in CTA AE den chéad uair. I gcomparáid le 2023, tháinig méadú 13 % ar astaíochtaí tuairiscithe, go háirithe mar gheall ar thionchair ghéarchéim na Mara Rua agus athródú ina dhiaidh sin.
- Tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun earnáil na heitlíochta a dhícharbónú. Chun tacú leis sin, tá córas tiomnaithe i bhfeidhm ó bhí 2024 ann chun dlús a chur le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.
- Bhí comhlíontacht in CTA AE an-ard, lena n-áirítear le haghaidh na hearnála muirí ina chéad timthriall comhlíontachta.

Tá Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) ar cheann de bhunchlocha ghníomhú an Aontais ar son na haeráide. Cuireann sé caidhp ar astaíochtaí ó earnáil na giniúna leictreachais agus teasa, ó earnáil na monaraíochta tionsclaíche, ó earnáil na heitlíochta san Eoraip agus ó earnáil an mhuiriompair, rud a fhágann go mbíonn praghas ar astaíochtaí i gcomhréir leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'. Cruthaíonn an praghas dreasacht do chuideachtaí sna hearnálacha sin réitigh a chur in úsáid agus infheistíocht a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú le himeacht ama. Le CTA AE, tiomsaítear ioncam freisin chun cuidiú leis na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú.

### 2.1 Caidhp maidir le hastaíochtaí faoi CTA AE

Is ionstraim mhargadhbhunaithe é CTA AE. Leagtar síos ann caidhp ar astaíochtaí ó na hearnálacha a chumhdaítear leis an scéim agus gach bliain tá an chaidhp níos ísle, agus sprioc laghdaithe 62 % ann faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil astaíochtaí 2005. Sloinntear an chaidhp i lamháltais, nach mór do chuideachtaí a thabhairt suas gach bliain chun a n-astaíochtaí a chumhdach. Ceannaíonn cuideachtaí lamháltais i gceantanna go príomha, rud a chruinníonn ioncam do na Ballstáit chun tuilleadh gníomhaithe ar son na haeráide agus aistriú fuinnimh a chistiú. Le praghas na lamháltas

arna leagan síos ag an margadh, dreasaíonn CTA AE laghduithe astaíochtaí nuair is lú costas chun é sin a dhéanamh, ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

Cé gurb í an cheantáil an príomh-mhodh chun lamháltais a leithdháileadh in CTA AE, leithdháiltear méid nach beag de na lamháltais ar shuiteálacha saor in aisce chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin [19]. In earnálacha tionscail áirithe atá cumhdaithe ag CTA AE (stroighin, alúmanam, leasacháin, hidrigin, iarann agus cruach), tiocfaidh an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) in ionad leithdháileadh saor in aisce de réir a chéile ó 2026 ar aghaidh. Thart ar 54 % den leithdháileadh saor in aisce iomlán in 2021-2025 atá sna hearnálacha sin.

Tuilleadh eolais faoi fheidhmiú CTA AE i dTuarascáil 2025 ar an Margadh Carbóin.

## 2.2 Treochtaí astaíochtaí

Faoi 2024, chuidigh CTA AE le h**astaíochtaí** ó ghiniúint leictreachais agus teasa agus ó dhéantúsaíocht thionsclaíoch **a laghdú 50 %** i gcomparáid le leibhéil 2005. Leis an dul chun cinn sin, tá an córas ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030 maidir le laghdú 62 % a bhaint amach.

In 2024, lean astaíochtaí ó earnálacha na cumhachta agus an tionscail de bheith ag laghdú tar éis titim bhliantúil ab airde riamh in 2023. Tháinig laghdú 10,7 % [20] ar astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa, go príomha mar gheall ar mhéadú nach beag ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus an fhuinnimh núicléach sa mheascán leictreachais, mar aon le spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise móra amhail gás nádúrtha agus gual. In 2024, ba iad foinsí in-athnuaite agus bithbhreoslaí an phríomhfhoinse leictreachais san Aontas, lenar gabhadh 47,2 % den sciar, agus tháinig méadú 7,6 % ar an aschur foriomlán leictreachais in-athnuaite in 2024. Is laghdú 30 % é an titim ar astaíochtaí cumhachta in 2024 ó bhí 2021 ann.

Tháinig laghdú 0,8 % ar astaíochtaí ó shuiteálacha tionsclaíocha in 2024 i gcomparáid le 2023 [21]. Tugadh faoi deara go raibh roinnt treochtaí i gceist (chomh maith le dícharbónú an tsoláthair cumhachta) — laghdú ar aschur i dtáirgeadh tionsclaíoch i roinnt earnálacha, aisghabháil aschuir in earnálacha dianfhuinnimh amhail cruach, leasacháin agus ceimiceáin agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh.

[19] Le linn na tréimhse 2021-2030, cuirfear suas le 57 % de na lamháltais ghinearálta ar ceant, agus leithdháilfear na lamháltais atá fágtha saor in aisce.
[20] Bunaithe ar astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa in CTA AE (sonraí arna mbaint as clárlann an Aontais an 30 Meán Fómhair 2025). Tá údar le 2 % den laghdú sin freisin mar gheall ar neamhréireachtaí sonraí a dhéanann difear don deighilt idir an chumhacht agus na hastaíochtaí tionsclaíocha, seachas mar gheall ar threochtaí sa mhargadh. Féach Tuarascáil 2025 ar an Margadh Carbóin chun mionsonraí a fháil.
[21] Bunaithe ar astaíochtaí ó mhonarú tionsclaíoch in CTA AE (sonraí arna mbaint as Clárlann an Aontais an 30 Meán Fómhair 2025). Féach Tuarascáil 2025 ar an Margadh Carbóin chun mionsonraí a fháil.

**Fíor 10: Astaíochtaí faoi CTA AE san Aontas de réir earnála**




*Foinse: LEE*

PUBLIC

## 2.3 Ioncam ceantála

Faoi lár 2025, bhí breis agus **EUR 245 bhilliún bailithe** ag CTA AE trí lamháltais astaíochtaí a dhíol. In 2024, shroich ioncam CTA beagnach EUR 39 mbilliún. Chuaigh sé sin go príomha chuig buiséid náisiúnta (EUR 24.4 billiún) ach chistigh sé freisin cláir CTA le haghaidh aistriú glan (i.e. an Ciste don Nuálaíocht agus an Ciste don Nuachóiriú) chomh maith le cuid den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Plean RepowerEU. In 2025, tosaíodh ar sciar de lamháltais ó CTA AE a chur ar ceant freisin chun an Ciste Aeráide Sóisialta a mhaoiniú (féach Caibidil 6).

**Fíor 11: An úsáid a bhaineann na Ballstáit as ioncaim CTA de réir cuspóirí éagsúla mar a thuairiscítear le haghaidh 2024 (agus ioncam eisíoctha á chur san áireamh)**



PUBLIC

Ní mór do na Ballstáit a n-ioncam CTA go léir (nó méid coibhéiseach) a úsáid chun gníomhú ar son na haeráide agus claochlú fuinnimh a chistiú, lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta. Is é an t-aon eisceacht ón riail sin an fhéideartháchacht do na Ballstáit ioncam CTA a úsáid chun cabhair a sholáthar do thionscail dianfhuinnimh le haghaidh costais charbóin indíreacha. In 2024, d'úsáid 15 Bhallstát a n-ioncam chun na críche sin. As EUR 24.4 a bailíodh in 2024, d'úsáid na Ballstáit EUR 3.2 billiún le haghaidh cúiteamh costas indíreach do thionscail dianfhuinnimh. Ní mór an EUR 21.2 billiún atá fágtha a úsáid le haghaidh gníomhú ar son na haeráide agus claochlú fuinnimh ach ní gá é a chaitheamh in aon bhliain amháin [22].

Gach bliain, tuairiscíonn na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an gcaoi ar bhain siad úsáid as a n-ioncam CTA. Dhírigh na Ballstáit an chuid is mó dá n-ioncam CTA 2024 ar thionscadail maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, eangacha agus stóráil a chur in úsáid (20 %), feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i dtionscail agus i bhfoirgnimh (20 %) agus iompar poiblí glan agus soghluaisteacht a fhorbairt (22 %). I measc na samplaí tá deontais le haghaidh uasghrádú gaoithe amach ón gcósta agus bithgháis sa Danmhairg, tionscadail um aisfheistiú domhain lena mbaineann laghdú 40 % ar a laghad ar thomhaltas teasa i bhfoirgnimh chónaithe sa Liotuáin agus infheistíochtaí in iompar iarnróid agus conairí rothaíochta sa tSlóivéin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi ar bhain gach Ballstát úsáid as a n-ioncam CTA 2024, féach Caibidil 8 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo. Le haghaidh anailís AE27, féach Tuarascáil 2025 ar an Margadh Carbóin.

## 2.4 Eitlíocht

In 2024, lean astaíochtaí eitlíochta faoi CTA de bheith ag méadú, ag sroicheadh 62.6 milliún tona $CO_2$[23]. Tá sé sin thart ar 15 % níos airde ná mar a bhí in 2023 [24].

Dá bhrí sin, tá géarghá le dícharbónú a dhéanamh ar earnáil na heitlíochta. Tugann praghas carbóin CTA dreasacht thart ar EUR 200 in aghaidh an tona [25] breosla eitlíochta inbhuanaithe a úsáidtear cheana féin, i gcomparáid le ceirisín iontaise. In 2024, áfach, thug an Coimisiún sásra tacaíochta breise isteach faoi CTA AE chun úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur chun cinn, rud nach léirítear a dtionchar go fóill sa tuarascáil seo. Tá 20 milliún lamháltas san iomlán (ar fiú thart ar EUR 1.5 billiún iad) forchoimeádta don tacaíocht sin agus is féidir le haerlínte tacaíocht de thart ar EUR 500 suas le EUR 7 000 a éileamh le haghaidh gach tona de bhreosla inbhuanaithe

---

[22] Le haghaidh 2024, tuairiscíodh go raibh EUR 16.4 billiún eisíoctha.

[23] Áirítear leis sin eitiltí laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) (intíre agus idir tíortha LEE) agus eitiltí a imíonn ó LEE go dtí an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Áirítear leis eitiltí nach eitiltí intíre iad ó thír LEE chuig réigiún forimeallach agus uaidh (e.g. an Fhionlainn — na hOileáin Chanáracha).

[24] In 2023, ghin an earnáil astaíochtaí 54.4 milliún tona $CO_2$ san iomlán. Sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais agus as Clárlann na hEilvéise an 30 Meán Fómhair 2025.

[25] Tá 'ráta nialasach' ar na breoslaí sin faoi CTA, rud a chiallaíonn nach n-íocann siad aon phraghas carbóin. Os a choinne sin, tá fachtóir astaíochtaí 3,16 t$CO_2$/tona ag ceirisín: Praghas CTA x 3,16 = dreasacht praghais, mar sin i gcás praghas carbóin CTA EUR 70, is dreasacht phraghais EUR 221 é sin in aghaidh an tona breosla a úsáidtear.

incháilithe a úsáidtear ar bhealach CTA [26]. In 2025, dháil an Coimisiún thart ar EUR 100 milliún idir 53 oibreoir aerárthaí ó Bhallstáit an Aontais agus dhá oibreoir ón Iorua.

PUBLIC

Ghlac an Coimisiún rialacha nua chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí le haghaidh eitiltí aerlínte an Aontais nach dtagann faoi raon feidhme CTA AE [27]. Le glacadh na rialacha sin, leagtar béim ar thiomantas an Aontais an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a chur i bhfeidhm. Tá an tAontas ar cheann de na chéad dlínsí ar domhan a chuir CORSIA sa dlí. Is é is cuspóir do CORSIA astaíochtaí eitlíochta ó eitiltí idirnáisiúnta os cionn leibhéal áirithe a fhritháireamh [28]. Meastar go forleathan gur baineadh an leibhéal sin amach in 2024, mar sin tá coinne ag aerlínte leis go dtabhóidh siad oibleagáidí fritháirimh faoi CORSIA den chéad uair le haghaidh sciar astaíochtaí 2024 os cionn na bonnlíne.

Cé nach gcumhdaítear le CTA AE faoi láthair ach astaíochtaí $CO_2$, meastar go bhfuil tionchar foriomlán na heitlíochta ar an aeráid dhá uair nó ceithre huaire níos airde faoi láthair mar gheall ar astaíochtaí neamh-$CO_2$ lena n-áirítear ocsaídí nítrigine (NOx) agus ocsaídí sulfair (SOx) [29]. Is é an tAontas an chéad dlínse a thug creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) isteach le haghaidh éifeachtaí neamh-$CO_2$ san eitlíocht. Ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann, ceanglaítear ar oibreoirí aerárthaí faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar thionchair astaíochtaí neamh-$CO_2$ in aghaidh na heitilte go bliantúil [30]. Faoin 31 Nollaig 2027, bunaithe ar na torthaí faoin gcreat faireacháin neamh-CO2, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun éifeachtaí neamh-$CO_2$ san eitlíocht a mhaolú.

## 2.5 Iompar muirí

Gineann an t-iompar muirí thart ar 3-4 % d'astaíochtaí CO2 an Aontais. Ba í 2024 an chéad bhliain inar áiríodh iompar muirí i gcóras CTA AE. Ba é 148.7 MtCO2-eq na hastaíochtaí muirí iomlána faoin gcóras MRV [31] i bhfianaise na n-astaíochtaí uile ó mhuiraistir a bhaineann le calafoirt san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua. Astu sin, cumhdaíodh 89.8 MtCO2 le CTA gan ach 50 % de na hastaíochtaí ó mhuiraistir a

[26] Cumhdaítear leis an gcóras tacaíochta sin an difríocht iomlán nó cuid den difríocht sa phraghas atá fágtha idir ceirisín iontaise agus na breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáideann oibreoirí aerárthaí tráchtála aonair ar a n-eitiltí a chumhdaítear le praghsáil éifeachtach carbóin trí CTA AE, rud a spreagann na hoibreoirí aerárthaí sin roghanna breosla níos glaine a úsáid.

[27] Cumhdaítear le CTA AE eitiltí laistigh de LEE (AE27, an Iorua, an Íoslainn), agus eitiltí a imíonn go dtí an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Ciallaíonn sé sin go gcumhdaítear leis na rialacha nua eitiltí aerlínte an Aontais ó LEE chuig tíortha lasmuigh de LEE, agus a n-eitiltí idir dhá thír lasmuigh de LEE.

[28] Tá an leibhéal ar cheart d'aerlínte tús a chur le hastaíochtaí a fhritháireamh os a chionn socraithe ag 85 % d'astaíochtaí $CO_2$ 2019 le haghaidh na mblianta 2024-2035 (i gcás inarbh í 2019 an bhliain leis na hastaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta ab airde riamh).

[29] *Aviation and the Global Atmosphere*, IPCC, 1999, https://www.ipcc.ch/site/assets/uploads/2018/03/av-en-1.pdf

[30] Cumhdaítear le córas MRV eitiltí chuig an Eoraip, ón Eoraip agus laistigh di. Chun an tús a éascú, níl tuairisciú sainordaitheach ach le haghaidh eitiltí laistigh den Eoraip. In 2025 agus 2026, áfach, moltar tuairisciú deonach ar gach bealach. Ó 2027 ar aghaidh, beidh feidhm uathoibríoch ag an oibleagáid tuairiscithe maidir le gach eitilt. Reachtaíocht cur chun feidhme: Leasú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú ar an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) mar fhreagairt ar an athbhreithniú ar CTA (europa.eu)).

[31] Cumhdaítear iomlán na n-astaíochtaí muirí le Rialachán (AE) 2015/757.

thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh den Aontas, an Íoslainn agus an Iorua a chur san áireamh [32].

PUBLIC

Tuairiscíodh astaíochtaí meatáin agus ocsaíde nítriúla don chéad bhliain in 2024 faoi raon feidhme MRV, arb ionann iad agus 1,6 MtCO2-eq (i gcás meatáin) agus 2,2 MtCO2-eq (le haghaidh ocsaíd nítriúil) faoi seach [33].

Nuair nach mbreathnaítear ach ar dhé-ocsaíd charbóin, tá astaíochtaí MRV le haghaidh 2024 13 % níos airde ná mar a bhí in 2023, go príomha mar gheall ar an méadú ar ghníomhaíocht soithí, tar éis athródú a spreag géarchéim na Mara Rua le linn 2024.

Comhlíonadh ard a bhí ann tar éis na chéad bhliana de chur i bhfeidhm CTA maidir le hiompar muirí, de réir mar a thug cuideachtaí loingseoireachta lamháltais suas le níos mó ná 99 % dá n-astaíochtaí laistigh den raon feidhme.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, i mí Aibreáin 2025, ba dhíol sásaimh don Aontas gur formheasadh an Creat Glan-Nialasachta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), lena n-áirítear caighdeán domhanda chun déine GCT breoslaí muirí a laghdú de réir a chéile agus gné phraghsála le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ón loingseoireacht idirnáisiúnta. Is céim fhiúntach é an comhaontú, go dtí go nglacfar é, i dtreo na sprice maidir le glanastaíochtaí nialasacha ó iompar muirí faoi 2050 nó timpeall air, i.e. gar do 2050 mar a leagtar amach i straitéis GCT 2023 IMO. Cuireadh an plé maidir le glacadh an chomhaontaithe siar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2026.

## 2.6 Foirgnimh, iompar agus tionscal beag

In 2023, comhaontaíodh córas nua trádála astaíochtaí (CTA2) chun astaíochtaí ó dhóchán breosla i bhfoirgnimh, san iompar agus sa tionscal beag a chumhdach, ar astaíochtaí iad nár cumhdaíodh le CTA AE atá ann faoi láthair. Cé gur córas teorannaithe agus trádála astaíochtaí é freisin, tá sé ar leithligh ó CTA AE atá ann faoi láthair. Cuideoidh sé leis na Ballstáit a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (féach Caibidil 3).

Agus í ag obair i gcomhar le bearta eile le haghaidh na n-earnálacha sin, tá sé beartaithe go dtiocfaidh laghdú 42 % ar astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005 mar gheall ar an gcaidhp in CTA2. Díolfar na lamháltais uile i gceantanna agus cuirfear ioncam ar fáil do bhuiséid náisiúnta agus don Chiste Aeráide Sóisialta. Leis an bpraghas carbóin, soláthrófar dreasacht chun infheistíocht a dhéanamh i réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, in athchóirithe foirgneamh agus i soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear iompar poiblí. Tacóidh an Ciste Aeráide Sóisialta le teaghlaigh

[32] Tá roinnt díolúintí agus difríochtaí eile ag raon feidhme CTA AE don earnáil mhuirí ó raon feidhme MRV muirí. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin sainmhíniú ábhartha ar an raon feidhme, féach Roinn 2.3 den treoirdhoiciméad ginearálta le haghaidh cuideachtaí loingseoireachta: https://climate.ec.europa.eu/document/download/31875b4f-39b9-4cde-a4e2-fbb8f65ee703_en?filename=policy_transport_shipping_gd1_maritime_en.pdf

[33] Áireofar ocsaíd nítriúil agus astaíochtaí meatáin i raon feidhme CTA AE don mhuir ag tosú in 2026.

leochaileacha, le húsáideoirí iompair leochaileacha agus le micrifhiontair leochaileacha, agus béim á leagan ar chabhrú leo na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú.

Cumhdóidh CTA2 astaíochtaí réamhtheachtacha. Ciallaíonn sé sin nach mór do sholáthróirí breosla, seachas do thomhaltóirí, rianú a dhéanamh ar na hastaíochtaí ó na breoslaí a chuireann siad ar an margadh agus lamháltais a cheannach chun iad a chumhdach. Cuireadh tús le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí in 2025, agus beidh an córas ag feidhmiú go hiomlán sna blianta amach romhainn.

PUBLIC

# 3. Comhroinnt díchill maidir le hastaíochtaí

PUBLIC

**Príomh-bhuaicphointí**

- I gcomhréir leis an measúnú ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, meastar go dtitfidh astaíochtaí comhiomlánaithe réamh-mheasta maidir le comhroinnt díchill bunaithe ar bhearta atá beartaithe thart ar 38 % in 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005, atá fós faoi bhun sprioc laghdaithe astaíochtaí 40 % ar fud an Aontais faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.
- Mar sin féin, ceapadh an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill chun solúbthacht a sholáthar chun a áirithiú gur féidir an sprioc a bhaint amach go héifeachtach ó thaobh costais de.
- Le linn 2021-2030, tá coinne ag roinnt Ballstát a bhfuil beartais bheartaithe acu barrachas de thart ar 125 go 175 MtCO2-eq astaíochtaí a ghiniúint, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát uile na solúbthachtaí atá ar fáil a úsáid. Tá sé ríthábhachtach anois go gcuirfidh na Ballstáit na bearta sin chun feidhme ina n-iomláine.
- In 2024, d’fhan astaíochtaí sealadacha ó na hearnálacha comhroinnte díchill réasúnta cobhsaí i gcomparáid le 2023 agus bhí siad thart ar 20 % níos ísle ná mar a bhí in 2005.
- Tháinig méadú 1 % ar astaíochtaí san iompar, an earnáil comhroinnte díchill is mó. D’fhan astaíochtaí ag an leibhéal céanna i bhfoirgnimh agus i ndramhaíl, agus tháinig laghdú 1 % orthu sa talmhaíocht agus sa tionscal beag.
- Is astaíochtaí neamh-CO2 iad aon trian d’astaíochtaí comhroinnte díchill, a bhfuil laghdú 23 % tagtha orthu idir 2005 agus 2023.
- In 2024, tháinig méadú beag ar mheánastaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin agus veaineanna nua, ach bhí siad fós 28 % agus 8 % faoi bhun leibhéil 2019, i gcás gluaisteán agus veaineanna faoi seach, go príomha mar gheall ar ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha.
- Sa tréimhse tuairiscithe 2023, lean meánastaíochtaí CO2 feithiclí nua tromshaothair de bheith ag laghdú, agus bhí astaíochtaí 11,4 % faoi bhun leibhéil 2019. Áirithíodh le ceanglais na treorach maidir le cáilíocht bhreosla gur díoladh breoslaí ardcháilíochta san Aontas.

Cumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar intíre, foirgnimh, talmhaíocht, tionscal beag agus dramhaíl. I dteannta a chéile, 66 % d’astaíochtaí intíre an Aontais atá sna hastaíochtaí sin.

PUBLIC

In 2024, bunaithe ar shonraí neasluacha, tá astaíochtaí ó na hearnálacha sin fós ar leibhéal comhchosúil i gcomparáid le 2023, atá 20 % níos ísle ná mar a bhí in 2005 [34]. Is í 2024 an chéad bhliain ina bhfuil astaíochtaí ar leibhéal an Aontais os cionn theorainn astaíochtaí comhiomlánaithe an Aontais, agus í os cionn 1,6 %.

Cé nach raibh aon athrú den chuid is mó ar astaíochtaí comhroinnte díchill ar leibhéal an Aontais idir 2023 agus 2024, tháinig méadú 1 % ar astaíochtaí iompair ar an leibhéal earnála agus tháinig laghdú 1 % ar astaíochtaí ón talmhaíocht agus ón tionscal beag. Bhí astaíochtaí ó fhoirgnimh agus ó dhramhaíl réasúnta cobhsaí. In 2024, ba é an earnáil iompair an earnáil comhroinnte díchill ba mhó, arbh ionann í agus 39 % d'astaíochtaí an Aontais faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, agus ina dhiaidh sin foirgnimh (22 %), talmhaíocht (18 %), tionscal beag (16 %), agus dramhaíl (5 %).

**Fíor 12: Astaíochtaí in earnálacha a chumhdaítear le reachtaíocht comhroinnte díchill 2005-2030 agus leithdháiltí bliantúla astaíochtaí, AE-27**




*Tabhair faoi deara: tagann an deighilt sonraí astaíochtaí idir earnálacha an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (ESR) le haghaidh 2021-2023 ó fhardal GCT 2025, le haghaidh 2024 ó neasfhardail, agus 2025-2030 ó réamh-mheastacháin a thuairiscigh na Ballstáit in 2025 faoi Airteagal 18 den Rialachán maidir le Rialachas. Is iad na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na teorainneacha astaíochtaí bliantúla mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus réamhtheachtaí an Rialacháin an Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill (ESD). Léirítear san fhíor an chaoi a roinntear astaíochtaí stairiúla agus réamh-mheasta an Aontais maidir le comhroinnt díchill idir earnálacha agus an chaoi a gcuirtear i gcomparáid iad leis na teorainneacha astaíochtaí bliantúla.*

## 3.1 Spriocanna maidir le comhroinnt díchill

Leagtar síos leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill sprioc an Aontais astaíochtaí sna hearnálacha comhroinnte díchill a laghdú 40 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. Tá an sprioc fhoriomlán sin mar an gcéanna le spriocanna náisiúnta do 2030 idir laghduithe 10 % agus 50 % agus teorainneacha astaíochtaí gás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 arna sloinneadh i leithdháiltí bliantúla astaíochtaí. Seiceálfaidh an

[34] Déantar astaíochtaí 2024 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a neasú agus tá siad 19,9 % níos ísle ná leibhéil 2005. Bunaíodh astaíochtaí 2023 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill in 2025 tar éis athbhreithniú cuimsitheach agus tá siad 19,8 % níos ísle ná leibhéil 2005. I dtuarascáil 2024 ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide, rinneadh astaíochtaí 2023 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a neasú agus léiríodh laghdú níos lú de 19,2 % i gcomparáid le leibhéil 2005.

Coimisiún ar chomhlíon na Ballstáit a dteorainneacha astaíochtaí in dhá bhabhta — ar dtús in 2027 (le haghaidh na mblianta 2021-2025) agus ansin in 2032 (le haghaidh na mblianta 2026-2030).

Is féidir leis na Ballstáit, go pointe teoranta, solúbthachtaí a úsáid chun fanacht laistigh dá dteorainneacha astaíochtaí bliantúla agus chun a spriocanna do 2030 a bhaint amach. Is éard atá i gceist leis na solúbthachtaí sin baincéireacht, iasachtaíocht, ceannach agus díol leithdháiltí astaíochtaí, úsáid a bhaint as barrachas (creidmheasanna) ó earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (ÚTAÚTF) agus, i gcás roinnt Ballstát, an rogha lamháltais ó CTA AE a chur ar ceal le haghaidh leithdháiltí astaíochtaí comhroinnte díchill (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Caibidil 9 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo).

Chomhaontaigh an Íoslainn agus an Iorua an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a chur i bhfeidhm, le roinnt oiriúnuithe, mar a glacadh in 2018 [35]. Léirítear a ndul chun cinn agus a bhforbairtí sa tuarascáil bhliantúil aeráide ar dhul chun cinn arna hullmhú ag Údarás Faireacháin CSTE.

## 3.2 Dul chun cinn i dtreo spriocanna maidir le comhroinnt díchill

### Spriocanna laghdaithe astaíochtaí do 2030

Leagtar síos leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill sprioc laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2030 don Aontas agus do gach Ballstát (i gcomparáid le leibhéil 2005). Léirítear i measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe críochnaitheacha (PNFAnna) a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025 go meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar 38 % ar astaíochtaí comhroinnte díchill in 2030 i gcomparáid le 2005, thart ar 2 phointe céatadáin faoi sprioc an Aontais. Is feabhas mór é sin i gcomparáid leis an mbearna ar fud an Aontais de níos mó ná 6 phointe céatadáin a léirítear i measúnú an Choimisiúin ar na dréacht-PNFAnna nuashonraithe. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na beartais uaillmhianacha a leagtar amach sna PNFAnna a chur chun feidhme ina n-iomláine agus go gcoinneoidh na Ballstáit a móiminteam agus a ngníomhaíocht chun spriocanna an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach. Ina mheasúnú, chuir an Coimisiún treoir spriocdhírithe ar fáil do na Ballstáit chun cur chun feidhme tapa na bpleananna a éascú.

Deimhnítear na torthaí thuas leis na réamh-mheastacháin is déanaí ó na Ballstáit i mí an Mhárta 2025 (féach Fíor 13). Sula mbainfidh na Ballstáit úsáid as solúbthachtaí an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill chun a spriocanna a bhaint amach, léiríonn an Ghearmáin, Éire agus Málta na bearnaí réamh-mheasta is mó in 2030 agus léiríonn an

[35] Níor ionchorpraigh an Íoslainn ná an Iorua na hathruithe go fóill tar éis an athbhreithnithe ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill in 2023.

Bhulgáir, an Ghréig agus an Phortaingéil go n-éireoidh níos fearr leo ná aon tír eile maidir lena spriocanna do 2030.

Chun na bearnaí sin a dhúnadh, ní mór do na Ballstáit dlús a chur leis an ngníomhaíocht chomh maith leis na beartais aeráide uile atá ann faoi láthair agus atá beartaithe a chur chun feidhme go hiomlán nó leas a bhaint as an raon feidhme le haghaidh na solúbthachtaí atá ar fáil.

**Fíor 13: Athrú réamh-mheasta ar astaíochtaí faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus bearna go dtí an sprioc in 2030 (%)**




*Tabhair faoi deara: Is é 49 agus 61 phointe céatadáin an bhearna atá ag Málta maidir leis an sprioc, rud a sháraíonn a sprioc laghdaithe 19 %. Ciallaíonn sé sin go dtuartar go n-astóidh Málta níos mó in 2030 ná mar a bhí in 2005.*

## Laghduithe ar astaíochtaí sa tréimhse 2021-2030

Leagtar síos sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill freisin teorainneacha astaíochtaí na mBallstát le haghaidh gach bliana sa tréimhse 2021 go 2030, le solúbthachtaí chun na teorainneacha astaíochtaí sin a chomhlíonadh. Rinne an Coimisiún measúnú ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo a n-oibleagáidí comhroinnte díchill trí chomparáid a dhéanamh idir astaíochtaí agus leithdháiltí le haghaidh gach bliana sa tréimhse 2021-2030 bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí agus ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as roinnt de na solúbthachtaí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

Glacann an Coimisiún leis go gcuirfidh na Ballstáit a mbearta breise chun feidhme mar a áirítear ina réamh-mheastacháin 'le bearta breise'. Maidir le húsáid solúbthachtaí, glacann an Coimisiún leis go n-úsáidfidh na Ballstáit leithdháiltí astaíochtaí a shábhálfar in aon bhliain amháin le haghaidh comhlíontachta sna blianta amach romhainn (baincéireacht) agus go n-úsáidfidh siad leithdháiltí astaíochtaí ó bhliain amach anseo más gá sa bhliain roimhe sin (iasachtaíocht). Glactar leis freisin go ndéanfaidh na Ballstáit a chuir in iúl go raibh sé ar intinn acu solúbthacht CTA a úsáid é sin nuair is gá.

Measann an Coimisiún go sáródh 10 mBallstát a dteorainneacha fós laistigh de bhliain amháin ar a laghad le linn na tréimhse 2021-2030. Bheadh astaíochtaí iomarcacha ag an gCipir, ag an gCróit, ag an Iodáil agus ag an Rómáin cheana féin sa chéad tréimhse chomhlíontachta (2021-2025), agus réamh-mheastar go mbeidh astaíochtaí iomarcacha ag an Ostair, ag an Eastóin, ag an nGearmáin, ag Málta, ag Éirinn agus ag an tSualainn sa dara tréimhse chomhlíontachta (2026-2030). Gineann na 17 mBallstát nach bhfuil aon bhearna acu thar an tréimhse iomlán 2021-2030 níos mó barrachais ná mar a bheadh ar na 10 mBallstát a mbearnaí a chumhdach. Fiú má fhaigheann na Ballstáit uile leithdháiltí astaíochtaí ó Bhallstáit eile nuair is gá, ar leibhéal an Aontais, meastar go mbeidh barrachas de thart ar 125 go 175 MtCO2-eq ann le linn na tréimhse 2021-2030.

PUBLIC

Is leor barrachas réamh-mheasta na leithdháiltí astaíochtaí i sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ó roinnt Ballstát chun na bearnaí ó Bhallstáit eile a dhúnadh. Le haistrithe na leithdháiltí astaíochtaí idir na Ballstáit, feabhsaítear baint amach chuspóir an Aontais ar bhealach costéifeachtach i gcomhréir le struchtúr an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill. I bhfianaise mhéid bharrachas réamh-mheasta an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill agus na bhféidearthachtaí chun barrachais a thrádáil faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus faoi Rialachán ÚTAÚTF araon, ní féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid, ag an gcéim seo, nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh ag na Ballstáit chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, is é atá i gceist le socrú solúbtha eile chun cabhrú leis na Ballstáit an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a chomhlíonadh ná sárú in earnáil ÚTAÚTF a aistriú chun líon teoranta astaíochtaí a chumhdach sna hearnálacha comhroinnte díchill [36]. Tá sé tuairiscithe cheana féin ag roinnt Ballstát go bhfuil sé ar intinn acu na solúbthachtaí sin a úsáid [37]. Mar sin féin, tugann na sonraí teoranta agus na réamhshonraí atá ar fáil maidir le treochtaí na hearnála úsáide talún le fios go dtí seo go mbeidh deacrachtaí ag roinnt Ballstát a spriocanna ÚTAÚTF a bhaint amach (féach Caibidil 4). D'fhéadfadh na Ballstáit sin an bhearna in ÚTAÚTF a chúiteamh trí leithdháiltí astaíochtaí comhroinnte díchill a úsáid (Airteagal 12 de Rialachán ÚTAÚTF), a bheidh uathoibríoch don tréimhse 2021-2025 (Airteagal 9 den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill).

## 3.3 Treochtaí astaíochta de réir an chineáil gáis

Is astaíochtaí CO2 iad dhá thrian de na hastaíochtaí uile ó na hearnálacha comhroinnte díchill, is astaíochtaí neamh-CO2 iad an tríú cuid eile (Fíor 14). Idir 2005 agus 2023, **tháinig laghdú 23 % ar astaíochtaí neamh-CO2 ó na hearnálacha comhroinnte**

[36] Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na solúbthachtaí atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, féach Caibidil 9 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

[37] Thuairiscigh an Danmhairg, an Liotuáin agus an Pholainn go raibh sé ar intinn acu solúbthacht ÚTAÚTF a úsáid agus thuairiscigh an Chróit go raibh sé ar intinn aici leithdháiltí astaíochtaí a thrádáil. Thuairiscigh an Fhionlainn freisin go bhféadfaidh sí solúbthachtaí comhroinnte díchill a úsáid de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear chun leithdháiltí astaíochtaí a thrádáil. Is rúin iad sin agus níl siad ina gceangal ar na Ballstáit.

**díchill**. Áirítear ar gháis ceaptha teasa neamh-$CO_2$ meatán ($CH_4$), ocsaíd nítriúil ($N_2O$), agus gáis fhluairínithe ($NF_3$, HFCanna, PFCanna, $SF_6$). Cé go gcumhdaítear formhór na n-astaíochtaí san earnáil fuinnimh le CTA AE, tagann astaíochtaí meatáin san earnáil sin faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill.

PUBLIC

**Fíor 14: Astaíochtaí faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill in 2005 agus 2023 de réir cineál gáis**




Astaítear na gáis neamh-$CO_2$ sin ó raon earnálacha agus próiseas, agus is airde i bhfad an poitéinseal téimh dhomhanda a bhaineann leo uile ná le $CO_2$, idir na deicheanna agus na deicheanna míle céim níos airde ag brath ar an ngás. Dá thoradh sin, tá tionchar tábhachtach ag astaíochtaí neamh-CO2 ar an athrú aeráide agus is príomhfhoinsí laghduithe ionchasacha astaíochtaí iad i roinnt earnálacha. Tá sé ríthábhachtach freisin astaíochtaí neamh-$CO_2$ a laghdú chun na spriocanna atá againn faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach.

Is ón earnáil talmhaíochta a thagann níos mó ná leath na n-astaíochtaí neamh-$CO_2$. Laghdaigh gach earnáil astaíochtaí neamh-CO2 ó 2005 go 2023 ach rinneadh na laghduithe ba mhó san earnáil fuinnimh neamh-CTA (‘fuinneamh eile’), in earnáil an tionscail bhig agus san earnáil dramhaíola. Le linn na tréimhse céanna, níor tháinig ach laghdú beag ar astaíochtaí neamh-CO2 ón talmhaíocht, ón iompar agus ó fhoirgnimh. Ba iad astaíochtaí ocsaíde nítriúla ó thionscal neamh-CTA, agus laghduithe ar mheatán in earnáil na dramhaíola agus i bhfuinneamh neamh-CTA a bhí sa chuid is mó de na laghduithe. Tá laghdú tagtha ar leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe ach ar bhonn níos lú (Fíor 15).

Is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Meatán astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh, na talmhaíochta agus na dramhaíola, agus tacú dá réir le baint amach spriocanna an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill.

PUBLIC

**Fíor 15: Astaíochtaí neamh-CO2 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill in 2005 agus 2023 de réir earnála**




## Gáis fhluairínithe

Is ag gáis ceaptha teasa fhluairínithe (F-gháis) atá an poitéinseal téimh dhomhanda is airde de gach gás ceaptha teasa, rud a chiallaíonn gurb iad is mó a dhéanann dochar don aeráid. Ina measc, tá ról lárnach ag hidreafluaracarbóin (HFCanna). Úsáidtear HFCanna i dtáirgí, i dtrealamh agus i bpróisis laethúla, amhail cuisniú, aerchóiriú, teaschaidéil, insliú, cosaint dóiteáin, línte cumhachta nó próisis thionsclaíocha agus is iad is cúis le thart ar 90 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe uile.

**Ó 2015 i leith, tá astaíochtaí iomlána an Aontais ó gháis ceaptha teasa fhluairínithe ag laghdú**, go príomha toisc gur tháinig rialacha nua i bhfeidhm an bhliain sin chun HFCanna a laghdú de réir a chéile. Faoi 2030, ní mór laghdú 95 % a dhéanamh ar mhéid na hidreafluaracarbón i gcomparáid le 2015, agus tá sé beartaithe deireadh a chur de réir a chéile faoi 2050.

Idir 2015 agus 2023, tháinig laghdú 32,8 % ar astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa fluairínithe san Aontas, agus tháinig laghdú 31,4 % ar astaíochtaí HFCanna. Ó 2022 go 2023 amháin, tháinig laghdú 7,4 % ar astaíochtaí i gcás na ngás ceaptha teasa fluairínithe uile agus laghdú 5,5 % i gcás HFCanna. Cuidíonn na laghduithe sin leis na Ballstáit a spriocanna a bhaint amach faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.

## 3.4 Iompar de bhóthar

Is iad astaíochtaí iompair is cúis leis an gceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) uile an Aontais agus is iad is cúis le 39 % d'astaíochtaí faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Is é an t-iompar an t-aon mhóiearnáil i ngeilleagar an Aontais ina bhfuil astaíochtaí fós níos airde ná mar a bhí siad in 1990 (+ 18 %) agus nár tháinig ach laghdú beag orthu ó 2005 i leith (féach Caibidil 4 den doiciméad inmheánach oibre chun tuilleadh sonraí a fháil). **Ní mór dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair chun spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050 a bhaint amach.**

Is é an t-iompar de bhóthar is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa san earnáil sin, rud a ghineann thart ar 95 % d'astaíochtaí, nó 73 % nuair a chuirtear astaíochtaí eitlíochta agus muirí idirnáisiúnta san áireamh. Tagann os cionn 70 % d'astaíochtaí ó iompar de bhóthar ó ghluaisteáin paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma (veaineanna). Ó 2005 go 2023, tháinig laghdú níos lú ná 5 % ar astaíochtaí ón iompar de bhóthar. Léiríonn sé sin go ndearnadh na gnóthachain in éifeachtúlacht feithiclí agus an méadú ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a cláraíodh a fhritháireamh beagnach go hiomlán leis an méadú leanúnach ar ghníomhaíocht iompair de bhóthar.

Is **príomhbheartais iad caighdeáin astaíochtaí CO2 an Aontais do ghluaisteáin, veaineanna feithiclí tromshaothair** nua (i.e. leoraithe, busanna, cóistí agus leantóirí) **chun astaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar a laghdú de réir a chéile**. Leagtar síos leo spriocanna laghdaithe astaíochtaí le haghaidh fhlít uile an Aontais, óna ríomhtar spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha do gach monaróir nó do gach díorma aonair. Déanann monaróir nó díorma (ní ar leibhéal na feithicle aonair) measúnú ar chomhlíonadh na spriocanna sonracha ar leibhéal an fhlít feithiclí arna gclárú i mbliain féilire ar leith.

De réir sonraí faireacháin sealadacha, tháinig méadú beag ar mheánastaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin nua agus veaineanna nua a cláraíodh san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua in 2024, i gcás gluaisteán go 106.8 gCO2/km, méadú ó 106.4 gCO2/km in 2023, agus i gcás veaineanna go 185.4 gCO2/km, méadú ó 180.8 gCO2/km in 2023.

Is céim bheag siar é an méadú beag bliain ar bhliain ar astaíochtaí go dtí an treocht ghéar anuas in astaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin agus veaineanna nua ó 2020 i leith, nuair a tháinig spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO2 níos déine isteach. Tharla an méadú sin sa bhliain féilire deiridh sula dtiocfaidh spriocanna níos déine 2025 i bhfeidhm. Taifeadadh méadú comhchosúil ar astaíochtaí freisin sna blianta sular tháinig spriocanna níos déine 2020 i bhfeidhm.

In 2024, bhí meánastaíochtaí CO2 faoi bhun spriocanna an Aontais (féach Fíor 16), rud a léiríonn titim 28 % i gcás gluaisteán agus 8 % i gcás veaineanna i gcomparáid le 2019. Is é is cúis leis an dul chun cinn sin go príomha an méadú atá ag teacht ar líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. In 2024, ní raibh aon astaíochtaí sceithphíopa ag 14,5 % de ghluaisteáin nua agus 7,2 % de veaineanna nua — méadú géar ó 2,2 % agus 1,4 % in 2019. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór i ráta glactha na bhfeithiclí astaíochtaí

nialasacha ar fud na mBallstát (féach Fíor 17). Sa Danmhairg, bhí beagnach 52 % de ghluaisteáin nua paisinéirí astaíochtaí nialasacha in 2024. Os a choinne sin, d'fhan an sciar an-íseal i roinnt tíortha, mar shampla 2,3 % sa tSlóvaic, 2,8 % sa Chróit, agus 3 % sa Pholainn.

PUBLIC

**Fíor 16: Meánastaíochtaí $CO_2$ (poncanna) agus spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais (línte) le haghaidh gluaisteáin agus veaineanna nua**




**Fíor 17: Sciar na ngluaisteán paisinéirí astaíochtaí nialasacha i gclárúcháin gluaisteán nua paisinéirí (%, 2024)**




*Foinse: An Fhaireachlann um Breoslaí Malartacha*

D'ainneoin an dul chun cinn maith a rinneadh le blianta beaga anuas, tá gá le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí chun go mbainfidh an tAontas amach na spriocanna a bheidh ann amach anseo. Faoi 2030, ní mór laghdú 55 % a theacht ar mheánastaíochtaí i gcomparáid le bonnlíne 2021 do ghluaisteáin nua (go 49.5 gCO2/km) agus 50 % do veaineanna nua (go 90.6 gCO2/km).

Gineann **feithiclí tromshaothair**, amhail leoraithe, busanna, cóistí agus leantóirí, beagnach 30 % de na hastaíochtaí CO2 uile ón iompar de bhóthar. In 2024, ghlac an tAontas caighdeáin athbhreithnithe CO2 le haghaidh feithiclí nua tromshaothair chun na caighdeáin atá ann cheana a dhéanamh níos doichte agus chun an raon feidhme a leathnú chuig leoraithe meánmhéide, busanna cathrach, cóistí agus leantóirí. Ceanglaítear leis an Rialachán athbhreithnithe laghduithe 15 % ar astaíochtaí CO2 faoi 2025 (gan athrú ón athbhreithniú), 45 % ó 2030, 65 % ó 2035, agus 90 % ó 2040 ar aghaidh i gcomparáid le bonnlíne 2019. Leagtar síos leis freisin sprioc 100 % maidir le hastaíochtaí nialasacha do bhusanna cathrach nua ó 2035 ar aghaidh.

PUBLIC

I dtréimhse tuairiscithe 2023, lena gcumhdaítear an tréimhse ó mhí an Mheithimh 2023 go mí Iúil 2024, tháinig **laghdú 4,3 % ar mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ feithiclí nua tromshaothair** [38] a cláraíodh **san Aontas**. Tugann sé sin le fios go bhfuil an treocht maidir le meath níos mó, a thosaigh sa tréimhse tuairiscithe 2022 (-6,6 %) tar éis an t-aon mhionlaghduithe sa dá thréimhse tuairiscithe roimhe sin, ag leanúint ar aghaidh (Fíor 18) [39].

**Ar an iomlán, i dtréimhse tuairiscithe 2023, bhí astaíochtaí 11,4 % faoi bhun leibhéil 2019**. Cé go gciallaíonn sé sin go bhfuil an sprioc maidir le laghdú 15 % ar fhlít uile le haghaidh 2025 bainte amach cheana féin, beidh gá le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí sna tréimhsí tuairiscithe atá le teacht, go háirithe i bhfianaise na spriocanna níos uaillmhianaí ó 2030 ar aghaidh.

**Tá méadú faoi dhó beagnach tagtha ar an líon leoraithe astaíochtaí nialasacha nua a cláraíodh sa tréimhse tuairiscithe 2023** i ndáil leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, ach tá a sciar sna grúpaí feithiclí a rialáiltear ar dtús fós íseal, ag 1,1 %.

---

[38] Tá cineálacha áirithe leoraithe troma i ngrúpaí feithiclí 4, 5, 9 agus 10 laistigh de raon feidhme na gcaighdeán CO2 tosaigh roimh an athbhreithniú thuasluaite. Tagraíonn an anailís seo a leanas do na grúpaí feithiclí sin atá á rialú faoi láthair.

[39] Mar gheall ar athrú ar an teicníc ionsamhlúcháin chun astaíochtaí feithiclí nua tromshaothair a chinneadh, déantar rómheastachán beag ar an laghdú sa tréimhse tuairiscithe 2022, agus meastar go bhfuil an fíorlaghdú thart ar 4 %. Níl an éifeacht sin chomh hábhartha céanna le haghaidh thréimhse tuairiscithe 2023.

**Fíor 18: Meánastaíochtaí sonracha CO2 (poncanna) agus spriocanna (línte) le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh feithiclí nua tromshaothair de chuid na ngrúpaí feithiclí a rialáiltear ar dtús**




PUBLIC

Rannchuidítear leis an Treoir maidir le Cáilíocht Bhreosla astaíochtaí iompair a laghdú trí cheanglais cháilíochta a shocrú le haghaidh breoslaí iompair ar bóthar. Tá comhlíonadh na dteorainneacha cáilíochta breosla ard san Aontas. Tuairiscíodh go raibh beagnach gach príomhpharaiméadar breosla sna samplaí a tógadh in 2023 laistigh de na teorainneacha lamháltais (lena n-áirítear an cion uasta sulfair), agus thuairiscigh na Ballstáit na gníomhaíochtaí a rinneadh nuair a sainaithníodh samplaí neamhchomhlíontacha. Deimhnítear leis sin go n-áirithítear leis an gcóras faireacháin ar cháilíocht bhreosla atá i bhfeidhm faoi láthair go ndíoltar breoslaí ardcháilíochta san Aontas agus go gcomhlíonann siad ceanglais na Treorach maidir le Cáilíocht Bhreosla.

Go dtí 2023, ceanglaíodh ar na Ballstáit freisin tuairisciú a dhéanamh ar an sprioc maidir le déine astaíochtaí GCT saolré 6 % le haghaidh breoslaí iompair de bhóthar (arna dtomhas in aghaidh leibhéil 2010). Ó 2023 i leith, tá na spriocanna dícharbónaithe ionchorpraithe sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Meándéine astaíochtaí GCT breoslaí a soláthraíodh in 2023, bhí sí 6,3 % ní b’ísle ná in 2010.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le cáilíocht bhreosla, féach Caibidil 6 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

Beidh dóchán breosla in iompar de bhóthar faoi réir **córas nua trádála astaíochtaí** (CTA2) freisin. Is é is aidhm don athrú sin astaíochtaí a laghdú 42 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005 (féach Caibidil 2 chun tuilleadh sonraí a fháil).

# 4. Earnáil úsáide talún

**Príomh-bhuaicphointí**

- Tá laghdú tagtha ar aistrithe carbóin ón earnáil úsáide talún, le feabhas beag le déanaí, rud a d'fhág go raibh glanlinn charbóin de – 198 MtCO2-eq ann in 2023.
- Léirítear fós sna réamh-mheastacháin is déanaí atá ar fáil ó na Ballstáit go bhfuil bearna 40-55 MtCO2-eq ann ar leibhéal an Aontais ó sprioc 2030 an Aontais.
- Tá gá le tuilleadh infheistíochta in earnáil na húsáide talún agus le córas faireacháin níos fearr chun gur féidir sprioc aeráide na hearnála úsáide talún a bhaint amach agus chun slabhraí luacha athléimneacha bithgheilleagair a áirithiú.

PUBLIC

San Aontas, ionsúitear níos mó gáis cheaptha teasa in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (ÚTAÚTF) ná mar a astaítear uaithi, rud a bhaineann méideanna móra carbóin den atmaisféar. Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag an earnáil maidir le spriocanna bheartas aeráide an Aontais a bhaint amach, rud a chuidíonn le haistrithe a fheabhsú agus athléimneacht earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta a threisiú.

Mar phríomhcholún do bhithgheilleagar an Aontais, tá ról chomh tábhachtach céanna ag an earnáil maidir leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach athléimneach, mar shampla maidir le bia agus ábhair a chur ar fáil a chuirtear in ionad ábhair iontaise nó ábhair atá dian ar charbón.

Tháinig méadú 15 Mt ar ghlan-aistrithe in 2023 i gcomparáid le 2022, rud a d'fhág go raibh glanlinn iomlán de – 198 MtCO2-eq ann in 2023. D'ainneoin an fheabhsaithe sin, áfach, is cúis imní an luas atá le laghdú na linne aistrithe carbóin le deich mbliana anuas. Is iad an fómhar méadaithe agus fás foraoise níos moille is cúis leis an treocht sin den chuid is mó. Is é is cúis leis sin an t-athrú aeráide a bhfuil tionchar méadaitheach aige. Tá dóiteáin foraoise níos minice agus níos déine, damáistí gaoithe, triomaigh, agus ráigeanna feithidí agus fungais ag laghdú cumas foraoise carbón a ionsú. I gcásanna áirithe, is toisc iad foraoisí atá ag dul in aois freisin. Dá bhrí sin, tá éiginnteacht ann maidir le hacmhainneacht fhoraoisí an Aontais amach anseo carbón a bhaint, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh baol ann go gcaillfidh an tAontas a chumas cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí carbóin ó fhoinsí eile.

Faoi láthair, is iad an talamh a úsáidtear le haghaidh lonnaíochtaí, talamh curaíochta, bogaigh agus féarthailte na príomhfhoinsí d'astaíochtaí ÚTAÚTF (Féach Fíor 19).

**Fíor 19: Astaíochtaí agus aistrithe in earnáil na talún in 1990-2023 de réir na príomhchatagóire úsáide talún (AE-27)**




## 4.1 Sprioc ÚTAÚTF

Is é sprioc ÚTAÚTF glan-aistrithe talamhbhunaithe san Aontas a mhéadú −42 MtCO2-eq breise faoi 2030 i gcomparáid leis an tréimhse thagartha 2016-2018 [40].

Don tréimhse ó 2021-2025, tá feidhm ag rialacha sonracha cuntasaíochta maidir le catagóirí éagsúla cuntasaíochta talún, lena mbreithnítear tagarmharcanna stairiúla sonracha (amhail an leibhéal tagartha foraoise). Ní mór do na Ballstáit an 'gealltanas faoi thoradh neodrach nó dearfach' a leanúint, rud a chiallaíonn nár cheart d'astaíochtaí 'a thugtar i gcuntas' a bheith níos mó ná aistrithe 'a thugtar i gcuntas'.

Don tréimhse ó 2026-2030, déantar an tuairisciú a shimpliú, agus cuirtear deireadh leis na rialacha cuntasaíochta agus leis na tagarmharcanna comhfhreagracha. Leis an sprioc bhreise −42 MtCO2-eq cumhdaítear gach catagóir tuairiscithe ÚTAÚTF agus déantar í a dháileadh i measc na mBallstát trí spriocanna aonair, bunaithe ar a sciar den limistéar iomlán talún bainistithe. Le spriocanna náisiúnta 2030 ceanglaítear ar gach Ballstát a uaillmhian aeráide a mhéadú agus beartais bhreise talmhaíochta agus

[40] Mar thoradh ar na meán-ghlan-aistrithe bliantúla le haghaidh na blianta 2016, 2017 agus 2018, mar a tuairiscíodh i dtíolacadh fardail gás ceaptha teasa 2020, móide na glan-aistrithe breise −42 $MtCO_2$-eq, tá glan-aistrithe −310 $MtCO_2$-eq san iomlán ar leibhéal an Aontais. Déanfar aon choigeartú modheolaíochta mar gheall ar fheabhsuithe sa tuairisciú ar shonraí fardail a mheas sa tseiceáil comhlíontachta in aghaidh sprioc 2030.

foraoiseachta a chur chun feidhme. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Caibidil 10 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

PUBLIC

## 4.2 Measúnú ar an dul chun cinn

Is ann fós don treocht dhiúltach maidir le glan-aistrithe atá ag laghdú agus a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas. Léirítear bearna sa sprioc leis na réamhuimhreacha don tréimhse chomhlíontachta 2021-2025 chomh maith le réamh-mheastacháin na mBallstát don tréimhse chomhlíontachta 2026-2030.

Bunaithe ar fhardal GCT 2025 a gcuirtear isteach, léiríonn an t-iarmhéid sealadach ‘a thugtar i gcuntas’ le haghaidh na tréimhse 2021 go 2023 dochar iomlán 52 MtCO2-eq de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, réamh-mheastar nach gcomhlíonfar an gealltanas faoi thoradh neodrach nó dearfach ar leibhéal an Aontais, de réir na bhfigiúirí atá ar fáil faoi láthair. Tá siad sin, áfach, faoi réir athruithe sna blianta amach romhainn mar gheall ar fheabhsuithe modheolaíochta ar fhardail ghás ceaptha teasa a bhfuil coinne leo amach anseo. Cuirfear na hathruithe sin, agus aon solúbthachtaí atá ar fáil do na Ballstáit, san áireamh ansin roimh an tseiceáil chomhlíontachta le haghaidh 2021-2025 a dhéanfar in 2027 [41].

Bunaithe ar shonraí ar feadh 3 bliana laistigh den tréimhse chomhlíontachta (2021-2023) agus gan solúbthachtaí a áireamh, léirigh 11 Bhallstát dochair chuntasaíochta. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh dúshláin a bheith rompu maidir leis an ngealltanas a chomhlíonadh in 2025, agus is iad an Ghearmáin, an Fhionlainn agus an Phortaingéil a léiríonn an glandochar is mó [42]. Ar an taobh eile, tá 16 Bhallstát i gcomhréir leis an ngealltanas faoi thoradh neodrach nó dearfach, ós rud é go bhfuil aistrithe a dtugtar cuntas orthu níos airde ná na hastaíochtaí a dtugtar cuntas orthu. Is san Iodáil, sa Rómáin agus sa Spáinn atá an glanchreidmheas is mó [43]. Arís eile, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athrú teacht ar na figiúirí sin mar gheall ar fheabhsuithe modheolaíochta a bhfuil coinne leo.

Léirítear leis na réamh-mheastacháin arna soláthar ag na Ballstáit nach bhfuil an tAontas ina iomláine ar an mbóthar ceart chun a sprioc a chomhlíonadh maidir le glan-aistrithe breise 42 Mt$CO_2$-eq a ghiniúint faoi 2030, rud a fhágann bearna de thart ar 40-55 Mt$CO_2$-eq. Is iad an tSualainn, an Fhionlainn agus an Spáinn atá ag réamh-mheas na

---

[41] Cuireann na Ballstáit feabhas leanúnach ar a modheolaíochtaí chun fardail gás ceaptha teasa a thuairisciú i dtéarmaí chruinneas na sonraí. Léirítear athríomhanna bunaithe ar shonraí níos fearr sna fardail le himeacht ama. Dá bhrí sin, ní mór roinnt tagarmharcanna stairiúla a úsáidtear le haghaidh cuntasaíochta, amhail na leibhéil tagartha foraoise, a thabhairt cothrom le dáta dá réir. Ina theannta sin, tá solúbthachtaí sonracha ar fáil i Rialachán ÚTAÚTF, amhail le haghaidh suaití nádúrtha, a d’fhéadfadh na Ballstáit a úsáid. Ní mór na gnéithe sin a chur san áireamh roimh an tseiceáil comhlíontachta i gcoinne an ghealltanais faoi thoradh neodrach nó dearfach don tréimhse chomhlíontachta 2021-2025. Tá próiseas curtha ar bun ag an gCoimisiún chun cabhrú leis na Ballstáit agus chun ullmhú na nuashonruithe sin a éascú sna míonna amach romhainn.

[42] Ballstáit a bhfuil dochair acu in ord íslitheach méide: An Ghearmáin, an Fhionlainn, an Phortaingéil, an Fhrainc, an tSeicia, an Ostair, an tSualainn, an Eastóin, an Laitvia, an Bheilg, an Chipir.

[43] Ballstáit a bhfuil creidmheasanna acu in ord méadaithe méide: Málta, Lucsamburg, an tSlóivéin, an Liotuáin, an Ísiltír, an Ghréig, an Chróit, an tSlóvaic, an Bhulgáir, Éire, an Pholainn, an Ungáir, an Danmhairg, an Spáinn, an Rómáin, an Iodáil.

bearna is mó le hais a gcuid spriocanna náisiúnta do 2030, agus tá sé beartaithe ag an bhFrainc, ag an tSlóivéin agus ag an bPortaingéil go mbeidh an barrachas is mó acu i gcomparáid lena spriocanna do 2030 faoi seach (Fíor 20).

PUBLIC

**Fíor 20: Bearna réamh-mheasta chuig spriocanna náisiúnta 2030 le bearta breise, bunaithe ar réamh-mheastacháin na mBallstát do 2030 (MtCO2-eq)**




*Tabhair faoi deara: Ríomhadh na bearnaí i sprioc ÚTAÚTF 2030 agus sonraí agus réamh-mheastacháin fardail GCT is déanaí na mBallstát (a tíolacadh in 2025 araon) á gcur san áireamh, lena n-áirítear athchoigeartú chun neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na sonraí fardail agus na réamh-mheastacháin a chur san áireamh. Ós rud é go gcuireann na Ballstáit feabhas leanúnach ar a modheolaíochtaí le haghaidh sonraí fardail GCT agus réamh-mheastacháin i dtéarmaí cruinnis, tá ríomhanna na bearna soghabhálach i leith athruithe amach anseo.*

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit beartais leordhóthanacha a cheapadh agus a chur chun feidhme go pras chun iad a chur ar an mbóthar ceart chun a spriocanna aeráide a bhaint amach. Ba cheart a áireamh leis sin bearta chun cuidiú le feirmeoirí, foraoiseoirí agus grúpaí eile lena mbaineann chun samhlacha gnó inbhuanaithe a thógáil i gcomhréir leis na spriocanna sin.

## 4.3 Gníomhaíocht chun dlús a chur le faireachán talún

Ceanglaítear le Rialachán ÚTAÚTF go mbunóidh na Ballstáit uile córais chun faireachán a dhéanamh ar stoic charbóin ithreach agus bhithmhaise, i measc nithe eile.

Tá fardail GCT na mBallstát mar bhonn taca faoin ngníomhú ar son na haeráide agus bíonn siad faoi réir forbairt leanúnach. Le sonraí níos cruinne agus níos tráthúla maidir le talamh, ithir agus foraoisí, cuideofar le bearta a shainaithint lena mbainfear na tairbhí aeráide is airde amach. Tá córais faireacháin chuimsitheacha agus inchomparáide le haghaidh talún, lena mbaintear tairbhe as ardteicneolaíochtaí amhail samhaltú agus

satailítí, ríthábhachtach le haghaidh cinnteoireacht chostéifeachtúil agus infheistíocht in earnáil na talún, sna Ballstáit agus feadh shlabhraí luacha an bhithgheilleagair araon. Tá an Coimisiún ag cuidiú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí sin, amhail tríd an gclár Fís Eorpach agus trí chlár satailíte Copernicus.

PUBLIC

## 4.4 Tionscnaimh ghaolmhara atá ábhartha don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht

Tá Rialachán an Aontais maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin a glacadh in 2024 ceaptha **chun cur in úsáid aistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ardcháilíochta a éascú agus a bhrostú**. Tá trí chineál gníomhaíochta ar leith ann:

- aistrithe buana;
- feirmeoireacht carbóin; agus
- stóráil carbóin i dtáirgí fadtéarmacha.

Trí tháirgí stórála carbóin a dheimhniú, amhail tógáil adhmadbhunaithe, cuirfidh an rialachán deiseanna nua gnó ar fáil do bhainisteoirí talún agus tacóidh sé le fás an bhithgheilleagair chiorclaigh inbhuanaithe. Tacóidh sé sin leis na Ballstáit a spriocanna ÚTAÚTF a bhaint amach.

PUBLIC

## 4.5 Dreasachtaí le haghaidh aistrithe carbóin agus cleachtais inbhuanaithe

Tá roinnt mhaith sásraí cistiúcháin agus dreasachtaí ar fáil nó á bhforbairt chun aistrithe dé-ocsaíde carbóin a spreagadh, trí bhíthin foinsí poiblí nó foinsí príobháideacha.

**Soláthraíonn an tAontas cistiú** faoin gcomhbheartas talmhaíochta, faoi chistí an bheartais chomhtháthaithe, agus faoi chláir eile de chuid an Aontais amhail LIFE nó Fís Eorpach (go háirithe an Comhaontú Ithreach). In 2023, ghlac an Coimisiún treoraíocht maidir le deiseanna cistiúcháin ón Aontas le haghaidh ithreacha sláintiúla.

Is féidir leis na Ballstáit tacú le glacadh cleachtas bainistithe inbhuanaithe freisin faoi Rialacha maidir le Státchabhair, a athbhreithníodh agus lena dtugtar tacaíocht do sholáthar éicisheirbhísí foraoise amhail rialú na haeráide agus athchóiriú na bithéagsúlachta. Leis an treoraíocht ón gCoimisiún maidir le scéimeanna íocaíochta as éicisheirbhísí foraoise, soláthraítear tuilleadh faisnéise do ghrúpaí leasmhara. Cumhdaítear freisin leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus le Státchabhair cistiú le haghaidh infheistíochtaí agus beart amhail oiliúint, comhairle nó comhar a chuidíonn le huasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtaí.

Tionscnaimh an earnála príobháidí atá nasctha le margaí carbóin deonacha nó le meascán de roghanna cistithe éagsúla, is féidir leo cur in úsáid na feirmeoireachta carbóin ar mhórscála a fhorlíonadh agus a chur chun cinn a thuilleadh.

PUBLIC

# 5. Bainistiú carbóin thionsclaíoch

**Príomh-bhuaicphointí**

- Is gá astaíochtaí CO2 a ghabháil agus a stóráil go buan chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.
- In 2024, dhréachtaigh an Coimisiún Eorpach straitéis chun bainistiú carbóin tionsclaíoch a chumasú.
- Tá sprioc acmhainneachta insteallta CO2 ag an Aontas do 2030 agus cuireann sé cuideachtaí ola agus gáis faoi oibleagáid chun an sprioc sin a bhaint amach.

Léirítear sa mheasúnú tionchair ar sprioc aeráide 2040 gur ghá suas le 300 milliún tona CO2 a ghabháil agus thart ar 200 milliún tona CO2 a stóráil faoi 2040 chun sprioc 2040 atá beartaithe a bhaint amach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 90 %. Níor mhór tuairim is 450 milliún tona CO2 a ghabháil agus thart ar 250 milliún tona CO2 a stóráil faoi lár an chéid. Leagtar amach fís sa straitéis um bainistiú carbóin thionsclaíoch agus moltar liosta gníomhaíochtaí inti chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Is féidir CO2 a ghabháil chun cosc a chur lena scaoileadh isteach san atmaisféar, agus ansin é a stóráil nó a úsáid. Tugtar gabháil agus stóráil carbóin (GSC) agus gabháil agus úsáid carbóin (GÚC) ar na cleachtais sin. Ba cheart an chuid is mó den CO2 a bhfuil coinne lena ghabháil teacht ó bhunábhair phróisis thionsclaíocha (e.g. loscadh dramhaíola nó gléasraí clincir).

Is féidir le CO2 gafa a bheith de thionscnamh bithghineach nó atmaisféarach freisin. Táirgtear CO2 bithghineach trí phróisis bhitheolaíocha agus is féidir é a ghabháil ó ghléasraí cumhachta bithmhaise nó ó ghléasraí aisghabhála fuinnimh, mar shampla. Faightear CO2 atmaisféarach san atmaisféar go nádúrtha. Cleachtas ar a dtugtar buanaistrithe carbóin is ea CO2 de thionscnamh bithghineach nó atmaisféarach a ghabháil agus a stóráil go buan.

**Fíor 21: Scéim gabhála, úsáide agus stórála carbóin**



Is céim thábhachtach í an straitéis um bainistiú carbóin thionsclaíoch i dtreo gabháil agus stóráil carbóin (GCS), gabháil agus úsáid carbóin (GÚC) agus buanaistrithe carbóin san Eoraip a chur in úsáid ar bhealach níos aonchineálaí. Tacaíonn an straitéis le margadh aonair a chruthú le haghaidh seirbhísí iompair agus stórála $CO_2$ ar fud na hEorpa faoi 2030.

PUBLIC

Leis an gcreat deimhniúcháin maidir le haistrithe carbóin a glacadh go déanach in 2024, leagtar síos rialacha an Aontais chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin ardcháilíochta a thomhas agus a fhíorú. Tá sé beartaithe leis tacú leis an margadh deonach agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhonn chun aistrithe buana intíre a chomhtháthú in CTA AE amach anseo. Nascann an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan 2025 spriocanna aeráide leis an iomaíochas tionsclaíoch, agus tús áite á thabhairt do ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin d'earnálacha inar deacair astaíochtaí a laghdú agus lena léirítear athrú féideartha CTA AE chun aitheantas a thabhairt do stóráil bhuan $CO_2$.

Ó mhí na Nollag 2024 i leith, ní mór do na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a thíolacadh maidir le riachtanais gabhála, iompair agus stórála carbóin.Tá an méid seo a leanas sa tuarascáil seo:

- tionscadail leanúnacha gabhála, stórála agus iompair $CO_2$,
- riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainní insteallta agus stórála,
- bearta, straitéisí agus spriocanna tacaíochta náisiúnta maidir le gabháil $CO_2$.

Tá tuarascálacha bliantúla uile na mBallstát ar fáil ar shuíomh gréasáin na sprice stórála carbóin.

Tá sé mar aidhm ag an Aontas margadh de chuid an Aontais a chruthú le haghaidh seirbhísí stórála $CO_2$. Chun é sin a bhaint amach, leagtar síos leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta sprioc de chuid an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ de 50 milliún tona ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2030 agus cuirtear 44 tháirgeoir ola agus gáis de chuid an Aontais faoi oibleagáid chun an sprioc sin a bhaint amach. Ní mór do na táirgeoirí sin acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil a fhorbairt san Aontas faoi 2030 [44]. Ó 2025 ar aghaidh, foilseoidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil bhliantúil maidir leis an dul chun cinn i dtreo an sprioc a bhaint amach.

Faoin 30 Meitheamh 2025, bhí ar tháirgeoirí plean mionsonraithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina mínítear an chaoi a bhfuil siad ag ullmhú chun rannchuidiú le sprioc 2030 an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$. Ba cheart do na pleananna sin méid na hacmhainneachta nua stórála agus insteallta $CO_2$ a bhfuil sé d'aidhm acu a bheith réidh faoi 2030 a dheimhniú agus na modhanna agus na spriocanna

[44] Cinneadh (AE) 2025/1479 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2025 lena sonraítear na rannchuidithe pro rata le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ faoi 2030 ó eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

idirmheánacha a úsáidfidh siad chun é sin a bhaint amach a shonrú. Amhail ón 30 Meitheamh 2026, ní mór do tháirgeoirí ola agus gáis tuairisciú go bliantúil don Choimisiún, agus a ndul chun cinn i dtreo na sprice á sonrú acu. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí.

PUBLIC

# 6. Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide

PUBLIC

**Príomh-bhuaicphointí**

- Tá guaiseacha aeráide ag baint an bhoinn d'iomaíochas, de shlándáil agus de rathúnas na hEorpa. Ba cheart athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a bheith ina dlúthchuid de bheartais uile na hEorpa go práinneach.
- Tá obair ar siúl chun creat comhtháite de chuid an Aontais maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chruthú, creat a mholfar in 2026.
- Is prionsabal lárnach é an athléimneacht trí dhearadh. Ciallaíonn sé nach mór gach infheistíocht atá leochaileach nó neamhchosanta ar thionchair aeráide a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a saolré agus chun iad a sheasamh, gan caillteanas do-ghlactha a luacha ná a n-áirgiúlachta.
- Rinne Ballstáit an Aontais dul chun cinn maith maidir le beartas athléimneachta agus oiriúnúcháin a fhorbairt le bliain anuas, cé nach ndearna siad tomhas go fóill ar na hathruithe claochlaitheacha is gá.
- Tá gá le haird mhór bhreise chun gníomhaíochtaí oiriúnúcháin a ullmhú agus a chur chun feidhme i ngach earnáil.

Tá tionchair an athraithe aeráide anseo. Tá stoirmeacha, tonnta teasa, triomaigh, falscaithe agus tuilte ag déanamh damáiste do thithe, do bhóithre, don dúlra, do chúrsaí airgeadais agus don gheilleagar i gcoitinne ar fud thíortha uile an Aontais. Le dlí an Aontais, ceanglaítear ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

- **acmhainneacht a fhorbairt chun oiriúnú a dhéanamh:** foghlaim faoina bhfuil ag teacht agus pleanáil dá réir sin;
- **athléimneacht a neartú:** cabhrú le daoine, le háiteanna agus le córais cur isteach a sheasamh agus téarnamh go tapa; agus
- **leochaileacht a laghdú:** neamhchosaint pobal agus sócmhainní ar dhíobháil aeráide a laghdú.

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, tá bearta an Aontais agus bearta náisiúnta fós gann ar a bhfuil ag teastáil ag an gcéim seo.

## 6.1 Guaiseacha aeráide agus caillteanais eacnamaíocha

In 2024, d'fhoilsigh EEA an chéad **Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide**. Léiríodh sa mheasúnú sin go bhféadfadh 34 as 36 mhór-riosca aeráide i gcúig bhraisle riosca (éiceachórais, sláinte, bonneagar, bia agus geilleagar agus airgeadas) leibhéil chriticiúla nó fiú thubaisteacha a bhaint amach le linn an chéid seo faoi chásanna arda téimh.

Fuarthas amach i dtorthaí thuarascáil 2024 ar staid na haeráide san Eoraip [45] go bhfuil na rioscaí sin ag bagairt ar shaol, ar shlite beatha agus ar fholláine go leor Eorpach.

Ó na 1980idí i leith, **tá an Eoraip ag téamh dhá uair chomh tapa leis an meán domhanda**, rud a fhágann gurb í an mhór-roinn is mó téamh í. Ba í 2024 an bhliain ba theo riamh san Eoraip, mar a rianaíodh i ngach tacar sonraí, le teochtaí bliantúla níos airdená riamh i mbeagnach leath (thart ar 48 %) den mhór-roinn. Shroich meánteocht dhromchla bhliantúil na mara agus an locha don Eoraip in 2024 an leibhéal is airde riamh freisin, beagán os cionn an leibhéil is airde riamh a socraíodh in 2023. Is iad na hoighearshruthanna i gCríoch Lochlann a bhí thíos leis an ollchaillteanas is airde a taifeadadh agus an caillteanas is mó ar domhan.

PUBLIC

**San Eoraip, is é an teas foircneach is cúis le thart ar 95 % de na básanna uile a bhaineann leis an aeráid** [46]. Le 20 bliain anuas, tá méadú thart ar 30 % tagtha ar líon na mbásanna teasa, rud a fhágann gurb iad na daoine a chónaíonn i ndlúthchathracha is mó atá thíos le hiarmhairt teasoileáin uirbigh [47].

**Dhóigh falscaithe níos mó ná 400 000 heicteár (4 000 $km^2$) in 2024** in 21 as 27 dtír an Aontais agus bhí tionchar aige sin ar 42 000 duine. Tá sé sin beagán os cionn an mheáin le linn na tréimhse 2006-2023, ach níos lú ná le linn na 3 bliana roimhe sin [48]. Mar sin féin, bhris falscaithe tromchúiseacha amach go luath sa phríomhshéasúr, i mí Iúil, ar roinnt oileán de chuid na Gréige agus i Maidéara na Portaingéile. Laistigh de sheachtain amháin, dhóigh falscaithe na Portaingéile os cionn 100 000 heicteár talún, thart ar 32 % de dhromchla dóite san Eoraip [49]. Sa Bhulgáir, bhí an t-achar dóite iomlán a taifeadadh ar an achar ab airde le breis agus deich mbliana, agus bhí 256 dhóiteáin ag dó 45 000 heicteár talún. Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2025, bhí beagnach milliún heicteár dóite ó thús na bliana, níos mó ná trí oiread an mheánráta 293 000 heicteár le linn 2006-2024 [50].

In éineacht le teochtaí níos teo ná an meán, bhí tionchar ag an **easpa fada báistí** ar fud an chuid is mó d'oirdheisceart na hEorpa ar shreafaí abhann agus bhí tionchar aici ar **thalmhaíocht, ar éiceachórais agus ar tháirgeadh fuinnimh**. Mar shampla, léiríonn faisnéis ó roinnt foinsí go raibh taiscumair sa tSicil faoi bhun na leibhéal foláirimh go luath i mí Iúil 2024, agus méideanna 45 % níos ísle ná an bhliain roimhe sin [51]. D'eisigh go leor bardas rialacháin coigilte uisce toisc go raibh triomach ina chúis le caillteanais don táirgeadh talmhaíochta. Chuir sé sin isteach go mór ar bharra torthaí citris,

---

[45] Mura sonraítear a mhalairt, tá na sonraí uile sa roinn seo bunaithe ar an tuarascáil sin.
[46] *Economic losses from weather- and climate-related extremes in Europe* [Caillteanais eacnamaíocha ó dhálaí foircneacha aimsire agus aeráide san Eoraip]Leathanach baile na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil
[47] Extreme weather and human health [Adhaimsir agus sláinte an duine] | Copernicus
[48] Thart ar 80 % den mhéid a taifeadadh in 2023 atá sna huimhreacha sin agus gan ach leath d'iomlán 2022 i gceist leo. Advance report on forest fires in Europe, Middle East and North Africa 2024 [Réamhthuarascáil maidir le dóiteáin foraoise san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh 2024] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (lch. 10)
[49] Wildfires [Falscaithe] | Copernicus
[50] EFFIS — Tairseach Staidrimh
[51] Persistent droughts: [Triomaigh mharthanacha]: critical water shortages and crops threatened [ganntanais chriticiúla uisce agus barra faoi bhagairt] - an Coimisiún Eorpach

cruithneachta agus fíonghort, agus meastar gur fiú EUR 2.7 billiún an damáiste eacnamaíoch [52].

In 2024, cé go raibh na dálaí tirime is déine in oirdheisceart na hEorpa agus go raibh samhradh tirim ann ar feadh 12 bhliain, chonacthas na dálaí is fliche i lár na hEorpa ó 1979 i mí Mheán Fómhair, mar gheall ar **fhrasaíocht fhoircneach** ó stoirm Boris a bhuail os cionn ocht mBallstát. Bhí tionchar ag na tuilte tromchúiseacha forleathana a d'eascair as sin ar thart ar 413 000 duine in 2024, rud a d'fhág gur cailleadh 335 duine nó níos mó.

**Meastar go raibh costas EUR 18 mbilliún ar a laghad ar dhamáiste ó stoirmeacha agus ó thuilte ar fud na hEorpa in 2024** agus ba iad na caillteanais faoi árachas mar gheall ar thuilte in 2024 an dara caillteanas ab airde riamh [53]. **As na tubaistí nádúrtha uile a bhuail an Eoraip in 2024, ba iad tuilte ba chúis leis na trí cinn is costasaí**. Agus iad rangaithe de réir caillteanais fhoriomlána, ba iad tulcaí na Spáinne ba chúis le caillteanais EUR 10 mbilliún, agus níos lú ná leath de na sócmhainní faoi árachas. Bhí na tulcaí sa Ghearmáin, sa Pholainn, san Iodáil, san Ostair agus sa tSeicia ina gcúis le caillteanais fhoriomlána EUR 5 bhilliún, agus gan ach 2 bhilliún duine faoi árachas. Ba iad na tuillte a tharla de dheasca stoirm Boris sa tSeicia, san Ostair, sa Pholainn, san Iodáil, sa tSlóvaic, sa Rómáin agus san Ungáir ba chúis le caillteanais EUR 4 bhilliún, agus bhí a leath faoi árachas [54]. Is é an t-athrú aeráide is cúis le níos mó ná an tríú cuid de na **caillteanais árachais uile a bhain leis an aimsir** le 20 bliain anuas [55]. In 2023, ní raibh ach thart ar an gceathrú cuid de na caillteanais eacnamaíocha san Aontas faoi árachas agus bhí an sciar faoi bhun 5 % i roinnt tíortha san Aontas [56].

Cruthaíonn an méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine go leor de na teagmhais adhaimsire sin rioscaí méadaithe don **timpeallacht thógtha agus don bhonneagar tógtha** san Eoraip, agus do na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Léirítear i staidéar ón gCoimisiún go gcuirfidh an t-athrú aeráide dlús leis an gcreimeadh i bhfoirgnimh choincréite threisithe níos sine, agus go meastar go mbeidh costais deisiúcháin idir EUR 76 bhilliún agus 883 bhilliún faoi 2100.

Déanann tonnta teasa agus dóiteáin fhoircneacha, báisteach throm agus tuilte, stoirmeacha sneachta troma agus toirní diantástáil ar athléimneacht an **chórais iompair**, rud a imríonn tionchar ar fheidhmiúlacht oibríochtúil agus eacnamaíoch agus a mbíonn timpistí, teagmhais agus moilleanna ar sheirbhísí iompair iarnróid nó cealú mar thoradh orthu [57]. Bíonn iarmhairtí mórasocheacnamaíocha ag tonnta teasa muirí freisin, go háirithe do thionscail amhail **an t-iascach, an dobharshaothrú agus an**

[52] Persistent droughts: [Triomaigh mharthanacha]: critical water shortages and crops threatened [ganntanais chriticiúla uisce agus barra faoi bhagairt] - an Coimisiún Eorpach
[53] Hurricanes, severe thunderstorms and floods drive insured losses above USD 100 billion for 5th consecutive year, says Swiss Re Institute | Swiss Re
[54] Munich Reinsurance Company Bileog eolais 2024
[55] Climate change accounts for over a third of insured weather losses this century and rising - Insure Our Future Global
[56] Páipéar comhpháirteach ÚEÁPC agus BCE: Towards a European system for natural catastrophe risk management [I dtreo córas Eorpach um bainistíocht riosca tubaiste nádúrtha] - ÚEÁPC
[57] 2024 Rail Environmental Report | [Tuarascáil Comhshaoil Iarnróid 2024] Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (lch. 76)

**turasóireacht**. Tá tionchar ag an athrú aeráide ar ghrúpaí sonracha daoine agus cultúr san Eoraip freisin. Mar shampla, i dtuaisceart na hEorpa, tá tionchar ollmhór ag an athrú aeráide ar shlite beatha [mhuintir na Sámach](), rud a chuireann cultúr agus folláine na bpobal dúchasach san Eoraip i mbaol.

PUBLIC

Beidh méid na gcaillteanas eacnamaíoch amach anseo **ag brath ar an ngníomhaíocht a dhéanfar chun tionchair aeráide a mhaolú, chun gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide a chur chun feidhme agus chun athléimneacht sócmhainní neamhchosanta a mhéadú**. I ngach cás, d'fhéadfadh caillteanais bhliantúla an Aontais a bheith cothrom le 2,2 % de OTI faoi 2070, agus d'fhéadfadh caillteanais OTI níos mó ná 5 % a bheith ag an gceathrú cuid de réigiúin an Aontais [58]. Má fhanann an téamh domhanda os cionn na tairsí 1.5 céim a leagtar síos faoi Chomhaontú Pháras ar bhonn níos buaine, d'fhéadfadh EUR 2.4 trilliún a bheith i gceist leis an gcaillteanas carnach breise OTI don Aontas ó 2031 go 2050 [59].

Rinne an Coimisiún Eorpach staidéar le déanaí ar chaillteanais táirgiúlachta saothair arb é an strus teasa atá ag dul i méid i réigiúin an Aontais is cúis leo. Léirítear sa staidéar go laghdóidh **strus teasa** ón athrú aeráide táirgiúlacht saothair agus OTI ar fud na hEorpa, agus gurb iad réigiúin an deiscirt agus an oirdheisceart na réigiúin is mó atá buailte. Faoi 2050, d'fhéadfadh caillteanais táirgiúlachta a bheith chomh hard le 0,9 %, agus caillteanais OTI suas le 0,7 % sna réigiúin is mó atá buailte, i gcoibhneas le todhchaí gan tionchair struis teasa. Meastar go rachaidh na caillteanais sin in olcas faoi 2080, agus caillteanas táirgiúlachta cothrom le 2,5 % agus caillteanais OTI os cionn 1,5 %. Mura ndéantar gníomhaíocht oiriúnúcháin, agus má thagann na cásanna aeráide is measa chun cinn, d'fhéadfadh caillteanais táirgiúlachta saothair a bheith níos mó ná 6 % i roinnt réigiún, agus d'fhéadfadh caillteanais OTI a bheith níos mó ná 4 %.

## 6.2 Gníomhaíocht an Aontais chun borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide

I bhfianaise raon leathan na nguaiseacha aeráide, tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar fud ár ngeilleagair, ár sochaí agus ár mbonneagar chun príomhfheidhmeanna sochaíocha a choinneáil ar bun agus folláine daoine a áirithiú. Tá athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus bainistiú riosca ríthábhachtach chun Aontas iomaíoch, slán agus rathúil a bhaint amach.

Is é is aidhm do straitéis Aontas na hUllmhachta feabhas a chur ar ullmhacht shibhialta agus mhíleata an Aontais agus ar a ullmhacht le haghaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo ionas go mbeidh gach duine réidh agus in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach más gá. Cuideoidh an straitéis le gníomhaíocht ullmhachta náisiúnta

[58] Grúpa an Bhainc Dhomhanda, 2024. Climate Adaptation Costing in a Changing World. [Costáil maidir le hoiriúnú don athrú aeráide i ndomhan atá ag athrú.] Economics for Disaster Prevention and Preparedness [Eacnamaíocht um chosc agus ullmhacht tubaistí]

[59] CE. 2024. Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil

trí dhlús a chur leis an gcomhordú agus leis an éifeachtúlacht faoi na straitéisí atá ann cheana agus trí chultúr athléimneachta a chothú i leith gach cineál géarchéime a bheidh ann amach anseo.

Aithnítear sa straitéis gur cuid den mhór-réimse géarchéime iad rioscaí aeráide. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá réamh-mheas agus cosc, agus gur gá dul i ngleic le rioscaí agus bagairtí ar bhealach cuimsitheach, agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad agus a mbíonn éifeachtaí cascáideacha acu á gcur san áireamh. Leis an bpríomhaidhm sin, geallann an straitéis measúnú cuimsitheach trasearnála ar rioscaí agus bagairtí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Leagtar amach go sainráite sa straitéis freisin **'athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh' agus 'ullmhacht trí dhearadh' a leabú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais.** Trí úsáid a bhaint as cásanna coiteanna tagartha aeráide, d'áiritheofaí díonadh níos fearr ar bheartais ó thaobh na haeráide de chun dul i ngleic le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo agus chun bainistiú réamhghníomhach riosca aeráide, comhshaoil agus uisce a neartú ar fud an Aontais.

In 2024, díríodh ar obair a sheoladh ar **chreat comhtháite le haghaidh athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide**, lena n-áirítear glao poiblí ar fhianaise. Bhí an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i gceannas ar an dara Measúnú Eorpach ar Riosca Aeráide a ullmhú. Leis an gcreat comhtháite, féachfar lena áirithiú go ndearfar gach infheistíocht atá i mbaol thionchair an athraithe aeráide chun dul i ngleic leis na rioscaí aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a saolré ('athléimneacht trí dhearadh').

Agus é ailínithe go hiomlán leis na beartais thuas, iarrtar leis an gcompás iomaíochais ar an Aontas agus ar na Ballstáit measúnuithe riosca aeráide a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus feabhas a chur ar bhonneagar criticiúil bunaithe ar phrionsabal na hathléimneachta trí dhearadh. Leagtar amach sa chompás iomaíochais roghanna chun nach gcuirfear isteach ar shlabhraí soláthair agus ar láithreáin táirgthe mar gheall ar theagmhais ghuaiseacha, lena n-áirítear gníomhaíocht chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chomhtháthú sa phleanáil uirbeach, réitigh dhúlrabhunaithe a chur in úsáid, agus creidmheasanna dúlra agus oiriúnú a fhorbairt sa talmhaíocht agus slándáil bia á caomhnú ag an am céanna.

Léirítear san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia na tionchair a bhíonn ag teagmhais adhaimsire agus patrúin frasaíochta atá ag athrú d'fheirmeoirí. Chun a leochaileacht agus a neamhchosaint ar rioscaí a laghdú, méadófar dreasachtaí chun oiriúnú a chistiú ar leibhéal na feirme agus chun riosca a roinnt trí eagraíochtaí táirgeoirí nó comharchumainn. Faoin straitéis, cuirfidh an comhbheartas talmhaíochta a bheidh ann amach anseo bearta agus infheistíochtaí níos spriocdhírithe ar fáil a fhágfaidh go mbeidh earnáil na talmhaíochta níos athléimní in aghaidh na ndálaí athraitheacha. Beidh gá le hathruithe claochlaitheacha níos uaillmhianaí in áiteanna nach bhfuil an táirgeadh reatha inbhuanaithe iontu san fhadtéarma, lena mbaineann, mar shampla, straitéisí áitiúla nua, taighde agus nuálaíocht.

PUBLIC

PUBLIC

Mar a cuireadh i dtábhacht sa **straitéis maidir le hathléimneacht i réimse an uisce**, gné thábhachtach eile a bhaineann le hathléimneacht an Aontais a neartú is ea tacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí, do ghnólachtaí agus don phobal agus iad ag ullmhú do rioscaí aeráide a bheidh ann amach anseo. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tacaíocht d'úsáid uirlisí digiteacha do chórais luathrabhaidh agus faireacháin fíor-ama an Aontais. Iarrtar sa straitéis gníomhaíocht chun daoine agus pobail a chumhachtú chun iad féin a oiriúnú agus iad féin a chosaint ar rioscaí. An chéad chéim i dtreo athléimneacht shochaíoch a fhorbairt is ea a chinntiú go bhfuil faisnéis ar fáil go forleathan maidir leis na rioscaí sonracha a bhíonn roimh dhaoine, gnólachtaí, talamh agus bonneagar. Cé go bhféadfadh go leor uirlisí a bheith ann cheana féin chun an daonra a chosaint ar thubaistí a bhaineann leis an aeráid nó chun an tionchar a mhaolú, ní i gcónaí a bhíonn eolas leordhóthanach orthu ná ní úsáidtear iad go leordhóthanach i gcónaí. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit na naisc idir na huirlisí bainistithe riosca atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach (amhail uirlisí luathrabhaidh sheirbhís bainistithe ráinne Copernicus) agus na huirlisí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil a neartú.

Tá sé ríthábhachtach freisin rioscaí a bhaineann leis an aeráid a leabú sa bheartas fioscach chun an athléimneacht a neartú. De réir mar atá costais eacnamaíocha agus fhioscacha an athraithe aeráide ag dul i méid agus de réir mar a chuirtear dlús leis na hiarrachtaí aistrithe, tá sé ríthábhachtach measúnú a dhéanamh ar thionchair mhacraifhioscacha an athraithe aeráide agus iad a chomhtháthú i gcreataí buiséadacha náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn mór in 2024 le leasuithe ar an treoir **maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát**, a glacadh mar chuid de Chreat Rialachais Eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais. Ó 2026 ar aghaidh, ceanglaítear ar Bhallstáit uile an Aontais measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ina ndoiciméid bhuiséid, a mhéid is féidir, ar an gcaoi a bhféadfadh na rioscaí macraifhioscacha ón athrú aeráide difear a dhéanamh d'inbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach an airgeadais phoiblí, maidir le dliteanais theagmhasacha a bhaineann le tubaistí agus leis an aeráid agus maidir leis na costais fhioscacha a thabhaítear de bharr tubaistí agus suaití a bhaineann leis an aeráid. Is é is aidhm do na forálacha sin tuiscint agus bainistiú na dtionchar fioscach a bhaineann leis an aeráid a neartú, cleachtais bhuiséadaithe níos réamhghníomhaí agus níos eolasaí a chothú, agus tacú le beartas fianaisebhunaithe agus cinntí infheistíochta.

## 6.3 Dul chun cinn sna Ballstáit maidir le beartais agus reachtaíocht maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide

Tá **timpeallacht agus creataí foriomlána an bheartais maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide seanbhunaithe ar fud na hEorpa** [60]. .Úsáideann na Ballstáit raon beartas chun dul i ngleic le rioscaí aeráide

[60] From adaptation to action: [Ó oiriúnú go gníomhaíocht:] insights into progress and challenges across Europe [léargas ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin ar fud na hEorpa]. LEE, 2025.

agus tá sé d'aidhm acu borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus faoin ngníomhaíocht oiriúnúcháin, amhail:

- dlíthe tiomnaithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide;
- dlíthe aeráide náisiúnta agus gníomhartha reachtacha eile ina bhfuil rialacha oiriúnúcháin;
- straitéisí agus pleananna um an oiriúnú náisiúnta; agus
- pleananna earnáilsonracha agus réigiúnacha um an oiriúnú.

Ghlac an Ghearmáin **dlí sonrach neamhspleách maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**, agus tá ceann á ullmhú ag an Liotuáin faoi láthair. Tá méadú ag teacht ar líon na dtíortha atá ag cur **rialacha oiriúnúcháin** isteach ina ndlíthe aeráide náisiúnta chun feidhm dhlíthiúil níos mó a thabhairt do ghníomhaíocht oiriúnúcháin. Tugann 13 Bhallstát feidhm dhlíthiúil iomlán don oiriúnú ar an mbealach sin.

Is réamhriachtanas iad pleanáil oiriúnaithe náisiúnta agus measúnuithe riosca aeráide atá cothrom le dáta chun beartas a chur chun feidhme. Ceanglaítear le dlí an Aontais ar na Ballstáit straitéisí agus pleananna náisiúnta um an oiriúnú a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tá dul chun cinn déanta ina leith sin. **In 2025, tá straitéis nó plean um an oiriúnú i bhfeidhm ag tíortha uile an Aontais** (féach Fíor 22). Idir 2023-2025, ghlac 11 Bhallstát a straitéis nó a bplean nó thug siad cothrom le dáta iad.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag tíortha an Aontais maidir lena **measúnuithe riosca aeráide náisiúnta** a fhorbairt. Tá siad ag gníomhú chun eolas a ghiniúint agus a thabhairt cothrom le dáta maidir le guaiseacha, leochaileachtaí, tionchair agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid, agus iarrachtaí á neartú acu le haghaidh ceapadh beartais fianaisebhunaithe maidir le hoiriúnú. Téann beagnach gach Ballstát i ngleic le rioscaí aeráide i bhfoirm éigin, ó anailísí téamacha nó earnáilsonracha go measúnuithe riosca aeráide ilriosca agus ilearnála, cuimsitheacha.

Thuairiscigh 6 Bhallstát go bhfuil a measúnú riosca aeráide nua nó nuashonraithe curtha i gcrích acu ó 2023-2025. Tá líon na mBallstát a bhfuil measúnú cuimsitheach agus náisiúnta ar fáil acu méadaithe go 21. Tuairiscíonn 13 Bhallstát measúnuithe náisiúnta cuimsitheacha nua mar a bhí beartaithe nó mar atá idir lámha.

Tá **measúnuithe riosca aeráide téamacha nó earnálacha** nua curtha i gcrích ag aon trian ar a laghad de na Ballstáit. **Tá cineál éigin measúnaithe riosca nó leochaileachta aeráide de chineál éigin ar a laghad ag formhór na mBallstát.**

Fiú má tá méadú leanúnach tagtha ar leibhéal ullmhachta beartais na mBallstát ar an leibhéal náisiúnta, **tá gá le creataí beartais agus faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta níos comhleanúnaí** ar gach leibhéal. Faoi láthair, níl aon sonraí comhleanúnacha ar fáil maidir le cur chun feidhme na mbeartas oiriúnúcháin i ngach Ballstát, ach léiríonn meastóireachtaí a rinneadh le déanaí go bhfuil cur chun feidhme agus modhanna chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an oiriúnaithe tite ar gcúl. Tá sé ríthábhachtach **an t-oiriúnú a phríomhshruthú sa**

**bheartas earnála**. D'ainneoin treocht mhéadaitheach na mbeartas oiriúnúcháin earnála agus téamach ar an leibhéal náisiúnta, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta maidir le beartais earnálacha, e.g. in earnáil na sláinte.

Tá an ceartas á ionchorprú níos mó agus níos mó ag rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ina gceapadh beartas agus ina bpleanáil maidir le hoiriúnú. Ar an gcaoi chéanna, ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, tá an ceartas á chur san áireamh níos mó agus níos mó i bpleanáil an oiriúnaithe uirbigh. Le go leor samplaí ar fud na hEorpa, tá próisis rannpháirtíochta á n-úsáid chun bonn eolais a chur faoi bheartais. Mar sin féin, ní mór aird a thabhairt fós ar chuimsiú grúpaí leochaileacha agus ar cheartas (féach Caibidil 11 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo le haghaidh tuilleadh sonraí).

PUBLIC

Tá an fhorbairt a bhfuil tuairisc uirthi thuas ailínithe leis na moltaí ón gCoimisiún agus leis na freagairtí a thug na Ballstáit orthu. Ina mheasúnú, i mí Mheán Fómhair 2023, chinn an Coimisiún gur minic a bhí gá le feabhsuithe ar bhearta na mBallstát chun go mbeidís níos comhsheasmhaí le cuspóirí an Aontais agus na gcomhaontuithe idirnáisiúnta chun dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaithe a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Tar éis an mheasúnaithe, d'eisigh an Coimisiún moltaí saincheaptha do 26 Bhallstát, inar tugadh aghaidh ar raon leathan gnéithe ar fud an timthrialla beartais (féach Caibidil 11 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo chun tuilleadh sonraí a fháil).

Tá tuilleadh eolais faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus faoin oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear próifílí tíre, cás-staidéir, treoir, sonraí agus foilseacháin le fáil ar thairseach Climate-ADAPT.

**Fíor 22: Straitéisí, pleananna agus dlíthe maidir leis an athrú aeráide lena ngabhann rialacha maidir le forálacha oiriúnúcháin san Aontas**



Eochair: Straitéisí náisiúnta um an oiriúnú | Plean náisiúnta um an oiriúnú | Dlí aeráide náisiúnta nó feidearálach lena ngabhann rialacha oiriúnúcháin

PUBLIC

## 6.4 Gníomhaíocht réigiúnach agus áitiúil [61]

Ar fud an Aontais, tá dlús á chur ag na réigiúin agus na cathracha leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus leis an obair oiriúnaithe. Tá dul chun cinn á dhéanamh acu ar dhá ábhar:

- **Ceanglais dlí.** Cuireann líon méadaitheach Ballstát oibleagáid anois ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla pleananna um oiriúnú don athrú aeráide a ullmhú agus a chur chun feidhme. Is minic a bhíonn straitéisí i bhfeidhm ag tíortha a bhfuil na ceanglais dhlíthiúla sin orthu nó a bhfuil athléimneacht agus oiriúnú á

[61] Réamh-mheasúnú ar thacar sonraí an Rialacháin maidir le Rialachas 2025 / oiriúnú fonáisiúnta

gcomhtháthú acu i gcláir, i mbeartais agus i rialacháin earnála agus a bhfuil bearta á gcur i bhfeidhm acu trí chomhordú il-leibhéil.

- **Gníomhaíocht dheonach.** I dtíortha nach bhfuil ceanglais dhlíthiúla orthu, tá gníomhaíocht dheonach á déanamh níos mó agus níos mó ag réigiúin agus cathracha, go minic faoi phleananna náisiúnta um an oiriúnú nó faoi chláir trasteorann an Aontais. Is minic a thacaíonn rialtais leis sin le dreasachtaí, treoir agus tionscnaimh chomhpháirteacha.

Tá líonraí institiúidithe il-leibhéil ag éirí níos coitianta, ag tacú le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun eolas a chomhroinnt agus beartais a ailíniú. Tá cistí an Aontais ag cuidiú le réigiúin agus bardais tionscadail athléimneachta agus oiriúnaithe in aghaidh an athraithe aeráide a mhaoiniú. (Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Caibidil 7).

**Le tionscnamh Chúnant na Méaraí**, a cruthaíodh in 2008 agus a fuair tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, tugtar le chéile na mílte rialtas áitiúil atá ag iarraidh todhchaí níos fearr a chinntiú dá saoránaigh. Trí pháirt a ghlacadh sa tionscnamh, geallann na rialtais áitiúla dá ndeoin féin cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a chur chun feidhme. Is príomhchumasóir é an tionscnamh maidir le pleanáil oiriúnaithe áitiúil ar fud na hEorpa trí uirlisí, líonraí agus tacaíocht idir piaraí a chur ar fáil. Tá gealltanas tugtha ag breis agus 10 000 rialtas áitiúil gníomhú faoi thrí cholún an chúnaint, lena n-áirítear athléimneacht a neartú agus bochtaineacht fuinnimh a mhaolú.

PUBLIC

# 7. Infheistíochtaí sa ghníomhú ar son na haeráide

**Príomh-bhuaicphointí**

- Má dhéantar infheistíocht anois, sábhálfar airgead amárach. Idir 1980 agus 2023, bhí teagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aeráid ina gcúis le caillteanais eacnamaíocha EUR 738 mbilliún san Aontas, le EUR 162 bhilliún in 2021-2023. Trí dhlús a chur leis an infheistíocht ghlas, laghdaítear na costais a bheidh ann amach anseo, cruthaítear poist agus neartaítear athléimneacht agus slándáil fuinnimh na hEorpa.
- Tá gá le hinfheistíochtaí móra chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Ní mór an infheistíocht bhliantúil i gcóras fuinnimh an Aontais a mhéadú faoi dhó go dtí thart ar EUR 565 bhilliún in aghaidh na bliana in 2021–2030 i gcomparáid le 2011-2020.
- Tá caipiteal príobháideach ríthábhachtach don aistriú. Le Creat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais, tá mórinfheistíocht phríobháideach á slógadh le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe, agus shroich eisiúint bannaí glasa san Aontas EUR 314 bhilliún, an méid is mó riamh, in 2024.
- Déanann buiséad an Aontais an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú ar fud na gclár. Tá thart ar EUR 662 bhilliún (34 % de bhuiséad 2021-2027) curtha i leataobh do chuspóirí aeráide trí chláir amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an beartas comhtháthaithe, InvestEU agus Fís Eorpach.

## 7.1 Riachtanais infheistíochta

Idir 1980 agus 2023, bhí teagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aeráid ina gcúis le caillteanais eacnamaíocha mheasta EUR 738 mbilliún ar fud an Aontais. Spéisiúil go leor, tharla EUR 162 bhilliún (22 % de na caillteanais uile) idir 2021 agus 2023 amháin [62]. Léiríonn na costais mhéadaitheacha sin an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun ullmhú do thionchair aeráide a mhéadú. Chomh maith le tionchair aeráide a laghdú, tá tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne ag baint le gníomhú ar son na haeráide. I measc na dtairbhí sin tá aer níos glaine, sláinte phoiblí níos fearr, agus costais cúraim sláinte níos ísle. Is infheistíocht é sin freisin i neamhspleáchas straitéiseach an Aontais - ní hamháin go sábhálann sé airgead, ach laghdaíonn sé freisin spleáchas an Aontais ar fhuinneamh allmhairithe agus neamhchosaint ar shuaitheadh. Trí aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, d'fhéadfadh an tAontas laghdú EUR 2,8 trilliún a dhéanamh ar an gcostas a chaitear ar bhreoslaí iontaise a allmhairiú idir 2031 agus 2050, i gcomparáid le meán 2011-2020 [63].

---

[62] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (2024). *Economic losses from weather- and climate-related extremes in Europe* [Caillteanais eacnamaíocha ó dhálaí foircneacha aimsire agus aeráide san Eoraip].
[63] Measúnú tionchair ar sprioc 2040 (SWD(2024) 63 final)



PUBLIC

### Riachtanais a bheidh ann amach anseo

Tá sé tábhachtach infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus chun ár n-athléimneacht a chothú chun na tionchair aeráide atá ag dul i méid a bhainistiú.

Chun an t-athrú aeráide a theorannú agus spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach, ní mór infheistíocht i gcóras fuinnimh an Aontais a mhéadú go mór chun thart ar EUR 565 bhilliún in aghaidh na bliana a bhaint amach idir 2021 agus 2030, suas ón EUR 250 billiún a infheistíodh in aghaidh na bliana sna deich mbliana roimhe sin [64]. Ní áirítear leis infheistíochtaí chun an earnáil iompair a dhícharbónú.

Chun aistriú ó bhreoslaí iontaise agus chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas, beidh gá le hinfheistíochtaí móra i gcórais leictreachais íseal-astaíochta neartaithe agus nuachóirithe. Beidh gá le níos mó ná dhá oiread infheistíochta a dhéanamh i nginiúint cumhachta nua, gaoth agus grianfhuinneamh den chuid is mó, agus gléasraí cumhachta atá ann cheana a uasghrádú, ó thart ar EUR 45 bhilliún go EUR 90 billiún in aghaidh na bliana.

Is in eangacha cumhachta atá an méadú is mó is gá ar thaobh an tsoláthair. Ní mór an infheistíocht i mbonneagar tarchurtha agus dáileacháin a mhéadú faoi thrí chun seachadadh iontaofa éifeachtúil leictreachais a áirithiú.

Ó thaobh an éilimh de, ní mór níos mó ná dhá oiread infheistíochtaí a dhéanamh freisin. Tá na dearbh-riachtanais is airde ag an earnáil chónaithe, agus meastar go bhfuil gá le EUR 215 bhilliún in aghaidh na bliana chun foirgnimh a athchóiriú agus chun córais agus fearais téimh a athsholáthar. Is fiú beagnach dhá oiread na hinfheistíochta é sin ar an meán a rinneadh in 2011-2020.

Tá gá leis an méadú coibhneasta is mó san earnáil tionsclaíochta. Cé go bhfuil na riachtanais bhliantúla níos ísle i ndearbhthéarmaí, a mheastar a bheith thart ar EUR 40 billiún, is fiú méadú faoi shé iad i gcomparáid leis na deich mbliana roimhe sin. Tá gá le hinfheistíochtaí go háirithe chun earnálacha dianfhuinnimh amhail cruach, stroighin agus ceimiceáin a nuachóiriú agus a dhícharbónú.

Tá gá le tuilleadh oibre chun an bhearna infheistíochta san oiriúnú don athrú aeráide a mheas. Faoi láthair, glacann go leor infheistíochtaí leis go leanfaidh dálaí aeráide stairiúla ar aghaidh amach anseo. Tá gá le cur chuige lena gcuirtear san áireamh i gceart forbairtí aeráide a bhfuil coinne leo amach anseo le haghaidh na n-infheistíochtaí uile atá neamhchosanta ar rioscaí fisiceacha (prionsabal na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh, mar a mhínítear i Roinn 6.2).

**Tábla 3: Meánriachtanais infheistíochta bhliantúla sa chóras fuinnimh (EUR 2023, billiún)**

| Earnáil | 2011-2020 | 2021-30 |
|---|---|---|

[64] Tá gach líon bunaithe ar mheasúnú tionchair ar sprioc 2040 (SWD(2024) 63 final) agus ar mheasúnú tionchair an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta (SWD(2023) 68 final).

| | | |
|---|---|---|
| Taobh an tsoláthair fuinnimh | 80 | 200 |
| Eangach leictreachais | 20 | 60 |
| Gléasraí cumhachta | 45 | 90 |
| Eile | 20 | 45 |
| Taobh an éilimh ar fhuinneamh | 170 | 365 |
| An earnáil thionsclaíoch | 5 | 40 |
| Cónaitheach | 115 | 215 |
| Seirbhísí | 30 | 80 |
| Talmhaíocht | 15 | 30 |
| **Iomlán** | **250** | **565** |

PUBLIC

## An dul chun cinn atá déanta

**Léiríonn treochtaí le déanaí go bhfuil méadú ag teacht ar an infheistíocht san aistriú aeráide agus fuinnimh.** Tháinig méadú faoi chúig nach mór ar thoilleadh suiteáilte iomlán na giniúna cumhachta gaoithe agus gréine idir 2010 agus 2024 agus méadú 70 % idir 2020 agus 2024. Mar thoradh ar an laghdú tapa ar chostas na ngrianphainéal, tá méadú bliantúil ar an toilleadh suiteáilte níos mó ná 20 % in 2022-2024, agus méadú bliantúil 15 % ar chumhacht ghaoithe le linn na tréimhse céanna. In 2024, ba é 535 ghigeavata, thart ar 47 % den toilleadh suiteáilte iomlán toilleadh suiteáilte chomhcheangailte na giniúna cumhachta gréine agus gaoithe.

**Fíor 23: Toilleadh giniúna cumhachta gaoithe agus gréine**




Foinse: Eurostat (IRENA do 2024)

Tá méadú mór tagtha freisin ar chlárúcháin nua **gluaisteán ceallra-leictreach agus hibridí inluchtaithe le blianta beaga anuas**, chun 1.5 milliún agus 0.8 milliún, faoi seach, a bhaint amach in 2024. Tá móiminteam bailithe ag an infheistíocht i dteaschaidéil freisin le blianta beaga anuas, cé nach bhfuil sí chomh tapa céanna le méadú ar ghiniúint cumhachta gréine agus gaoithe toisc go bhfuil bacainní fós ann ó thaobh glacadh tomhaltóirí agus toilleadh suiteáilte de, i measc nithe eile.

PUBLIC

**Fíor 24: Clárúcháin gluaisteán nua (gluaisteáin ceallra-leictreacha agus hibridí inluchtaithe)**




Foinse: Eurostat

**Fíor 25: Toilleadh suiteáilte teaschaidéil**




Foinse: Eurostat

## 7.2 Infheistíocht ón earnáil phríobháideach a shlógadh

I bhfianaise scála na riachtanas infheistíochta, ní mór ranníocaíochtaí na hearnála príobháidí chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus maolú ar an athrú

aeráide araon a mhaoiniú a bheith substaintiúil. Sin an fáth ar chuir **an tAontas creat beartais le chéile arb é is aidhm dó infheistíochtaí na hearnála príobháidí i ngníomhaíochtaí inbhuanaithe a éascú**. Leis an gCreat Airgeadais Inbhuanaithe sin, soláthraítear sainmhínithe láidre d'infheisteoirí ar ghníomhaíochtaí glasa (Tacsanomaíocht an Aontais) agus ceanglaítear ar chuideachtaí agus ar bhainc a dtionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a nochtadh (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe). Tá na **rialacha lena rialaítear maoiniú inbhuanaithe á simpliú faoi láthair** chun a n-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, agus an creat a dhéanamh níos inoibrithe agus níos éifeachtaí ag an am céanna. I mí Feabhra 2025, chuir an Coimisiún tograí reachtacha ar aghaidh chun méid na dtuarascálacha inbhuanaitheachta agus líon na gcuideachtaí ar gá dóibh an fhaisnéis sin a thuairisciú a laghdú. Tá bearta simpliúcháin eile á mbreithniú ag an gCoimisiún freisin.

Le blianta beaga anuas, tá na hearnálacha corparáideacha agus airgeadais tar éis acmhainní móra a dhíriú i dtreo cuspóirí glasa san Aontas. Mar shampla, de réir na tuarascála is déanaí ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, **shroich caiteachas caipitil atá ailínithe le tacsanomaíocht ó chuideachtaí móra Eorpacha liostaithe EUR 250 billiún in 2023** [65].

San earnáil airgeadais, tá ionstraimí áirithe tagtha chun cinn mar uirlis bhunúsach chun caipiteal príobháideach a shlógadh. Léirítear i bhFíor 26 méideanna bliantúla na mbannaí **CSR (comhshaol, sóisialta agus rialachas corparáideach) san Aontas**, go dtí an chéad leath de mhí an Mheithimh 2025. Tá bannaí glasa (i.e. bannaí lena maoinítear tionscadail ghlasa) fós i gceannas ar mhargadh CSR. B'fhiú **EUR 314 bhilliún in 2024 méid na heisiúna bannaí glasa nua**, an leibhéal is airde ó eisíodh banna glas den chéad uair in 2007. I gcodarsnacht leis sin, leanann bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (i.e. bannaí a n-íocann eisitheoirí ús níos airde ina leith mura gcomhlíonann siad a gcuspóirí 'inbhuanaitheachta' réamhshainithe) de bheith ag laghdú, ar fiú EUR 26 bhilliún in 2024 iad, i gcomparáid le EUR 66 bhilliún in 2021 agus EUR 45 bhilliún in 2022. Léiríonn an laghdú sin an cur chuige níos déine atá glactha ag infheisteoirí i leith na hinbhuanaitheachta. Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú ar bhannaí sóisialta (i.e. bannaí lena maoinítear tionscadail shóisialta) agus bannaí inbhuanaitheachta (i.e. bannaí lena maoinítear meascán de thionscadail ghlasa agus shóisialta), rud a threisigh leitheadúlacht na mbannaí glasa.

[65] Platform on Sustainable Finance report: [Tuarascáil ar an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe:] Monitoring capital flows to sustainable investments [Faireachán ar shreafaí caipitil chuig infheistíochtaí inbhuanaithe]

**Fíor 26: Méideanna bliantúla arna n-eisiúint san Aontas — bannaí CSR**




Foinse: Ríomhanna LSEG, JRC. Sonraí amhail an 15 Meitheamh 2025.

Is ceannaire domhanda é an tAontas i margadh na **mbannaí glasa** (féach Fíor 27). Gach bliain idir 2021 agus 2024, b'fhiú níos mó ná 3 % de na heisiúintí bannaí uile iad (2,7 % i lár 2025), i bhfad níos airde ná an sciar neamh-AE de bhannaí glasa ag níos lú ná 0,5 %.

Chun trédhearcacht agus creidiúnacht níos fearr a thabhairt do na hionstraimí airgeadais sin, ghlac an tAontas, ó mhí na Nollag 2024 ar aghaidh, an Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha, creat deonach le haghaidh eisitheoirí ar mian leo a mbannaí a lipéadú mar Bhannaí Glasa Eorpacha. Tá an caighdeán sin bunaithe ar chritéir mhionsonraithe thacsanomaíocht AE chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha glasa a shainiú, lena n-áirithítear leibhéil trédhearcachta a ailíniú le dea-chleachtais an mhargaidh. Tugann sé maoirseacht freisin ar chuideachtaí a dhéanann athbhreithnithe réamheisiúna agus iareisiúna ar an leibhéal Eorpach.

**Fíor 27: Méideanna bliantúla arna n-eisiúint agus sciar na mbannaí glasa - gach cineál banna**




Foinse: Ríomhanna LSEG, JRC. Sonraí amhail an 15 Meitheamh 2025.

Go traidisiúnta, níl an margadh le haghaidh **iasachtaí CSR** (arb é an sainmhíniú atá air margadh club, sindeacáitiú nó idirbheart déthaobhach) sainithe chomh maith céanna leis an margadh bannaí CSR, gan aon rialachán de chuid an Aontais. Tá méadú seasta tagtha ar eisiúintí iasachtaí glasa ó 2016 i leith, ag sroicheadh EUR 71 bhilliún in 2024, suas ó EUR 53 bhilliún in 2023 (féach Fíor 28).

**Fíor 28: Eisiúint bhliantúil iasachtaí CSR san Aontas**




Foinse: Ríomhanna LSEG, JRC. Sonraí amhail an 16 Meitheamh 2025

Chun an t-aistriú corparáideach chuig an aeráidneodracht a éascú agus a luathú, forbróidh an Coimisiún conairí aistrithe earnáilsonracha freisin, le rannpháirtíocht dhíreach na bpríomhthionscal. Leis na conairí sin, ba cheart go mbeifí in ann cinntí infheistíochta níos eolaí a dhéanamh agus go gcuideofaí le níos mó caipitil a shlógadh don aistriú.

Áireofar sa chreat comhtháite um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide atá ar na bacáin gníomhaíocht chun maoiniú athléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide a shlógadh chun a áirithiú go mbeidh gach infheistíocht atá i mbaol thionchair an athraithe aeráide ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a saolré ('athléimneacht trí dhearadh').

## 7.3 Cistiú ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais

Úsáideann 3 chiste ioncam ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais chun tacú le teicneolaíochtaí glana, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh:

- An Ciste don Nuálaíocht;
- An Ciste don Nuachóiriú; agus
- Ciste Aeráide Sóisialta.

Thairis sin, maoinítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go páirteach le hioncam CTA.

### An Ciste don Nuálaíocht

Tá an Ciste don Nuálaíocht ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur in úsáid. Is é an sprioc atá ann teicneolaíochtaí nua fuinnimh ghlain agus tionsclaíocha a chur ar an margadh ionas gur féidir leis an Aontas astaíochtaí a laghdú, aeráidneodracht a bhaint amach agus fanacht iomaíoch. Tá buiséad measta **EUR 40 billiún** ag an gciste idir 2020 agus 2030 (bunaithe ar phraghas carbóin EUR 75 in aghaidh an tona). Is féidir le tionscadail ón Aontas, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin agus ón Iorua iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ón gciste.

Ó bhí 2020 ann, tá 11 ghlao ar thograí seolta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear dhá cheant faoin mBanc Eorpach Hidrigine. Tacaíonn an Ciste don Nuálaíocht anois le thart ar 190 tionscadal atá ar siúl ar mhórscála agus ar mhionscála agus maoiniú dar luach thart ar EUR 10.8 billiún san iomlán acu.

#### *Glaonna ar thograí in 2024*

D'oscail an Coimisiún trí ghlao ar thograí i mí na Nollag 2024 agus buiséad EUR 4.6 billiún ag gabháil leo.

- **Teicneolaíochtaí glan-nialasacha.** Bhí buiséad EUR 2.4 billiún ag an nglao seo ar thograí agus fuair sé 359 dtogra ó 28 dtír nuair a dúnadh é i mí Aibreáin 2025. Tá an Coimisiún díreach tar éis torthaí na meastóireachta agus liosta na dtionscadal a réamhroghnaíodh chun comhaontú deontais a ullmhú a fhoilsiú.

- **Ceallraí.** Den chéad uair, tacóidh an glao seo ar thograí le cealla ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha a mhonarú. Bhí buiséad EUR 1 bhilliún ag an nglao agus fuarthas 14 thogra ó 8 dtír i mí Aibreáin 2025. I mí Iúil 2025, fógraíodh **gur bronnadh cistiú ar 6 thionscadal**: **fuair dhá cheann ón bhFrainc agus ón nGearmáin agus ceann amháin ón tSualainn agus ón bPolainn tacaíocht iomlán de EUR 852 mhilliún.** Beidh acmhainneacht mhonaraíochta ceallraí comhcheangailte de thart ar 56 gigeavatuair (GWh) de chealla ceallraí feithiclí leictreacha in aghaidh na bliana ag na tionscadail sin.
- **Ceant hidrigine.** Bhain an glao seo ar thograí leis an dara babhta de cheant an Bhainc Eorpaigh Hidrigine chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh. Ba é EUR 1.2 billiún an buiséad, lena n-áirítear leithdháileadh nua EUR 200 milliún a cuireadh i leataobh go sonrach do thionscadail san earnáil mhuirí. Dúnadh an ceant i mí Feabhra 2025 le 66 thairiscint ó 11 thír agus 15 thionscadal i 5 thír éagsúla a fuair tacaíocht. Meastar **go dtáirgfidh na tionscadail sin beagnach 2.2 milliún tona de hidrigin in-athnuaite** thar 10 mbliana, rud a sheachnóidh níos mó ná 15 mhilliún tona d’astaíochtaí $CO_2$.

PUBLIC

Mar a fógraíodh sa teachtaireacht maidir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, seolfaidh an Ciste don Nuálaíocht glao nua ar thograí chun tacú le teicneolaíocht ghlan, monaraíocht ceallraí agus hidrigin in-athnuaite ag deireadh 2025. Seolfaidh sé ceant nua freisin chun teas a dhícharbónú i bpróisis thionsclaíocha.

> Tá gach tionscadal, bileog tíre agus deaiseanna idirghníomhacha ar fáil i bPunann Tionscadail an Chiste don Nuálaíocht.

*Seirbhísí an Chiste don Nuálaíocht*

Cuireann an Ciste don Nuálaíocht roinnt seirbhísí ar fáil a ligeann do thionscadail bhreise maoiniú a fháil fiú tar éis do bhuiséad tosaigh i gcomhair glao ar thograí a bheith leithdháilte.

Rinne an Ghearmáin, an Ostair agus an Spáinn ranníocaíochtaí faoin sásra '**ceantanna mar sheirbhís'**, lenar cuireadh suas le EUR 836 mhilliún in úsáid chun tacú le tionscadail a bhfuil gealladh fúthu agus nach bhfuair cistiú sa cheant hidrigine deireanach.

Tá an Coimisiún ag obair chun gné chomhchosúil a chur ar bun le haghaidh na ngnáthghlaonna ar thograí, ar a dtugtar '**deontais-mar-sheirbhís**'.

Leis an dá ghné sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit nósanna imeachta meastóireachta an Chiste don Nuálaíocht a úsáid agus ualaí riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leo a sheachaint chun scéimeanna tacaíochta nua a fhorbairt agus a reáchtáil le haghaidh na dteicneolaíochtaí céanna.

Tá níos mó i gceist le tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht ná maoiniú poiblí. Go háirithe, is féidir le tionscadail ar mhionscála nó tionscadail ó thíortha ísealioncaim **cúnamh forbartha tionscadail** a fháil. Cuireann an Banc Eorpach Infheistíochta comhairle theicniúil agus airgeadais shaincheaptha ar fáil chun feabhas a chur ar aibíocht tionscadal nuálach agus chun scaipeadh cothrom na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht a áirithiú ar fud réigiún agus earnálacha.

## An Ciste don Nuachóiriú

Úsáideann an Ciste don Nuachóiriú ioncam ó CTA AE chun cuidiú leis na Ballstáit ar ioncam íseal a spriocanna aeráide agus fuinnimh do 2030 a bhaint amach. 13 mBallstát: Is féidir leis an mBulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Ungáir tairbhe a bhaint as an tacaíocht sin.

Maoiníonn an Ciste foinsí fuinnimh in-athnuaite, nuachóiriú eangacha fuinnimh, agus éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus in earnáil na tionsclaíochta. Cuireann na hinfheistíochtaí sin dlús leis an aistriú glan agus coinníonn siad iomaíochas san Aontas ar fad.

Tá buiséad measta EUR 57 mbilliún ag an gCiste don Nuachóiriú ó 2021 go 2030, ag glacadh leis go mbeidh meánphraghas carbóin EUR 75/t$CO_2$ ann. Ó 2021 i leith, tá EUR 19,1 billiún eisíoctha cheana féin le 12 Bhallstát is tairbhithe.

Áirítear ar na heisíocaíochtaí is déanaí EUR 2,7 billiún i mí na Nollag 2024 agus EUR 3,7 billiún i mí an Mheithimh 2025. Is é an dara ceann an eisíocaíocht is mó ó cruthaíodh an Ciste. Leis na heisíocaíochtaí sin a rinneadh le déanaí, rinneadh na chéad chistí riamh a infheistiú sa tSlóivéin (Nollaig 2024) agus sa Ghréig (Meitheamh 2025).

PUBLIC

### Ciste Aeráide Sóisialta

Bunaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta in éineacht le CTA2 (féach Caibidil 2), córas trádála astaíochtaí an Aontais le haghaidh breosla a úsáidtear i bhfoirgnimh, in iompar de bhóthar agus i dtionscal beag. Is é is príomhaidhm dó cuidiú le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch an chórais nua sin a laghdú trí chabhair a chur ar fáil do na daoine is mó atá buailte, go háirithe teaghlaigh agus micrifhiontair atá ag streachailt le costais fuinnimh agus iompair níos airde. In éineacht le ranníocaíocht éigeantach ó na Ballstáit, ba cheart dó EUR 87 mbilliún ar a laghad i dtacaíocht phoiblí a chur ar fáil ó 2026 go 2032, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár agus muid ag aistriú chuig geilleagar níos glaine.

Tá tuairisc ar an gcaoi a gcaithfear an cistiú ón gCiste Aeráide Sóisialta sna Pleananna Aeráide Sóisialta atá le glacadh ag na Ballstáit agus nach mór don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh orthu. Ní mór a shainaithint sna pleananna sin na grúpaí is leochailí i ndáil le bochtaineacht fuinnimh agus iompair chomh maith le tionchair CTA2, agus tuairisc a thabhairt ar na bearta agus ar na hinfheistíochtaí chun tacú leo. Agus a bpleananna á ndearadh acu, ní mór do na Ballstáit comhairliúchán poiblí a dhéanamh, ina mbeidh raon geallsealbhóirí a shaineofar go forleathan: údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ionadaithe comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, etc. Ba cheart achoimre ar an gcomhairliúchán chomh maith le míniú ar an gcaoi ar comhtháthaíodh ionchur a áireamh sa phlean freisin. Leanann gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla de bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme infheistíochtaí ar an láthair agus le linn thréimhse an chiste, chun gníomhaíocht shaincheaptha agus éifeachtach a áirithiú.

Go dtí seo, tá a ndréacht-Phleananna Aeráide Sóisialta curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an tSualainn agus ag an Laitvia. Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le hathbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna agus tá coinne le cinneadh críochnaitheach laistigh den sprioc-am dlíthiúil 5 mhí tar éis iad a chur isteach. Tá an Coimisiún i ndlúth-theagmháil freisin leis na Ballstáit eile chun cuidiú leis na pleananna uile a thabhairt chun críche agus a thíolacadh.

Má dhéantar measúnú dearfach ar phlean Ballstáit, is féidir tús a chur leis an gcistiú an 1 Eanáir 2026. Mar sin féin, ní bheidh rochtain ar an gciste ach ag tíortha a thiontaíonn ETS2 go hiomlán ina ndlí náisiúnta.

## 7.4 Caiteachas aeráide i mbuiséad an Aontais

Is príomhspreagadh don aistriú glas é buiséad an Aontais — 'creat airgeadais ilbhliantúil' an Aontais lena gcumhdaítear an tréimhse 2021-2027 agus an ionstraim téarnaimh iar-COVID *Next Generation EU*.

Tugtar le fios sna gealltanais bhuiséadacha atá ann faoi láthair go gcaithfidh an tAontas thart ar EUR 662 bhilliún ar ghníomhú ar son na haeráide in 2021-2027. Is fiú 34 % de bhuiséad iomlán an Aontais agus os cionn na sprice 30 % an méid sin.

Agus 78 % dá buiséad ag dul chuig an aeráid, tá an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) ar cheann de na sciartha is airde den chaiteachas ar an aeráid in aon chlár de chuid an Aontais. Caitheann clár LIFE agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) sciar mór dá mbuiséid freisin ar thionscadail aeráide (féach Fíor 29).

PUBLIC

**Fíor 29: Sciar measta de bhuiséad an Aontais agus de chistí agus beartais roghnaithe a chaitear ar an aeráid (%, 2021-2027)**




Foinse: Gealltanais bhuiséadacha maidir leis an aeráid. [Climate mainstreaming [Príomhshruthú aeráide] - An Coimisiún Eorpach]

Bíonn torthaí follasacha ar na cistí sin go léir. Mar shampla:

- 45 ghigeavatuair de choigilteas measta éifeachtúlachta fuinnimh in aghaidh na bliana ó fhoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí;
- 98 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin a seachnaíodh in aghaidh na bliana, a raibh níos mó ná a leath díobh trí infheistíocht i mbannaí glasa Next Generation EU. Ina theannta sin, tá coinne leis go mbeidh laghdú 452 mhilliún tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin ann ón gCoiste don Nuálaíocht sna chéad 10 mbliana oibríochta.
- 543 ghigeavatuair bhreise d'acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite suiteáilte.

Áirítear i dtograí mhí Iúil 2025 ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 sprioc chaiteachais 35 % ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil. Shlógfaí leis sin os cionn EUR 700 billiún chun tacú le hinfheistíochtaí glasa. Beartaítear leis an togra freisin an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm ar fud an bhuiséid ar fad chun a áirithiú nach mbeidh cistiú ón Aontas ag teacht salach ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais. Áirítear sa togra freisin prionsabal 'athléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh', a chuirfí i bhfeidhm den chéad uair maidir le cistiú ón Aontas.

## An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

Is í an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) scéim cistiúcháin an Aontais don iompar, don fhuinneamh agus don bhonneagar digiteach. Tá buiséad iomlán EUR 33

bhilliún ag an tsaoráid, a bhfuil 60 % de curtha in áirithe don ghníomhú ar son na haeráide. Sáraíonn sé an sprioc sin go compordach, agus 78 % den bhuiséad, beagnach EUR 26 bhilliún, ag dul chuig infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid amhail uasghráduithe tarchuir leictreachais, pointí soláthair breoslaí malartacha agus línte iarnróid nua nó feabhsaithe.

### An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Is ciste sealadach í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus is í an phríomhchuid de Next Generation EU, plean an Aontais chun téarnamh tar éis na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí: paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh a d'eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá buiséad suas le EUR 650 billiún aige agus cuireann sé ar chumas na mBallstát infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid a mhéadú go mór [66].

Gheall na Ballstáit uile níos mó ná an 37 % a bhí ceangailte a chaitheamh ar an aeráid, agus réamh-mheastar go gcaithfidh roinnt Ballstát i bhfad níos mó ná leath dá leithdháileadh ar ghníomhú ar son na haeráide. Tá sé beartaithe ag na Ballstáit i dteannta a chéile 42,5 % dá leithdháiltí a chaitheamh ar an aeráid (EUR 276 bhilliún). Faoi mhí Mheán Fómhair 2025, bhí eisíocaíochtaí a bhaineann leis an aeráid cothrom le EUR 62 bhilliún.

Tá dul chun cinn mór déanta agus tá roinnt scéalta ratha tagtha chun cinn ar an láthair. Mar sin féin, ós rud é go leagtar síos spriocdhátaí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun an ciste sealadach sin a chaitheamh (gach íocaíocht le déanamh faoi dheireadh 2026), beidh sé ríthábhachtach dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus bailchríoch a chur air sa bhliain atá le teacht.

### InvestEU

Úsáideann InvestEU ráthaíocht bhuiséadach de chuid an Aontais chun cabhrú le bainc idirnáisiúnta agus náisiúnta le haghaidh spreagadh infheistíocht inbhuanaithe, nuálaíocht agus cruthú post a mhaoiniú. Ceann de na ceithre 'fhuinneog' tosaíochta is ea bonneagar inbhuanaithe, a thacaíonn le hiompar glan, fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí glana eile.

Is é is aidhm don chlár EUR 372 bhilliún d'infheistíocht a spreagadh, agus 30 % ar a laghad ag dul chuig gníomhú ar son na haeráide. Faoi dheireadh 2024, bhí EUR 300 billiún slógtha aige cheana féin, agus bhain 38 % de sin leis an aeráid. Le

---

[66] In 2023 agus 2024, Chomhlanaigh na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta le caibidlí nua maidir le REPowerEU mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh a d'eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tugtar tacaíocht chumhachta airgeadais bhreise d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí nua nó méadaithe sna Ballstáit chun cuidiú le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan (EUR 19 billiún de dheontais nua, aistrithe ó chistí eile agus úsáid iasachtaí NextGenerationEU atá fágtha).

haghaidh 2021-2027, tá coinne leis go n-infheisteofar EUR 110 billiún i dtionscadail aeráide, thart ar 35 % de na hinfheistíochtaí uile.

### Clár Fhís na hEorpa

Is é an clár réime Fís Eorpach príomhchlár cistiúcháin an Aontais i dtaca leis an taighde agus an nuálaíocht. Téann sé i ngleic leis an athrú aeráide, cuidíonn sé le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus cuireann sé borradh faoi iomaíochas agus fás an Aontais.

Tá buiséad iomlán EUR 95.5 billiún ag an gclár Fís Eorpach don tréimhse iomlán 2021-2027. Ní mór don chlár rannchuidiú le 35 % ar a laghad den chaiteachas ar chuspóirí aeráide — is fiú EUR 34.8 billiún an méid sin de chistiú thar thréimhse ama 2021-2027.

I bhfianaise an bhuiséid a leithdháiltear ar an aeráid le haghaidh na mblianta 2021-2024, agus i bhfianaise na meastachán le haghaidh 2025-2027, tá an clár ar an mbóthar ceart chun an gealltanas foriomlán 35 % a chomhlíonadh. Faoi dheireadh 2024, tá beagnach EUR 20 billiún curtha i leataobh cheana féin do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide [67]. Léiríonn sé sin tiomantas an chláir dul i ngleic leis an athrú aeráide agus spriocanna inbhuanaitheachta a chur chun cinn.

Tacaíonn Fís Eorpach le taighde aeráide agus gníomhaíochtaí nuálaíochta i réimsí amhail eolaíocht aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, dícharbónú tionscail, ciorclaíocht, soghluaisteacht inbhuanaithe, uasghráduithe foirgneamh agus réitigh bhithbhunaithe.

Áirítear le Fís Eorpach roinnt 'misin' faoi cheangal ama lena ndírítear ar dhúshláin mhóra amhail oiriúnú don athrú aeráide, sláinte ithreach a fheabhsú agus cathracha aeráidneodracha a chruthú. Is é is aidhm do mhisean amháin den sórt sin, oiriúnú don athrú aeráide, 150 réigiún agus pobal Eorpach ar a laghad a dhéanamh athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2030. Go dtí seo tá EUR 517 milliún bronnta aige ar 61 thionscadal. Trí acmhainní agus cinntí a thabhairt do chomhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha, cuireann an misean dlús leis an ngníomhaíocht agus spreagann sé nuálaíocht agus réitigh dhúlrabhunaithe, dhigiteacha agus réitigh shistéamacha eile. Thacaigh an misean maidir le cathracha aeráidneodracha le 92 chathair trí chonarthaí lena n-áirítear gealltanas chomh maith le plean gníomhaíochta agus infheistíochta.

### An clár LIFE

Is é clár LIFE ciste an Aontais don chomhshaol, don fhuinneamh agus don aeráid. Díríonn tionscadail LIFE ar réitigh thionsclaíocha nuálacha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, aistrithe carbóin i dtalmhaíocht agus i bhforaoisí, oiriúnú don athrú aeráide i gceantair uirbeacha agus thuaithe agus ullmhacht níos fearr le haghaidh teagmhais adhaimsire. Le buiséad foriomlán EUR 5.4 billiún don tréimhse 2021-2027, tá

[67] Réamhfhigiúirí

fochlár sonrach ag clár LIFE maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide.

Ba cheart 61 % den bhuiséad iomlán a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide. Tá an clár beagán faoi bhun na sprice sin ag 59 %.

Ó thús an timthrialla clársceidealaithe in 2021, mhaoinigh an fochlár aeráide 117 dtionscadal lena soláthraítear EUR 367 milliún. Faoi ghlaonna ar thograí 2024, dámhadh 23 thionscadal leis an bhfochlár, lena n-áirítear dhá thionscadal chomhtháite straitéiseacha, dar luach EUR 25 mhilliún san iomlán.

### Beartas comhtháthaithe

Is é an beartas comhtháthaithe bunchloch na forbartha cothroime agus córa ar fud réigiúin an Aontais. Is é is príomhaidhm dó a chinntiú go bhfaighidh gach duine, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu, an deis chéanna chun go n-éireoidh leo. Tá sé sin tábhachtach toisc go gcuidíonn sé le deiseanna cothroma a chruthú agus neamhionannais a laghdú ar fud an Aontais.

Spreagann an beartas comhtháthaithe gníomhú ar son na haeráide freisin. Maoiníonn sé tionscadail lena laghdaítear tomhaltas fuinnimh, lena gcuirtear borradh faoin bhfuinneamh in-athnuaite, lena bhfeabhsaítear an t-iompar poiblí, lena gcosnaítear an dúlra agus lena neartaítear athléimneacht áitiúil agus réigiúnach in aghaidh adhaimsire. Trí fhás réigiúnach a nascadh le réitigh ghlana ghlasa, cuidíonn an beartas comhtháthaithe leis an Aontas a spriocanna aeráide a bhaint amach agus a chinntiú ag an am céanna nach bhfágfar aon réigiún ar lár.

I mí Mheán Fómhair 2025, bunaithe ar athbhreithniú meántéarma an Choimisiúin, glacadh rialacha nua chun é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit tacú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais. Mar shampla, cheadódh rialacha nua do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa gnólachtaí móra i bpríomhréimsí amhail dícharbónú nó teicneolaíochtaí straitéiseacha a chistiú.

**Fíor 30: Sciar de chistí an bheartais chomhtháthaithe arna leithdháileadh ar ghníomhú ar son na haeráide de réir réimse théamaigh**




Tá na sonraí, na cairteacha idirghníomhacha agus na scéalta léiritheacha uile maidir leis an mbeartas comhtháthaithe ar fáil ar an Ardán Sonraí Oscailte um Chomhtháthú.

### *Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, agus Interreg*

Leithdháil na Ballstáit 57 % (EUR 22,29 billiún) dá gCiste Comhtháthaithe agus 33 % (EUR 70,63 billiún) faoi seach dá leithdháiltí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ar ghníomhú ar son na haeráide. Ina theannta sin, meastar go dtacóidh thart ar 24,5 % den EUR 10.7 billiún de chláir atá dírithe ar chomhar réigiúnach Eorpach (cistí Interreg) arna maoiniú ag an Aontas le bearta a bhaineann leis an aeráid. Le chéile, ní hamháin go laghdóidh na hinfheistíochtaí sin astaíochtaí gás ceaptha teasa go mór agus cuirfidh siad borradh faoin oiriúnú don athrú aeráide, ach cruthóidh siad poist freisin, méadóidh siad iomaíochas, feabhsóidh siad soghluaisteacht agus coinneoidh siad forbairt réigiúnach chothrom ar bun ar fud an Aontais. Léirítear i bhFíor 30 an cistiú atá leithdháilte ar réimsí beartais a bhaineann leis an aeráid mar sciar den chaiteachas iomlán ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó Interreg maidir le gníomhú ar son na haeráide.

PUBLIC

Faoin 30 Meitheamh 2025, bhí thart ar 45 % de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus 61 % den Chiste Comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 leithdháilte ar thionscadail shonracha.

### *An Ciste um Aistriú Cóir*

Soláthraíonn an Ciste um Aistriú Cóir EUR 19.7 billiún chun cabhrú leis na daoine agus na réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú chuig aeráidneodracht difear dóibh, amhail limistéir ina bhfuil mianaigh ghuail á ndúnadh nó ina bhfuil tionscal trom ag athrú. Faoi láthair, tacaíonn sé le 96 réigiún ar mór a lorg guail agus carbóin le pleananna saincheaptha um aistriú cóir, mar shampla trí thacú le héagsúlú an gheilleagair áitiúil, agus trí chabhrú le daoine scileanna nua a shealbhú. Bainfidh suas le 120 000 duine dífhostaithe tairbhe as an mbeart agus gheobhaidh beagnach 200 000 duine scileanna nua.

Tá an Ciste um Aistriú Cóir ag bogadh ar aghaidh: Bhí 47 % den chiste sannta do thionscadail cheana féin faoi mhí an Mheithimh 2025, suas ó 22 % in aghaidh na bliana roimhe sin. Tá mórdhifríochtaí idir an dul chun cinn. Tá gach tionscadal roghnaithe ag an Eastóin agus Málta agus tá beagnach gach tionscadal atá le maoiniú roghnaithe ag Lucsamburg, an tSualainn agus an Ísiltír. Ar an taobh eile, tá níos lú ná 10 % den bhuiséad iomlán sannta ag an mBeilg, ag an Ungáir agus ag an mBulgáir.

### *Ciste Sóisialta na hEorpa*

Sa chlárthréimhse 2021-2027, tá Ciste Sóisialta na hEorpa Plus ag infheistiú EUR 5.7 billiún i scileanna glasa agus i bpoist ghlasa agus i mbearta agus athchóirithe a thacaíonn leis an ngeilleagar glas. Áirítear leis sin uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, tacaíocht d'oibrithe iomarcacha nó d'oibrithe atá ag obair d'fhiontair a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh nó oiliúint a chur ar dhaoine fostaithe agus dífhostaithe i scileanna glasa.

# 8. Gníomhú idirnáisiúnta ar son na haeráide

**Príomh-bhuaicphointí**

- Bhí ról tábhachtach ag an Aontas ag COP29 san Asarbaiseáin chun teacht ar chomhaontú maidir leis an sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann tar éis 2025 maidir le maoiniú don aeráid agus maidir le bailchríoch a chur ar rialacha Chomhaontú Pháras maidir le margaí idirnáisiúnta carbóin.
- Thíolaic an tAontas a chéad tuarascáil dhébhliantúil trédhearcachta i mí na Samhna 2024, ina dtugtar dea-shampla faoi chreat trédhearcachta feabhsaithe Chomhaontú Pháras agus maidir le gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide a chur chun feidhme.
- Tháinig airí aeráide an Aontais ar chomhaontú maidir le rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta roimh COP30, le sprioc tháscach 2035 laghdú idir 66,25 % agus 72,5 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990.
- Neartaigh an tAontas a idirphlé maidir leis an aeráid le príomhthíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear an tSín, an Bhrasaíl, an India, an Afraic Theas agus Ceanada.
- In 2024, gheall an Coimisiún EUR 4.6 billiún a sholáthar i maoiniú don aeráid. Den mhéid sin, gealladh 27 % don oiriúnú, 46 % don mhaolú, agus 27 % do ghníomhaíochtaí trasghearrtha lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe araon.

Tá ról nach beag ag an Aontas maidir le gníomhaíocht dhomhanda a chur chun cinn chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach trí oibriú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal déthaobhach araon. Cuimsíonn a thionchar tacaíocht airgeadais, caibidlíocht faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras, rannpháirtíocht taidhleoireachta, fothú acmhainneachta, agus ceannaireacht rialála.

## 8.1 Rannpháirtíocht iltaobhach

Le bliain anuas, chuaigh an tAontas i mbun roinnt **cruinnithe idirnáisiúnta ardleibhéil agus teicniúla** chun leibhéal níos airde uaillmhéine a éileamh ar an leibhéal domhanda sa chaibidlíocht maidir leis an aeráid, chun trédhearcacht a mhéadú, chun acmhainní a shlógadh agus chun eolas a roinnt maidir le gníomhú ar son na haeráide le linn comhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos luainí.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí straitéis idirnáisiúnta i láthair chun áit na hEorpa i margaí domhanda a dhaingniú. Cuireann fís nua dhomhanda aeráide agus fuinnimh an Aontais tairiscint an Aontais i láthair don domhan: an taidhleoireacht a úsáid chun ár bpríomhleasanna a chosaint, caighdeáin a chur chun cinn le haghaidh aistriú cothrom trí chúnamh a thabhairt dár

gcomhpháirtithe a gcuid comhpháirtithe a fhorbairt, agus aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus na dúshláin nua slándála a chuireann leasanna na hEorpa agus leasanna ár gcomhpháirtithe araon i mbaol.

### Comhaontú Pháras a chur chun feidhme

Ghlac an tAontas páirt chuiditheach ag COP29 san Asarbaiseáin chun na príomh-shainorduithe a leagadh síos don chomhdháil a bhaint amach. Tháinig na páirtithe ar chomhaontú maidir le **sprioc chainníochtaithe chomhchoiteann** nua tar éis 2025 maidir le maoiniú don aeráid, ina leagtar amach go mbeidh an fhorbairt ar thús cadhnaíochta maidir le USD 300 billiún ar a laghad a sholáthar agus a shlógadh in aghaidh na bliana faoi 2035 do thíortha i mbéal forbartha le haghaidh gníomhú ar son na haeráide, ó réimse leathan foinsí, agus moltar do thíortha i mbéal forbartha ranníocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn deonach. Comhlánaítear an sprioc nua le hiarraidh ar na gníomhaithe uile oibriú le chéile chun go mbeifear in ann maoiniú a uas-scálú do thíortha i mbéal forbartha ó gach foinse phoiblí agus phríobháideach, go USD 1,3 trilliún ar a laghad in aghaidh na bliana.

Ba phríomhthoradh eile é bailchríoch a chur ar an **leabhar rialacha le haghaidh margaí carbóin** (faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras). Agus comhar trédhearcach agus ardsláine á chur chun cinn, cuideoidh na rialacha sin le tíortha a spriocanna aeráide a ardú agus a bhaint amach.

An 21 Samhain 2024, thíolaic an tAontas a **chéad tuarascáil dhébhliantúil trédhearcachta**. Sonraítear sa tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh chun sprioc 2030 a bhaint amach agus an dul chun cinn maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí bheartais agus bhearta aeráide an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus athléimneacht a chothú in aghaidh an athraithe aeráide. Sonraítear ann freisin na ranníocaíochtaí a rinneadh le fothú acmhainneachta idirnáisiúnta agus le maoiniú don aeráid. Féach Caibidil 5 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo chun tuilleadh sonraí a fháil.

> Tá an tuarascáil dhébhliantúil trédhearcachta ar fáil ar shuíomh gréasáin UNFCCC.

Faoi **chlár oibre maolaithe** UNFCCC, roinn an tAontas dea-chleachtais agus réitigh mhaolaithe d’fhoirgnimh agus do chórais uirbeacha (an 4ú hidirphlé domhanda agus imeachtaí atá dírithe ar infheistíocht i mí Dheireadh Fómhair 2024) agus d’earnáil na foraoiseachta (5ú idirphlé domhanda agus imeachtaí atá dírithe ar infheistíocht i mí na Bealtaine 2025). Mar chuid den chlár oibre um aistriú cóir, ghlac an tAontas páirt in dhá idirphlé um aistriú cóir chun taithí agus dea-chleachtais a roinnt maidir le hathléimneacht chóir in aghaidh an athraithe aeráide agus conairí córa um aistriú fuinnimh.

Maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, chuaigh an tAontas i dteagmháil go gníomhach le tíortha eile chun dul chun cinn a dhéanamh faoi chlár oibre Aontas na nÉimíríochtaí

Arabacha-Belém maidir le táscairí oiriúnúcháin. Tá gá leis sin chun '**Creat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le hathléimneacht dhomhanda in aghaidh an athraithe aeráide**' a glacadh ag COP28 in 2023 a chur chun feidhme agus chun an sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú a bhaint amach.

PUBLIC

Chun ullmhú don 30ú Comhdháil na bPáirtithe (COP30) in Belém i mí na Samhna 2025, molann an tAontas go cuiditheach sa chaibidlíocht cinntí rathúla a dhéanamh maidir leis na torthaí a dtugtar tuairisc orthu sna sainorduithe. Áirítear orthu sin na táscairí a bhaint amach chun an dul chun cinn i dtreo na **sprice domhanda maidir le hoiriúnú** a rianú, teacht ar chomhaontú maidir leis an **bplean gníomhaíochta inscne** agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé ar **threochlár Baku go Belém** go USD 1,3 trilliún, arb é is aidhm dó sreafaí an mhaoinithe don aeráid chuig tíortha i mbéal forbartha a mhéadú. Leanann an tAontas de bheith rannpháirteach sna comhlachtaí comhdhéanta a bunaíodh chun tacú leis na páirtithe agus leis an bpróiseas idir-rialtasach faoi UNFCCC, d'fhonn na torthaí a luaitear sna sainorduithe a bhaint amach.

### Cur chun feidhme thorthaí an chéad athbhreithnithe dhomhanda agus rannchuidiú an Aontais arna chinneadh go náisiúnta

Ag tógáil ar thorthaí an chéad athbhreithnithe dhomhanda, agus chun móiminteam an chomhaontaithe cómhargála garsprice maidir leis an aistriú fuinnimh a choinneáil, bhí an tAontas i gceannas ar sheoladh an **fhóraim dhomhanda um aistriú fuinnimh** i mí Eanáir 2025. Tugann an fóram ceannairí, airí agus grúpaí páirtithe leasmhara le chéile agus tá sé d'aidhm aige a chinntiú go ndéanfar na gealltanais chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan tríd an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus an éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt a chomhtháthú sa chéad bhabhta eile de rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta.

Chomhaontaigh an tAontas freisin a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a thíolacadh, roimh COP30, le sprioc tháscach 2035 idir 66,25 % agus laghdú 72,5 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990.

### Páirt a ghlacadh i bhfóraim iltaobhacha agus ilpháirtithe eile

Le hobair an Aontais leis na Náisiúin Aontaithe agus lena ghníomhaireachtaí, leantar d'aistriú glan agus ard-uaillmhian aeráide a chur chun cinn. **Le glacadh an Chomhshocraithe don Todhchaí** ag an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, athdhearbhaíodh an gá atá le gníomhaíocht níos láidre in aghaidh an athraithe aeráide. Ag an 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, leag an tAontas béim ar a ghealltanais aeráide agus a uaillmhian ag imeacht ardleibhéil na gceannairí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus roinn sé a fhís maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite ag an gcruinniú mullaigh domhanda maidir le fuinneamh in-athnuaite.

Tá an tAontas fós ina phríomh-rannpháirtí in **G7 agus G20**, d'fhonn gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn. D'ainneoin brúnna geopholaitiúla, rinneadh dul chun cinn

sna fóraim sin le bliain anuas. D'iarr G7 go ndéanfadh mórgheilleagair laghduithe tapa móra ar astaíochtaí, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le cumhacht ghuail gan staonadh sa chéad leath de 2030, agus d'fhormhuinigh G20 '**clár oibre d'uaillmhian feabhsaithe**' chun 1.5c a choinneáil insroichte. Mhol an tAontas don dá fhóram teacht ar chomhaontú maidir le céimeanna nithiúla chun Comhaontú Pháras agus an t-athbhreithniú domhanda a chur i gcrích.

PUBLIC

Tá an tAontas fós gníomhach sa **Chlub Aeráide**, fóram ardleibhéil le haghaidh dícharbónú tionscail. Díríonn gníomhaíochtaí an chlub go príomha ar tháirgeadh cruach agus stroighne a dhícharbónú. In 2024, sheol an club ardán meaitseála domhanda a ceapadh chun dlús a chur le dícharbónú tionscal a astaíonn go trom i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha trí nascadh le réitigh theicniúla agus airgeadais.

D'oibrigh an tAontas le **ECFE** freisin chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí. Ghlac sí páirt in obair roinnt comhlachtaí maidir leis an athrú aeráide amhail an Coiste um Beartas Comhshaoil agus na Meithleacha um an Athrú Aeráide agus um Airgeadas agus Infheistíocht le haghaidh Spriocanna Comhshaoil. Ghlac sé páirt freisin san fhóram cuimsitheach maidir le cur chuige um maolú carbóin agus san Ardán Margaidh Carbóin, a sheol ECFE mar fhóraim chun beartais mhaolúcháin agus beartais praghsála carbóin agus margaí a phlé gan bhac.

Mar chuid den Chomhdháil Aireachta um Fhuinneamh Glan, tá feachtas seolta ag an gCoimisiún chun stíleanna maireachtála inbhuanaithe agus cothroime a chur chun cinn chun astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear dearbhú ardleibhéil a d'fhormhuinigh roinnt tíortha, amhail an tSín, an India agus an Bhrasaíl.

Leanann an tAontas d'infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh chun dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil lena gcuirtear leis na bagairtí ar an tsíocháin, ar an gcobhsaíocht, ar an tslándáil agus ar an mbaol go mbainfí an bonn de chosaint na hEorpa. In 2025, d'fhoilsigh an tAontas tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na teachtaireachta comhpháirtí maidir leis an aeráid agus an tslándáil. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil, i measc nithe eile, an chaoi a bhfuil tionchar an díghrádaithe comhshaoil agus an athraithe aeráide ar an tsíocháin, ar an tslándáil agus ar an gcosaint go mór anois i malartuithe le tíortha nach bhfuil san Aontas, le heagraíochtaí réigiúnacha agus le heagraíochtaí amhail ECAT — agus ar an gcaoi a bhfuil tionscnaimh inláimhsithe mar thoradh ar an bhfócas nua sin.

## 8.2 Rannpháirtíocht dhéthaobhach

Leis an rannpháirtíocht dhéthaobhach, cruthaítear deiseanna chun malartú a dhéanamh le tríú tíortha maidir leis an gcaoi a ndéanaimid spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach i dteannta a chéile, chun eolas agus taithí a chomhroinnt maidir le maolú agus oiriúnú, chun léargas teicniúil a thabhairt, léargas a bhaintear as taithí fhairsing an Aontais ar an mbeartas aeráide, lena n-áirítear praghsáil carbóin. Tá ábhair

imní maidir leis an tslándáil aeráide mar chuid freisin de rannpháirtíocht dhéthaobhach an Aontais agus de theagmhálacha rialta le comhpháirtithe réigiúnacha agus sochaí sibhialta.

In 2024 agus 2025, dhírigh an rannpháirtíocht dhéthaobhach le tíortha nach bhfuil san Aontas ar **rannchuidithe uaillmhianacha nua arna gcinneadh go náisiúnta a chur ar fáil faoi COP30**, a bhí ar siúl i mí na Samhna 2025. Eagraíodh roinnt imeachtaí i Meiriceá Laidineach, san Áise agus san Afraic chun malartú a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus rialtais tíortha maidir le samhaltú agus uaillmhian RCN.

Is bunchloch de bheartas aeráide an Aontais í an **phraghsáil carbóin** agus tá sí i gcroílár thaidhleoireacht aeráide an Aontais. Ag tógáil ar a thaithí, oibríonn an tAontas le comhpháirtithe chun feabhas a chur ar bheartais praghsála carbóin amhail córais trádála astaíochtaí nó cánacha carbóin.

Tar éis bailchríoch a chur ar an **leabhar rialacha maidir le margaí carbóin** ag COP29, tá sé d’aidhm ag an Aontas freisin oibriú i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta chun leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le margaí idirnáisiúnta carbóin ardsláine.

Thionscain an tAontas comhar le tíortha amhail an **Bhrasaíl** a ghlac a reachtaíocht maidir leis an margadh carbóin i mí na Nollag 2024, an India, tíortha i gComhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, etc. Comhlánaíonn sé an rannpháirtíocht atá ann cheana le tíortha amhail an tSín agus Ceanada ina bhfuil scéimeanna praghsála carbóin bunaithe cheana féin.

Tá an tAontas i dteagmháil freisin leis na **tíortha is iarrthóirí chun teacht isteach san Aontas** chun a chinntiú go mbeidh siad ailínithe go pras le reachtaíocht aeráide an Aontais. Cuirtear béim ar leith ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le praghsáil carbóin agus ailíniú le rialacha chóras trádála astaíochtaí an Aontais. Tá próiseas an mhéadaithe ag bogadh níos tapúla ná mar a bhí tráth ar bith le 15 bliana anuas. I mí Mheán Fómhair 2025, chuir an tAontas tús foirmiúil le caibidlíocht aontachais leis an Albáin maidir le beartais nascachta glasa agus inbhuanaithe, lena n-áirítear an comhshaol agus an aeráid. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an tAontas scagadh ar reachtaíocht na Moldóive agus na hÚcráine freisin chun a sheiceáil cé chomh réidh atá siad chun dlíthe aeráide an Aontais a leanúint.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le **Comhghuaillíochtaí Glasa** (an tSeapáin, an Iorua agus Ceanada) agus **Comhpháirtíochtaí Glasa** (Maracó agus Poblacht na Cóiré Theas) **atá ann cheana** a chur chun feidhme le hidirphlé agus comhar neartaithe i réimsí atá ábhartha don aistriú glas. I mí Eanáir 2024, seoladh Clár Comhpháirtíochta Glas 4 bliana idir an tAontas agus an Chóiré sa Chóiré Theas. Is é is aidhm don chlár dlús a chur le taidhleoireacht ghlas an Aontais, comhar déthaobhach a chur chun cinn agus tacú le cur chun feidhme na comhpháirtíochta glaise ag an am céanna. Tá clár den chineál céanna, saoráid na comhghuaillíochta glaise, ar siúl sa tSeapáin freisin ó mhí Iúil 2024 i leith.

PUBLIC

I gcomhthéacs an idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus an tSín maidir leis an gcomhshaol agus an aeráid, rinne an tAontas malartú leis an tSín maidir le beartais éagsúla chun dlús a chur leis an aistriú glas, lena n-áirítear maidir le córas trádála astaíochtaí na Síne (arna spreagadh ag córas an Aontais), maidir le samhaltú astaíochtaí agus tionchar an athraithe aeráide, astaíochtaí meatáin a thomhas agus a rialú agus maoiniú don athléimneacht a spreagadh. Trína thaidhleoireacht aeráide, ó na leibhéil pholaitiúla is airde go leibhéil theicniúla, tá an tAontas tar éis an tSín a spreagadh chun a cion féin a dhéanamh chun tacú leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide. Foilsíodh dearbhú comhpháirteach maidir leis an aeráid tar éis an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus an tSín i mí Iúil 2025.

PUBLIC

Chuir an tAontas borradh faoin gcaidreamh leis an **India** trí chuairt ón gColáiste in earrach 2025. Mar thoradh air sin, foilsíodh **clár oibre straitéiseach nua idir an tAontas agus an India** i mí Mheán Fómhair 2025 lena ndírítear, i measc nithe eile, ar an aistriú glas, ar theicneolaíochtaí glana agus ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Tá méadú ag teacht freisin ar an gcomhar teicniúil maidir le praghsáil carbóin agus samhaltú aeráide.

I mí Mheán Fómhair 2025, tionóladh an chéad idirphlé **aireachta** maidir leis an aeráid agus an comhshaol idir an tAontas agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas. Deimhníodh leis an idirphlé tiomantas comhpháirteach don chlár oibre iltaobhach maidir leis an aeráid agus rannpháirtíocht láidir pholaitiúil chun comhoibriú ar mhaithe le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide.

Tá sásra comhair maoinithe, na c**omhpháirtíochtaí um aistriú fuinnimh cóir**, ag dul ó neart go neart san Indinéis. Tá an chomhpháirtíocht i bhfoirm comhaontú USD 20 billiún chun geilleagar cumhachta gualbhreoslaithe na hIndinéise a dhícharbónú. Go dtí seo, tá thart ar USD 1,2 billiún formheasta cheana féin in iasachtaí agus deontais, lena n-áirítear tacaíocht do ghléasra grianchumhachta ar snámh 60 MW i Iáva Thiar.

Tá an chomhpháirtíocht chéanna ag an Aontas leis an tSeineagáil, leis an Afraic Theas agus le Vítneam. Faoina chomhpháirtíocht USD 15 bhilliún, tá dul chun cinn á dhéanamh ag Vítneam freisin maidir le gníomhú ar son na haeráide agus tá mórthionscadail in-athnuaite gar do chéim an fhormheasa.

Faoi **straitéis Global Gateway** an Aontais, is príomhthosaíochtaí san Afraic iad an aeráid agus fuinneamh. Tá torthaí nithiúla á mbaint amach cheana féin ag cur chuige an Aontais. I mí an Mhárta 2025, sheol an tAontas pacáiste infheistíochta EUR 4.4 billiún chun tacú le tionscadail fuinnimh ghlain san Afraic Theas. Chuir an tAontas tús freisin leis an gcaibidlíocht maidir le cineál nua comhaontaithe trádála agus aeráide leis an Afraic Theas — an **chomhpháirtíocht trádála agus infheistíochta ghlan**. Cuideoidh na tionscnaimh sin le cuideachtaí an Aontais a slabhraí soláthair glasa a éagsúlú, iomaíochas an Aontais a neartú agus tacú leis an Afraic Theas a hastaíochtaí a laghdú.

I mí Mheán Fómhair 2025, ag an dara Cruinniú Mullaigh maidir leis an aeráid san Afraic, léiríodh tiomantas an Aontais oibriú le comhpháirtithe san Afraic chun cuspóirí Chomhaontú Pháras agus tacaíocht an Aontais d’aistriú glas agus d’athléimneacht

aeráide na hAfraice a shaothrú. Réitigh sé an bealach freisin don chruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, a bheidh ar siúl in Angóla i mí na Samhna 2025.

Mar chuid den chlár oibre, iarrfar go mbeadh tuilleadh comhair ann chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a mhéadú mar aon le torthaí chruinnithe mullaigh déthaobhacha uile an Aontais le tríú tíortha, amhail an tAontas agus Ceanada, an tAontas agus an tSeapáin, cruinnithe mullaigh idir an tAontas agus an Áise Láir in 2025.

Is príomhionstraim é clár i**dirphlé aeráide** an Aontais chun idirphlé beartais agus comhar maidir leis an mbeartas aeráide a spreagadh idir an tAontas agus ionadaithe ó rialtais, ó ghnólachtaí, ón saol acadúil agus ó eagraíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha i dtíortha nach bhfuil san Aontas, agus é mar sprioc dheiridh aige gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme. Cuireadh tús le céim nua EUR 30 milliún i mí Eanáir 2025 agus beidh sí ar siúl go dtí lár na bliana 2029, ag tacú le cainteanna maidir leis an mbeartas aeráide i 26 thír tosaíochta.

## 8.3 Maoiniú don aeráid agus comhar idirnáisiúnta

In éineacht le maoiniú don aeráid ó fhoinsí príobháideacha, tá ról tábhachtach ag maoiniú poiblí idirnáisiúnta don aeráid chun cuidiú le tíortha i mbéal forbartha Comhaontú Pháras a chur chun feidhme.

Ar an iomlán, is é an tAontas, a Bhallstát agus a institiúidí airgeadais an deontóir maoinithe don aeráid is mó ar domhan, a dheonaíonn thart ar aon trian den mhaoiniú poiblí domhanda don aeráid. In 2024, ranníoc an tAontas agus a Bhallstáit EUR 31.7 billiún i maoiniú don aeráid ó fhoinsí poiblí agus chuir siad EUR 11.0 billiún breise de mhaoiniú príobháideach ar fáil chun tacú le tíortha i mbéal forbartha a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú d’iarmhairtí an athraithe aeráide (le sciar 50/50 idir maolú agus oiriúnú). Téarmaí speisialta níos fabhraí a bhí i gceist le dhá thrian den tacaíocht airgeadais a chuir an tAontas ar fáil go díreach do thíortha eile, agus thacaigh beagnach an ceathrú cuid díobh leis na tíortha is lú forbairt.

In 2024, gheall an Coimisiún EUR 4.6 billiún a sholáthar i maoiniú don aeráid. Den mhéid sin, gealladh 27 % don oiriúnú, 46 % don mhaolú, agus 27 % do ghníomhaíochtaí trasghearrtha lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe araon (féach Tábla 4).

**Tábla 4: Maoiniú geallta don aeráid (2024)**

| | Suim na ngealltanas (EUR milliún) | % den iomlán geallta |
|---|---|---|
| Oiriúnú | 1 221 | 27 % |
| Trasghearrthach | 1 252 | 27 % |
| Maolú | 2 087 | 46 % |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | 4 560 | **100 %** |

Leanann an Coimisiún de bheith ag tacú le tíortha comhpháirtíochta trína ionstraimí maoinithe. Mar shampla, tá 30 % ar a laghad den Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI - an Eoraip Dhomhanda) tiomnaithe do ghníomhú ar son na haeráide. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí i suíomhanna leochaileacha agus i suíomhanna a ndéanann coinbhleacht difear dóibh mar aitheantas ar na hidirthuilleamaíochtaí casta idir an t-athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil, leochaileacht agus coinbhleacht.

Is straitéis EUR 300 billiún é **Global Gateway** chun borradh a chur faoi bhonneagar cliste, glan agus slán i dtíortha comhpháirtíochta, ag díriú ar chúrsaí digiteacha, ar an aeráid, ar fhuinneamh agus ar iompar. Infheistíonn sé freisin i ndaoine, san oideachas, sa taighde agus sa tsláinte. Sampla nithiúil amháin is ea EUROCLIMA, atá mar chuid de Global Gateway, lena bhforbraítear comhpháirtíochtaí idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun aistriú glas cóir a chur chun cinn.

Leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) freisin, socraítear sprioc 18 % maidir le caiteachas ar an athrú aeráide, ar sprioc 20 % a bheidh ann faoi 2027. Is infheistíocht nach bhfacthas riamh cheana EUR 4 billiún í sin atá déanta ag an Aontas chun astaíochtaí a laghdú agus chun cuidiú le tíortha is iarrthóirí athléimneacht a fhorbairt in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide.

Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na stát oileánach beag i mbéal forbartha agus na dtíortha is lú forbairt maidir le maoiniú don aeráid, thionóil an Coimisiún Eorpach, in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, Éire agus an Spáinn, idirphlé aireachta le linn an Cheathrú Comhdháil um Maoiniú na Forbraíochta in Sevilla (30 Meitheamh - 4 Iúil 2025). Shainaithin na hairí, na hoifigigh shinsearacha agus na príomh-chomhpháirtithe an dúshraith do chomhpháirtíocht fhadtéarmach chun feabhas a chur ar mhéid agus inrochtaineacht an mhaoinithe don aeráid do na tíortha leochaileacha sin.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit fós gníomhach maidir le tacaíocht caillteanais agus damáiste, agus níos mó ná USD 400 milliún á ghealladh acu don **Ciste um Fhreagairt ar Chaillteanas agus Damáiste**, agus os cionn USD 25 mhilliún ag teacht ón gCoimisiún Eorpach. Glacann an tAontas páirt ghníomhach freisin in oibríochtú an chiste, mar chomhalta den bhord.

Tá iarrachtaí ar bun freisin chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i ngníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn tríd an gCiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+). Le CEFI+ soláthraítear sraith chuimsitheach uirlisí, lena n-áirítear ráthaíochtaí, deontais agus cúnamh teicniúil, chun infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a shlógadh le haghaidh forbairt inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta. Rannchuidíonn sé, i measc nithe eile, le maolú ar an athrú aeráide, le hoiriúnú don athrú aeráide agus le cosaint agus bainistiú an chomhshaoil. Trí

ionstraimí comhroinnte riosca suas le EUR 40 billiún a thairiscint, d'fhéadfadh CEFI+ níos mó ná leaththrilliún euro a shlógadh in infheistíochtaí do 2021-2027, ón earnáil phríobháideach den chuid is mó.

Leanann an Coimisiún den chomhar maidir le heitlíocht inbhuanaithe trí thacaíocht thiomnaithe do staidéir indéantachta agus cur chun feidhme gnó le haghaidh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe i roinnt tíortha san Afraic agus san India. Thairis sin, leanann an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do go leor tíortha san Afraic agus i Meiriceá Laidineach maidir le soghluaisteacht uirbeach ghlan a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí iompair atá glan agus éifeachtúil (iarnróid agus busanna) a chur chun cinn. Tacaíonn an tAontas freisin leis an bhfothú acmhainneachta sa loingseoireacht faoi chreat glan-nialasachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le conairí muirí glasa a bhunú agus deiseanna a fhiosrú maidir le táirgeadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san earnáil.

PUBLIC